

TÚSLA
An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach

EARLY YEARS INSPECTORATE

Creat Cáilíochta agus Rialála

Seirbhís Cúraim Lae Iomláin agus
Seirbhís Cúraim Lae Páirtaimseartha



Cóipcheart © Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2018

Ba cheart an creat seo a lua mar:

Tusla (2018) *An Creat Cáilíochta agus Rialála: Seirbhís Cúraim Lae Iomláin agus Seirbhís Cúraim Lae Páirteimeartha*, Baile Átha Cliath: An Chigireacht Luathbhlianta, Tusla.

Tá na sainmhínithe ar na seirbhísí bunaithe ar an Acht um Leanaí agus an Teaghlach 2013. Faoi Acht sin, is Seirbhís Luathbhlianta í seirbhís a chuireann seirbhís réamhscoile ar fáil, nó seirbhís aoise scoile. Is ionann seirbhís réamhscoile agus aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, seirbhís cúraim lae nó seirbhís den chineál céanna a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile.

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar leanbh réamhscoile ná leanbh atá faoi bhun sé bliana d'aois, agus nach bhfuil ag freastal ar scoil aitheanta go fóill. Sa Chreat seo, úsáidtear na téarmaí rialála 'seirbhís réamhscoile' agus 'seirbhís luathbhlianta' go hidirmhalartaithe ar fud na cáipéise.

Baineann an Creat Cáilíochta agus Rialála seo le gach Seirbhís Luathbhlianta Cúraim Lae Iomláin agus Cúraim Lae Páirtaimseartha

Seirbhís Luathbhlianta a chuireann seirbhís cúraim lae struchtúrtha ar fáil do leanaí luath-óige ar feadh níos mó ná cúig huaire sa lá is ea Seirbhís Cúraim Lae Iomláin. D'fhéadfaí go n-aireofaí leis an tseirbhís sin seirbhís sheisiúnach do leanaí luathbhlianta nach bhfreastalaíonn ar an tseirbhís cúraim lae iomláin.

Is éard is Seirbhís Cúraim Lae Páirtaimseartha ann Seirbhís Luathbhlianta a chuireann seirbhís struchtúrtha cúraim lae ar fáil do leanaí ar feadh níos mó ná 3.5 uair ach níos lú ná 5 huaire sa lá. D'fhéadfaí go n-aireofaí le cúram lae páirtaimseartha Seirbhís Sheisiúnach Luathbhlianta do leanaí nach bhfreastalaíonn ar an tseirbhís Cúraim Lae Páirtaimseartha.

De réir an tsainmhínithe i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016, tá soláthraí cláraithe freagrach as sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú. Tugtar san Acht seo, chomh maith, an t-údarás do Tusla chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán a chuireann cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí luathbhlianta a fhreastalaíonn ar sheirbhísí chun cinn.

Ar mhaithe le héascaíocht na léitheoireachta, tagraítear don Chreat Cáilíochta agus Rialála go simplí mar 'an Creat' nó 'an CCR' ar fud na cáipéise seo.

Gabhann cáipéisíocht tacaíochta leis an gCreat seo, an méid seo a leanas ina measc:

- » 'Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais agus Cúraim na Luath-Óige a Fhorbairt: Treoir Phraiticiúil', agus
- » 'Samplaí agus Teimpléid do Pholasaithe, Nósanna Imeachta agus Ráitis'.

Is féidir teacht ar an dá dhoiciméad ag: www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/.

Nóta ón údar

Léirmhíniú de chuid Tusla atá sa Chreat-Cháipéis seo ar na ceanglais le haghaidh Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 a chomhlíonadh. Tá na ceanglais sin bunaithe ar an bhfianaise ab fhearr a baineadh ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta den litríocht ar a ndearnadh piarmheasúnú, litríocht a foilsíodh agus nár foilsíodh faoi dheachleachtas maidir le cigireacht agus Seirbhísí Luathbhlianta.

Forbraíodh an cháipéis seo chun na ceanglais maidir le comhlíonadh reachtúil na rialachán a leagan amach ar bhealach soiléir do sheirbhísí cláraithe, páirtithe leasmhara agus tuismitheoirí nó caomhnóirí. Ina theannta sin, cuireann sé eolas ar fáil don bhealach ina dtabharfar faoi chigireachtaí.

Clár Ábhair

Réamhrá	vii
Struchtúr an Chreat Cáilíochta agus Rialála (CCR)	ix
Mír 1	xiii
Giorrúcháin agus acrainmneacha	xiv
Réamheolas	xv
Mír 2	1
Rialachas	1
Rialachán 9: Bainistíocht agus Earcaíocht	2
Rialachán 10: Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis Seirbhís	
Réamhscoile Scríofa	7
Rialachán 11: Leibhéil Soláthair Foirne	9
Rialachán 14: Athbhreithniú ar Sheirbhís Réamhscoile	12
Rialachán 15: Taifead Leanbh Réamhscoile	17
Rialachán 16: Taifead maidir le Seirbhís Réamhscoile	20
Rialachán 17: Faisnéis do Thuismitheoirí	22
Rialachán 31: Fógra Teagmhas	24
Rialachán 32: Gearáin	26
Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh	27
Rialachán 19: Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh	28
Rialachán 20: Saoráidí le haghaidh Sosa agus Súgartha	47
Rialachán 22: Bia agus Deoch	54
Sábháilteacht	57
Rialachán 23: Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Linbh a Chosaint	58
Rialachán 24: Seiceáil Isteach agus Amach agus Taifead ar Fhreastal	70
Rialachán 25: Garchabhair	73
Rialachán 26: Bearta Sábháilteachta ó Dhóiteán	77
Rialachán 27: Maoirseacht	79
Rialachán 28: Árachas	82
Áitreabh agus Saoráidí	83
Rialachán 21: Trealamh agus Ábhair	84
Rialachán 29: Áitribh	87
Rialachán 30: Riachtanais Íosmhéid Spáis	95

Mír 3: Polasaithe, Nósanna Imeachta agus Ráitis	97
Aguisín 1: Ráiteas Cuspóra agus Feidhme	99
Aguisín 2: Polasaí Gearán	100
Aguisín 3: Polasaí ar Chógas a Riaradh	102
Aguisín 4: Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe	104
Aguisín 5: Polasaí ar Iompar a Bhainistiú	107
Aguisín 6: Polasaí ar Chodladh Sábháilte	109
Aguisín 7: Polasaí Sábháilteachta Dóiteáin	111
Aguisín 8: Polasaí Ionchuimsithe	113
Aguisín 9: Polasaí Turas	116
Aguisín 10: Polasaí ar Thimpistí agus Teagmhais	118
Aguisín 11: Polasaí ar Údarú le Leanaí a Bhailiú	121
Aguisín 12: Polasaí ar Bhia Sláintiúil	122
Aguisín 13: Polasaí ar Spraioi Taobh Amuigh	124
Aguisín 14: Polasaí ar Neamhláithreacht Baill Foirne	126
Aguisín 15: Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Fótagrafacha agus Taifeadta	127
Aguisín 16: Polasaí Earcaíochta	129
Aguisín 17: Polasaí Bainistíochta Riosca	132
Aguisín 18: Polasaí maidir le Socrú Isteach	134
Aguisín 19: Polasaí Oiliúna Foirne	135
Aguisín 20: Polasaí ar Mhaoirseacht Foirne	136
Aguisín 21: Ráiteas ar Shábháilteacht	138
Aguisín 22: Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil	140
Aguisín 23: Iniúchadh i gComhthéacs Reachtaíochta Eile	142

Mír 4: Nótaí Mínithe	143
-----------------------------	------------

Réamhrá

D'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016 an 4 Bealtaine agus an 30 Nollaig 2016, faoi seach. Rinneadh foráil sna rialacháin leasaithe sin, a chur le Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, do sheirbhísí aoise scoile a chuimsiú laistigh den sainmhíniú ar Luathbhlianta, agus chuir siad feabhas ar chumhachtaí forfheidhmithe na Cigireachta freisin. Rinne na hathruithe seo an bealach a rialaítear Seirbhísí Luathbhlianta in Éirinn a athrú ó bhonn.

Thug an fhorbairt thábhachtach seo ceanglais nua clárúcháin rialála isteach, ar nós faomhadh agus cigireacht sula mbunaítear seirbhís. I measc na réimsí nua eile a tugadh isteach, bhí an méid seo a leanas:

- » riachtanais íosta cháilíochta don fhoireann;
- » maoirseacht agus oiliúint don fhoireann;
- » forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí;
- » athbhreithniú bliantúil ar sholáthar seirbhíse;
- » riachtanas go n-athchláraíonn seirbhísí reatha laistigh de thréimhse 3 bliana; agus
- » clár náisiúnta seirbhísí.

Leagtar béim nach beag sna rialacháin leasaithe ar rialachas seirbhísí lena chinntiú go mbíonn leanaí a fhreastalaíonn ar Sheirbhísí Luathbhlianta sábháilte, go gcuirtear an cúram cuí ar fáil dóibh agus go mbíonn eispéireas dearfach acu inar féidir leo forbairt agus foghlaim i seirbhís ardchaighdeán.


Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialálaí neamhspleách reachtúil ar Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn. Mar gheall ar an leasú radacach sin agus ar thabhairt isteach na Rialachán 2016, caithfimid leanúint ag tabhairt faoi athchóiriú. D'fhorbair an Chigireacht Luathbhlianta clár tionscnamh chun tacú le cur i bhfeidhm na rialachán, agus díritear ar thairbhí do leanaí i suíomhanna luathbhlianta a fheabhsú ar bhonn gníomhach. I measc na n-athruithe, bhí an méid seo a leanas:

- » lár-Oifig Náisiúnta Clárúcháin a bhunú;
- » córas clárúcháin náisiúnta a thabhairt isteach;
- » cigireachtaí 'Oiriúnacht don Fheidhm' a thabhairt isteach do gach seirbhís nua; próisis agus nósanna imeachta cigireachta nua a chur i bhfeidhm; agus
- » an fhaisnéis go léir gan iarraidh a fuair Tusla a lárú.


I rith na mblianta ó 2014 go 2017, thug an Chigireacht faoi phróiseas forleathan chun acmhainn a chruthú don Earnáil Luathbhlianta. Leagtar amach san acmhainn seo ar bhealach soiléir conas a mheasúnóidh an Chigireacht Luathbhlianta seirbhísí i dtaobh chomhlíonadh na rialachán. Tá an cháipéis seo mar thoradh ar an bpróiseas sin – an Creat Cáilíochta agus Rialála. Tá de chuspóir aige faisnéis agus soiléiriú a sholáthar do sholáthraithe agus páirtithe leasmhara ar na riachtanais nua le haghaidh chomhlíonadh na rialachán.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le tuismitheoirí, soláthraithe cláraithe, eagraíochtaí ionadaíocha, comhaltaí na Cigireachta, na páirtithe leasmhara go léir agus na húdaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta rialála a chuir, i dteannta a chéile, leis an gCreat seo a fhorbairt. D’eascair cáipéis ón comhobair a fheidhmeoidh mar acmhainn chun feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a sholáthraítear do leanaí a thacóidh le torthaí níos fearr do leanaí.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Helen Rouine, Bainisteoir Feabhsaithe Cáilíochta, as an obair fhorleathan a rinne sí chun an Creat a fhorbairt. Is mór an sásamh dúinn é, mar sin, an Creat Cáilíochta agus Rialála seo a thabhairt isteach san Earnáil Luathbhlianta.



Brian Lee
Stiúrthóir Náisiúnta Dearbhaithe
Cáilíochta
Tusla – an Ghníomhaireacht
um Leanaí agus an Teaghlach



Fiona McDonnell
Bainisteoir Náisiúnta
An Chigireacht Luathbhlianta
Tusla – an Ghníomhaireacht
um Leanaí agus an Teaghlach

Struchtúr an Chreata Cáilíochta agus Rialála (an CCR)

Tá ceithre mhír sa Chreat. Déantar cur síos anseo sna boscaí faisnéise ar an méid atá i ngach mír.

Mír 1

Cuimsítear sa mhír seo:

Giorrúcháin agus acrainmneacha – liosta de na téarmaí giorraithe a úsáidtear ar fud an Chreata.

Réamheolas – eolas maidir le cé muid, ról na cigireachta rialála, aidhm agus forbairt an Chreata, agus conas a thugtar faoi chigireachtaí.

Léargas Ginearálta ar an gCigireacht Luathbhlianta – léiriú i bpictiúir agus focail ar chaidreamh na Cigireachta Luathbhlianta le páirtithe leasmhara.

Cigireacht i gComhthéacs Reachtaíocht Eile – faisnéis ar ról na Cigireachta i dtaca le reachtaíocht eile nach dtagann faoi chuimsiú Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016.

Mír 2

Cuimsítear sa mhír seo:

Faisnéis faoi na rialacháin atá grúpáilte faoi na ceithre limistéar seo a leanas:

1. **Rialachas**
2. **Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh**
3. **Sábháilteacht**
4. **Áitreabh agus Saoráidí.**

I measc na gceithre limistéar seo, tá 127 pointe uimhrithe, a bhfuil go leor díobh roinnte ina bhfochatagóirí, a chabhróidh leat chun comhlíonadh a bhaint amach.

Mínítear san fhaisnéis na gnéithe seo a leanas de gach rialachán:

- » **Cuspóir** gach rialacháin – cur síos ar mhéid agus cuspóir an rialacháin.
- » Na **príomhriachtanais le haghaidh comhlíonta** do gach rialachán – an méid nach mór don tseirbhís a léiriú chun an rialachán a chomhlíonadh. Má tá an rialachán fada agus casta, roinntear é ina bhfoghnéithe lena chinntiú go gcumhdaítear gach ceann de na riachtanais.

Mír 3

Cuimsítear sa mhír seo:

Aguisín 1 – 21: Polasaithe, Nósanna Imeachta agus Ráitis – príomhghnéithe na gceanglas rialála.

Forbraíodh na cáipéisí seo a leanas chun cabhrú leat leo seo agus tá siad ar fáil ag: www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/.

- » Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais agus Cúraim na Luath-Óige a Fhorbairt: Treoir Phraiticiúil.
- » Samplaí agus Teimpléid do Pholasaithe, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Aguisín 22: Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil – an tréimhse ama a shonraítear sna rialacháin dá gcoimeádtar gach taifead.

Aguisín 23: Cigireacht i gComhthéacs Reachtaíocht Eile – reachtaíocht eile inar féidir leis an gCigireacht buairt a shainaithint nach dtagann faoi chuimsiú Rialacháin 2016.

Mír 4

Cuimsítear sa mhír seo:

Nótaí Mínithe – nótaí ina mínítear roinnt focal, téarmaí agus frásaí a úsáidtear laistigh den Chreat. Cuirtear na nótaí seo in ord aibítre.

Sula dtosaíonn tú

Tabhair faoi deara, le do thoil, go ndearnamar iarracht chun an fhaisnéis sa cháipéis seo a dhéanamh chomh soiléir agus chomh héasca le léamh agus is féidir. Chun seo a dhéanamh, d'úsáideamar roinnt gléasanna atá éasca le léamh chun treoir a thabhairt duit tríd an gCreat seo.

Cuirtear tús le **Mír 1** le **liosta giorrúchán agus acrainmneacha** a úsáidtear san earnáil chúram leanaí go ginearálta agus sna rialacháin reachtúla, go háirithe. B'fhéidir go mbeidh sé áisiúil duit féachaint ar an liosta seo fad a léann tú an Creat.

Déileáiltear i **Mír 2** leis na **Rialacháin** agus déantar cur síos ann ar chuspóir gach Rialacháin agus na gnéithe a theastaíonn le haghaidh comhlíonta. Ar fud na míre seo, cuirtear **samplaí** ar fáil chun cabhrú leis na ceanglais chomhlíonta a shoiléiriú. Tá na samplaí le feiceáil faoi **scáthú gorm** faoin bpointe lena

mbaineann siad. Cuimhnigh, le do thoil, tá de chuspóir na samplaí a thugtar gan ach a thaispeáint nó a thabhairt le fios conas is féidir comhlíonadh a shásamh. Ní chiallaíonn se gurb é an sampla an t-aon bhealach chun comhlíonadh a bhaint amach. B'fhéidir go gcabhróidh na samplaí, áfach, chun an rialachán a mhíniú agus roinnt smaointe a thabhairt duit faoi conas is féidir leat seirbhís chomhlíontach a dhéanamh de sheirbhís.

Baineann **Mír 3** le **Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis**. Sonraítear na croíriachtanais i ngach beartas, nós imeachta agus ráiteas.

Nótaí Mínitheacha an teideal atá ar **Mhír 4**. Is iomaí focal, frása agus téarma a bhfuil ciall ar leith acu laistigh de chomhthéacs na gceanglas reachtúil rialála san earnáil Oideachas agus Cúram na Luath-Óige. Sa mhír seo, tugaimid sainmhíniú ar na téarmaí in ord aibítire, agus, i gcásanna áirithe, tugaimid faisnéis bhreise faoin téarma anuas ar a shainmhíniú.

Chomh maith leis sin, tabharfaidh tú faoi deara an focal **'Féach...'** ag deireadh roinnt cur síos ar rialacháin. Nuair a úsáidtear seo, leanfaidh uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha do rialachán nó uimhir nó uimhreacha aguisín – mar shampla, 'Féach Rialachán 10' nó 'Féach Aguisín 2'. Tugann seo cuireadh duit an rialachán nó an t-aguisín atá á léamh agat a chur i gcomparáid le rialacháin nó aguisíní eile, d'fhonn gur féidir leat a fheiceáil conas a bhfuil ceangal eatarthu.

Ar fud an Chreata, tá roinnt **fonótaí**, chomh maith. Nótaí iad seo atá ag bun an leathanaigh a d'fhéadfadh a thabhairt le fios cá féidir leat teacht ar fhaisnéis bhreise faoi ábhar ar leith, nó b'fhéidir nach ndéanfaidís ach cabhrú leat chun ciall focail nó frása a mhíniú.

Chomh maith leis sin, ar fud an Chreata, úsáidimid **hipearnasc**– roinnt focal nó frásaí a bhfuil líne fúthu agus i [dtéacs gorm](#). Hipearnasc atá sa téacs gorm. Má bhíonn léamh ar an scáileán á dhéanamh agat, cliceáil hipearnasc agus tabharfar thú chuig faisnéis faoin ábhar atá faoi thrácht – mar shampla, b'fhéidir go ndéanfaidh sé nasc leis an téarma sna Nótaí Mínitheacha. Nó, b'fhéidir go dtabharfaidh sé thú chuig láithreán gréasáin má bhíonn rochtain ar an idirlíon ag do ghléas. Mar shampla, tá nasc sa Ráiteas Cuspóra agus Feidhme i Rialachán 10 le hAguisín 1 ina leagtar amach croíriachtanais an ráitis seo.

Más mian leat **cuardach a dhéanamh** ar fhocal nó ábhar ar leith, féadfaidh tú é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfuinneog chuardaigh nó aimsithe. Brúigh síos an cnaipe 'Ctrl' agus cliceáil eochair 'F'. Nó, féadfaidh tú dul a fhad le do bharra uirlisí agus cliceáil 'Cuir in Eagar' agus an rogha 'Aimsigh' a roghnaigh ón roghchlár anuas.

Tá súil againn go gceapann tú go bhfuil na gléasanna seo áisiúil de réir mar a léann tú tríd an gCreat.

Giorrúcháin agus acrainmneacha

ACRO	An Oifig Taifead Coiriúil, an Ríocht Aontaithe	FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
AIM	An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe	ICPC	Deimhniú um Chosaint Leanaí Idirnáisiúnta
AISTEAR	Creat-Churaclam na Luath-óige	IMEB	Bord Oideachais Montessori na hÉireann
CCCs	Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí	IUQB	Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann
CCTV	Teilifís Chiorcaid Iata	LINC	Ceannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta
FP (CE)	Fostaíocht Phobail	NAEYC	An Cumann Náisiúnta um Oideachas Leanaí Óga
CECDC	An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige	NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CCPC	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	ÚNM (NDA)	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
CMI	Feighlíocht Leanaí Éireann	CNC (NFQ)	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
RLGÓ (DCYA)	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	NGAI	Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
ROS (DES)	An Roinn Oideachais agus Scileanna	NSAI	Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann
RSL (DHC)	An Roinn Sláinte agus Leanaí	NVB	An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin
RPCA (DPER)	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
ECI	Luath-óige Éireann	OWL	Observe, Wait, Listen (Breathnaigh, Fan, Éist)
COLÓ (ECCE)	Cúram agus Oideachas na Luath-óige	PHECC	An Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil
ECEC	Oideachais agus Cúram na Luath-Óige	PIF	Foirmle Phúdrach do Naíonáin
EYI	An Chigireacht Luathbhlianta	PNC	Ríomhchóras Náisiúnta na bPóilíní
FAR	Freagairt Garchabhrach	DCCÉ (QQI)	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
FETAC	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	CCR (QRF)	Creat Cáilíochta agus Rialála
SF (FOI)	Saoráil Faisnéise	CNACL (UNCRC)	Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh
HETAC	Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	UNESCO	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
ÚSS (HSA)	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	EDCL (VCOs)	Eagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí

Réamheolas

Cé muid

Gníomhaireacht thionmnaithe Stáit is ea [an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach \(Tusla\)](#) atá freagrach as feabhas a chur ar fholláine agus torthaí do leanaí. Tá obair na Cigireachta Luathbhlianta treoraithe ag fíis, misean, luachanna agus iompar Tusla, faoi mar a leagtar amach i [bPlean Corparáideach](#) reatha Tusla.

Ina ról uathúil mar an rialálaí neamhspleách reachtúil ar sheirbhísí leanaí, tugann an Chigireacht Luathbhlianta faoi chigireacht ar sheirbhísí cláraithe atá liostaithe ar an [gClár Seirbhísí Luathbhlianta](#) chun cáilíocht, sábháilteacht agus cúram cuí leanaí a chur chun cinn. Oibríonn an [Chigireacht Luathbhlianta](#) laistigh de Tusla faoi [Chuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013](#).

Sainaithníodh a lán tairbhí a bhaineann le rialáil i Seirbhísí Luathbhlianta.

Áirítear leo sin:

- » leanaí a chosaint ar dhíobháil;
- » a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin rialála;
- » tacú le haistriú caighdeáin cáilíochta isteach i gcleachtas;
- » dearbhú a sholáthar do thuismitheoirí agus don phobal go mbaineann seirbhísí cáilíocht chomhsheasmhach amach; agus
- » tagarmharcanna a leagan amach d'fhonn gur féidir le soláthraithe seirbhíse seirbhísí a fhorbairt, a fheabhsú agus a choimeád do leanaí.

Prionsabail threoracha

Léiríonn an Chigireacht Luathbhlianta bunluachanna Tusla ina cuid oibre. Is iad sin iontaobh, meas, ionbhá, oibriú le chéile agus ionracas. Déanann deachleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta eolas dá hobair, ach cuimhnítear ar ghnéithe uathúla an chomhthéacs in Éirinn chomh maith.

Buntacaíonn na prionsabail agus luachanna seo a leanas le hobair na Cigireachta. Déanann an Chigireacht Luathbhlianta:

- » meas a léiriú ar ghairmiúlacht, eolas agus saineolas na ndaoine a oibríonn san earnáil luathbhlianta;
- » meas a léiriú ar na dearcthaí éagsúla fealsúnacha agus cuir chuige oideolaíocha (teagaisc) atá ann i soláthar luathbhlianta in Éirinn;
- » sábháilteacht, sláinte, leas, forbairt agus cúram an linbh i soláthar luathbhlianta a chur chun cinn ar aon dul le Rialacháin;

- » cuntasacht a ghlacadh, agus tá sí tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán chigireachta a chur ar fáil, seirbhís a mbeidh tionchar dearfach aici ar thaithí leanaí i seirbhísí luathbhlianta; agus
- » dianphróiseas cigireachta atá cothrom, réasúnach, follasach, neamhchlaonta agus comhréireach i gcónaí a úsáid, agus coinníonn sí folláine leanaí i gcroílár na cigireachta.

Meas a léiriú ar chúram agus oideachas an linbh

Aithníonn an Chigireacht Luathbhlianta an méid seo a leanas:

- » tá gach leanbh uathúil agus tá cearta doshannta acu faoi mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh;
- » is tráth tábhachtach agus éagsúil é an luath-óige agus ní mór leanaí a chothú, meas a léiriú orthu, agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina gceart féin le linn an trátha sin;
- » tá indibhidiúlacht, buanna, cearta agus riachtanais an linbh i gcroílár soláthair oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán;
- » tá sé de cheart ag leanaí go n-éistear leo agus go dtugtar freagairt chuí orthu;
- » caithfear sláinte, folláine, sábháilteacht, cúram agus oideachas leanaí a chosaint agus a chur chun cinn ag gach tráth i ngach timpeallacht luath-óige;
- » is bunchloch fholláine an linbh iad caidrimh dhearfacha atá slán, freagrúil agus a léiríonn meas agus a sholáthraíonn comhsheasmhacht agus leanúnachas le himeacht ama; agus
- » bealach lárnach is ea súgradh chun tacú le foghlaim, cruthaitheacht agus forbairt leanaí.

Aidhm an CCR

Is é aidhm an Chreata cabhrú le agus tacú le Seirbhísí cláraithe Luathbhlianta chun Rialacháin 2016 a chomhlíonadh. Leagtar amach sa Chreat seo léirmhíniú na Cigireachta Luathbhlianta ar na rialacháin seo ar bhealach trédhearcach. Léirítear ann an scóip maidir le conas a mheasúnóidh an Chigireacht seirbhísí i dtaca le comhlíonadh na rialachán seo agus, dá réir sin, déanfaidh sé sin cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a sholáthraítear do leanaí a chur chun cinn.

Tá súil againn leis go ndéanfar an Creat seo a athbhreithniú faoi cheann cúig bliana, agus níl súil againn leis go mbeidh orainn leasuithe a dhéanamh idir an dá linn. B'fhéidir go mbeadh gá le hathbhreithniú, áfach, má thagann athrú ar rialacháin, nó

má thugann torthaí suntasacha ó thaighde le fios go dteastaíonn athrú chun tacú le deachleachtas. Más gá dúinn an Creat a leasú, déanfaimid sin go córasach agus rachaimid i dteagmháil agus i gcomhairle leat agus le daoine eile.

Forbairt an CCR

Sa bhliain 2014, thug Tusla faoi thaighde ar cháilíocht seirbhísí réamhscoile bunaithe ar anailís a rinneadh ar bhreis agus 3,000 tuarascáil chigireachta. Sainaithníodh sna torthaí taighde gá chun na leibhéil fianaise atá de dhíth i dtaca le comhlíonadh rialála a fhorbairt agus a leagan amach go soiléir. Mar sin, sa bhliain 2015, thosaigh an Chigireacht Luathbhlianta le leibhéil chaighdeánaithe fianaise atá de dhíth i dtaca le gach rialúchán a fhorbairt. Sholáthair an próiseas seo bunlíne chun an CCR a fhorbairt i gcaitheamh 2016 agus 2017.

Tugtar le chéile sa CCR taighde agus deachleachtas fianaisebhunaithe, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le Seirbhísí Luathbhlianta. Tá an Creat leanbhíarnach agus díreítear go sonrach ann ar cháilíocht agus sábháilteacht an chúraim a sholáthraítear go díreach do leanaí a úsáideann na seirbhísí.

Forbraíodh an CCR i gcomhairle leis na grúpaí agus gníomhaireachtaí seo a leanas:

- » Ionadaithe gach páirtí leasmhar in Earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) in Éirinn.
- » Eagraíochtaí reachtúla agus rialála nach bhfuil baint dhíreach acu le COLÓ, ach ar féidir lena n-obair tionchar a imirt ar sholáthar COLÓ. Mar shampla – Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus mar sin de.
- » Údaráis rialála idirnáisiúnta COLÓ agus an Coimisiún Eorpach.

Rinne an reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta araon eolas don CCR chomh maith, chomh maith le cáipéisí polasaithe agus treorach san Earnáil COLÓ. Mar shampla:

- » [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh \(an CNACL\)](#), a dhaingnigh Éire i 1992.
- » [Príomhphrionsabail Creata Cáilíochta, an Coimisiún Eorpach](#) 2014.
- » Foilseacháin de chuid [na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige](#), mar shampla:
 - [Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirínte maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige](#) (an RLGÓ 2016).
 - [An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe](#) (an RLGÓ 2016).
 - [Right from the Start](#) (RLGÓ 2013).
 - [Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile](#) (RLGÓ 2014).

- » [Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta](#) (ROS 2016).
- » [Tús Níos Fearr](#) (an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta 2015).
- » [Síolta](#), an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige (CECDE 2006).
- » [Aistear](#), Creatchuraclam na Luath-Óige (NCCA 2009).
- » [An Treoir Chleachtais Aistear Síolta](#) (NCCA 2015).
- » Rialáil Seirbhísí Luathbhlianta i nDlínsí eile.

Féadfaidh tú teacht ar an tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin ag: www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/.

Cuspóir na cigireachta rialála

Tá de chuspóir na cigireachta rialála [faoi Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasú\) 2016](#) an méid seo a leanas a dheimhniú:

- » déantar dearialáil ar an tseirbhís;
- » tacaítear le sláinte, leas agus forbairt gach linbh;
- » tá leanaí sábháilte sa tseirbhís;
- » tá an t-áitreabh sábháilte, oiriúnach agus cuí do chúram agus oideachas leanaí.

Modheolaíocht na cigireachta – conas a dhéantar cigireachtaí

Nuair a bhíonn cigireacht á déanamh ar sheirbhís, bailítear fianaise ábhartha trí úsáid a bhaint as modh ‘an triantánaithe’. Ciallaíonn triantánú roinnt bealaí a úsáid chun faisnéis a bhailiú seachas brath ar bhealach amháin. Is féidir an fhaisnéis a chros-seiceáil ansin féachaint an bhfuil na torthaí comhsheasmhach. Trí úsáid a bhaint as an gcur chuige seo, déantar measúnú níos cruinne agus níos mionsonraithe ar an tseirbhís.

Bailítear an fhianaise ar na bealaí seo a leanas:

- » Déantar athbhreithniú ar an bhfaisnéis agus an cháipéisíocht a sheoltar ar aghaidh san iarratas ar chlárú.
- » Scrúdaítear fianaise dhoiciméadach ar conas atá na rialacháin á gcur i bhfeidhm laistigh den tseirbhís. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta, athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid na seirbhíse agus na leanaí, ar thaifid chúraim agus chlár agus scrúdú a dhéanamh ar uainchláir foirne.

- » Cuirtear agallaimh agus comhairliúcháin ar bun leis an mbainistíocht agus an fhoireann.
- » Déantar breathnú díreach ar chleachtais oibríochtúla sa tseirbhís i rith na cigireachta. Áirítear leis seo breathnú ar chúram, súgradh, idirghníomhú na foirne agus na leanaí, agus mar sin de.
- » Déantar athbhreithniú ar an áitreabh agus saoráidí.

Deimhnítear comhlíonadh trí scrúdú a dhéanamh ar fhianaise faoi na ceithre réimse leis an méid seo a leanas a dheimhniú:


- » déantar dearialáil ar an tseirbhís;
- » tacaítear le sláinte, leas agus forbairt gach linbh;
- » tá na leanaí sábháilte sa tseirbhís; agus
- » tá an t-áitreabh sábháilte, oiriúnach agus cuí do chúram agus oideachas leanaí.

Iniúchadh i gComhthéacs Reachtaíocht Eile

Caithfidh gach [soláthraí cláraithe](#) a chinntiú go gcomhlíonann an tseirbhís ceanglais reachtúla atá ag gach gníomhaireacht ábhartha reachtúil. I rith na cigireachta, féadfaidh an cigire Luathbhlianta ábhair inní maidir le sábháilteacht leanaí a shainaithint a bhaineann le reachtaíocht eile nach bhfuil laistigh de shainchúram na Rialachán 2016, agus a bhfuil tionchar diúltach á n-imirt acu ar shláinte, leas agus/nó sábháilteacht linbh a fhreastalaíonn ar do sheirbhís. Má tharlaíonn sé seo, féadfaidh an cigire iarraidh ar an tseirbhís chun faisnéis a sholáthar i dtaca le haon riosca(í)¹. Mura bhfuil Tusla sásta leis an bhfaisnéis a sholáthraítear, féadfaidh sé an cheist a chur faoi bhráid na gníomhaireachta ábhartha reachtúla. [Féach Aguisín 23](#) chun teacht ar réimsí reachtaíochta ina bhféadfaí ábhair inní a shainaithint agus atreoruithe a dhéanamh. I ngach cás, cuirtear an t-atreorú agus an chúis leis an atreorú in iúl don soláthraí cláraithe roimh ré.

¹ Ceanglaítear i Rialachán 33(1), Faisnéis a Sholáthar don Gníomhaireacht (Tusla), de Rialachán an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016, go soláthraíonn soláthraí cláraithe aon fhaisnéis don Gníomhaireacht a d'fhéadfadh bheith ag teastáil uaidh go réasúnta chun Rialachán 2016 a fhorfheidhmiú agus a fhorghníomhú.

Léargas Ginearálta ar Chigireacht Luathbhlianta Tusla: Príomhchaidrimh



Tugtar léargas ginearálta ar an gCigireacht Luathbhlianta sa ghrafaic faisnéise thuas, chomh maith leis na príomhchaidrimh atá de dhíth chun sábháilteacht agus folláine gach linbh agus a dteaghlaigh a úsáideann Seirbhísí Luathbhlianta a chinntiú.

Tá Cigireacht Luathbhlianta Tusla ag tabhairt faoi chlár athchóirithe agus forbartha faoi láthair. Táimid feasach ar ár gcomhpháirtithe go léir, agus táimid airdeallach, mar rialálaí reachtúil, chun bheith neamhchlaonta agus neamhspleách inár mbreithiúnais rialála. Oibrímid i gcomhar leis an Earnáil Luathbhlianta chun comhlíonadh na Rialachán um Chúram Leanaí 2016 a chur chun cinn. Uaireanta oibrímid le grúpaí páirtithe leasmhara chun tuiscint a chur chun cinn agus chun feabhsú cáilíochta agus seirbhíse laistigh den earnáil a spreagadh.

An Leanbh agus an Teaghlach: Tá cáilíocht, sábháilteacht agus cúram cuí gach linbh agus a dteaghlaigh a úsáideann Seirbhísí Luathbhlianta a chur chun cinn i gcroílár chuspóir na Cigireachta Tusla.

Seirbhís Luathbhlianta: Oibriú i gcomhar le teaghlaigh chun tacú le gach leanbh agus chun cur ar a gcumas eispéireas dearfach a bheith acu sa suíomh luathbhlianta, agus chun é sin a chur chun cinn.

Cigireacht Luathbhlianta Tusla: An rialálaí reachtúil atá freagrach as seirbhísí luathbhlianta a chlárú agus cigireacht a dhéanamh orthu aon dul le ceanglais rialála.

Fóram Comhairliúcháin: An Grúpa Comhairliúcháin Luathbhlianta de chuid Tusla, áit a gcuireann ionadaithe agus páirtithe leasmhara luathbhlianta le hathchóiriú agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar an gCigireacht Luathbhlianta.

Fóram Tacaíochta Rialála: Comhthionscnamh idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Chigireacht Luathbhlianta Tusla. Is é aidhm an fhórait deis a sholáthar chun eagraíochtaí tacaíochta a chur ar an eolas maidir leis na próisis laistigh den Chigireacht, chun a chur ar chumas na n-eagraíochtaí sin tacaíocht, comhairle agus oiliúint a sholáthar dóibh siúd a oibríonn san Earnáil Luathbhlianta.

Eagraíochtaí Oideachais agus Oiliúna: Cuirtear ionadaithe eagraíochtaí oideachais agus oiliúna ar an eolas ar fhaisnéis ábhartha rialála agus déanann siad í a roinnt.

Tús Níos Fearr, an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta: Seirbhís forbartha cáilíochta náisiúnta a thacaíonn le agus a fheabhsaíonn cáilíocht sna seirbhísí luathbhlianta. Soláthraíonn sé Sainfhoireann Luathbhlianta chun oibriú go díreach i gcáil mheantóireachta le seirbhísí luathbhlianta. Cuireann Tús Níos Fearr le hacmhainní cáilíochta eile, cosúil le hoiliúint, cláir forbartha gairmiúla leanúnaí, líonrú, grúpaí tacaíochta de shaghas braisle agus obair forbartha aonair nó foireannbhunaithe a sholáthraíonn na Coistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach agus na hEagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí.

An Chigireacht um Oideachas Luathbhlianta: Tá an Chigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht soláthair an oideachais i suíomhanna luathbhlianta a ghlacann páirt i gClár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ). Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) faoi cháilíocht na foghlama a fheabhsú do leanaí.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ): Díríonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar shaincheisteanna polasaithe a imríonn tionchar ar leanaí a chomhoiriúnú. Is saincheisteanna iad sin i réimsí cosúil le cúram agus oideachas na luath-óige, ceartas i leith an aosa óig, leas agus cosaint leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus daoine óga, obair don ógra agus tionscnaimh trasearnála do leanaí.

An Coimisiún Eorpach: Oibríonn an Coimisiún le ballstáit an AE chun Creat Cáilíochta Eorpach a fhorbairt trasna réimsí a bhaineann le rochtain, lucht saothair, curaclam, monatóireacht agus rialachas.

Mír 2

Rialachas

Is iad na rialacháin a bhaineann leis an limistéar seo:

- **Rialachán 9:** Bainistíocht agus Earcaíocht.
- **Rialachán 10:** Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis Seirbhís Réamhscoile.
- **Rialachán 11:** Leibhéil Soláthair Foirne.
- **Rialachán 14:** Athbhreithniú ar Sheirbhís Réamhscoile.
- **Rialachán 15:** Taifead Leanbh Réamhscoile.
- **Rialachán 16:** Taifead maidir le Seirbhís Réamhscoile.
- **Rialachán 17:** Faisnéis do Thuismitheoirí.
- **Rialachán 31:** Fógra Teagmhas.
- **Rialachán 32:** Gearáin.

Rialachán 9: Bainistíocht agus Earcaíocht

Cuspóir

Mar an [soláthraí cláraithe](#), ní mór duit a chinntiú go bhfuil [struchtúr éifeachtach bainistíochta](#) i bhfeidhm, agus go ndéanfar daoine oiriúnacha a earcú le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a chuirtear ar fáil do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chinntiú. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil [baill foirne inniúil](#) lena ról a dhéanamh trí oiliúint, maoirseacht agus measúnú feidhmíochta cuí a chur ar fáil.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

1. Rialachas

- » Tá socruithe agus struchtúir atá sainithe go soiléir ag an tseirbhís a dhéanann an méid seo a leanas:
 - línte údaráis agus cuntasachta a leagan amach²;
 - ról agus freagrachtaí a shonrú;
 - tá siad oiriúnach do mhéid, éiteas, cuspóir agus feidhm na seirbhíse; agus
 - tá siad doiciméadaithe agus ar fáil.

2. Ról agus Freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an soláthraí cláraithe agus gach duine a oibríonn sa tseirbhís ar a ról agus réimse freagrachtaí sa tseirbhís le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a sholáthraítear do na leanaí a chinntiú.
- » Bhunaigh an soláthraí cláraithe próiseas cuí riaracháin agus déanann sé/sí é a choimeád, agus ar an mbealach sin cinntíonn sé/sí oibriú éifeachtach na seirbhíse.

3. Bainistíocht

- » Tá [duine ainmnithe i gceannas](#).
- » Tá duine ainmnithe ann ar féidir leis/léi [ionadú](#), más gá.
- » Tá an duine ainmnithe i gceannas, nó duine ainmnithe a dhéanfaidh ionadú, ar an [áitreabh](#) ag gach tráth fad a bhíonn an tseirbhís á hoibriú.

² A bheith freagrach as cinntí a dhéanamh agus údar a thabhairt le bearta.

- » Tá an duine i gceannas ar bhonn laethúil doiciméadaithe.

Sampla: d'fhéadfadh iontráil san uainchlár foirne a bheith i gceist leis seo.

- » Tá duine eile i gceannas in éagmais an duine ainmnithe agus an duine ionaid araon.
- » Tá duine i gceannas nó duine ionaid ar gach áitreabh, nuair a oibrítear an tseirbhís i mbreis agus áitreabh amháin.

4. Earcaíocht

Polasaí Earcaíochta

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí earcaíochta](#) á chur i bhfeidhm.
- » Tá tuiscint shoiléir ag [na baill foirne ábhartha](#) ar na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí earcaíochta.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí earcaíochta.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 16.

5. Grinnfhiosrúchán³

- » Tugtar grinnfhiosrúchán chun críche sula gceaptar nó sula sanntar duine agus sula gceadaítear duine rochtain a bheith aige/aici ar, nó teagmháil a dhéanamh le, leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- » Déantar grinnfhiosrúchán ar gach [fostaí](#), [oibrí neamhíochta](#) agus [conraitheoir](#).
- » Tá cáipéisíocht ghrinnfhiosrúcháin ar fáil i mBéarla⁴ (nó i nGaeilge más infheidhme).
- » Cuirtear san áireamh le grinnfhiosrúchán teistiméireachtaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána/na bPóilíní:

³ Tabhair faoi deara, le do thoil, gur gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar sholáthraí cláraithe, gach comhalta de [Bhord na Stiúrthóirí](#) agus gach comhalta de bhord bainistíochta ar Chlárú agus Athchlárú. Tá seo i gcomhréir le Rialachán 6.

⁴ Caithfidh an tseirbhís cáipéisí grinnfhiosrúcháin a sholáthraítear i dteanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge a aistriú trí fhoinse chreidiúnach aistriúcháin agus caithfear fianaise i dtaobh foinse an aistriúcháin a chur ar fáil do Chigireacht Luathbhlianta [Tusla](#).

Teistiméireachtaí:

- » Ar a laghad dhá theistiméireacht scríofa ó iarfhostóir má bhí fostaíocht ag duine roimhe seo. (Caithfidh ceann amháin de na teistiméireachtaí ó iarfhostóir a bheith ón bhfostóir is déanaí).
- » Teistiméireachtaí ó fhoinsí creidiúnacha⁵ mura bhfuil aon iarfhostóirí ag duine.
- » Teistiméireacht, más indéanta, ón bhfostóir cúram leanaí má bhí an duine fostaithe roimhe seo i gcúram leanaí.
- » Teistiméireacht ón soláthraí cláraithe má fostaíodh an duine sa tseirbhís ar feadh cúig bliana nó níos mó agus mura bhfuil iarfhostóir ag an duine.
- » Caithfidh gach teistiméireacht:
 - a bheith ó fhoinsí chreidiúnach;
 - a bheith i scríbhinn;
 - a bheith dátaithe agus sínithe ag an moltóir, agus sonraí a thabhairt faoi phost an mholtóra;
 - seoladh, uimhir ghutháin, lógó nó páipéar ceannteidil an mholtóra agus stampa na heagraíochta a bheith ann, más infheidhme;

Sampla: litir ar a bhfuil stampa coláiste.

- » a bheith [bailíochtaithe](#) ag fostóir nó eagraíocht ábhartha an duine;
- » a bheith á gcoimeád (anuas ar aon bhailíochtú eile) i gcomhad gach duine aonair.

Féach Rialachán 16.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána/na bPóilíní:

- » Faightear nochtadh grinnfhiosrúcháin ó [Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána](#) i gcomhréir le [hAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012](#).
- » Tugtar faoi grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do dhuine ar bith atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.
- » Tugann fostóir an duine nó eagraíocht ábhartha faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

⁵ Duine ar a bhfuil ardmheas air atá neamhspleách, neamhchlaonta agus nach duine muinteartha é/í.

- » Tá grinnfhiosrúchán na bpóilíní, a mhéid agus is indéanta⁶, ar fáil do dhaoine a chónaigh i stát nó tír lasmuigh d'Éirinn ar feadh breis agus 6 mhí i ndiaidh a chéile.
- » Tugann an duine aonair faoi ghrinnfhiosrúchán na bpóilíní agus tugtar don fhostóir é.
- » Tugadh faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do gach duine le trí bliana anuas, ath-grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina measc.⁷

6. Cáilíochtaí

Tá ceann amháin de na cáilíochtaí seo a leanas ag gach fostaí agus soláthraí cláraithe a oibríonn go díreach le leanaí:

- » Mórdhámhachtain amháin, ar a laghad, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó cáilíocht a mheasann an tAire a bheith ar chomhionann leis.⁸
- » Díolúine ón riachtanas cáilíochta agus deimhniú go nglacann an tAire leis an díolúine seo.
- » An riachtanas cáilíochta nó sainoiliúint ábhartha agus an bonn ar féidir an chaipitíocht a úsáid do dhuine atá fostaithe [faoi tSamhail Rochtana agus Chuimsithe](#) (AIM), agus é mionsonraithe i litir dhíolúine ó [Pobal](#).

7. [Maoirseacht foirne](#)

Polasaí Maoirseachta Foirne

- » Tá fianaise ann go bhfuil [an polasaí maoirseachta foirne](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí maoirseachta foirne.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí maoirseachta foirne.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 20.

⁶ Rinneadh gach iarracht réasúnta chun grinnfhiosrúchán na bpóilíní a fháil. Tá fianaise air sin – rian páipéir a dhearbhaíonn an diúltú nó séanadh nó a dhearbhaíonn nach bhfuil sé insroichte.

⁷ Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a rinneadh níos luaithe a athnuachan. I suíomhanna cúraim shóisialta, ní mór sé seo a dhéanamh gach trí bliana.

⁸ Na Rialacháin Luathbhlianta (Réamhscoil) agus Riachtanais Cháilithe Cláir Cúram Leanaí an RLGÓ: www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=/cáipéisí/cúram_leanaí/cáilíochtaí.htm.

8. Malartú faisnéise

- » Is léir go bhfuil córas éifeachtach cumarsáide inmheánaí laistigh den tseirbhís a chumasaíonn sreabhadh faisnéise idir an fhoireann agus an bhainistíocht. Is léiriú air sin é an méid seo a leanas:
 - tá am socraithe le haghaidh pléite aghaidh ar aghaidh agus cruinnithe foirne ionas gur féidir le baill foirne ceisteanna a chur agus freagairtí a thabhairt ar cheisteanna gan rudaí nó daoine eile a chur isteach orthu, agus d'fhonn faisnéis thábhachtach a chur in iúl agus aiseolas a thabhairt don bhainistíocht maidir leis an tseirbhís;
 - tá cruinnithe á n-éascú ag baill shinsearacha foirne. Tógtar na miontuairiscí agus cuirtear ar fáil iad, agus cuirtear gníomhartha i bhfeidhm; agus
 - tá cruinnithe maoirseachta aghaidh ar aghaidh ar siúl idir baill foirne agus a mbainisteoir.

9. Oiliúint Foirne

Polasaí Oiliúna Foirne

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí oiliúna foirne](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí oiliúna foirne.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí oiliúna foirne.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 19.

Rialachán 10: Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis Seirbhís Réamhscoile Scríofa

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis a fhorbairt, a cheadú, a dháileadh agus a athbhreithniú ar bhealach comhsheasmhach. Déanfaidh polasaithe agus nósanna imeachta cur chuige do sheirbhíse a chaighdeánú i leith deachleachtas a chur i bhfeidhm agus comhlíonadh na rialachán a chinntiú.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

10. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an [bhfoireann ábhartha](#) ar a róil agus freagrachtaí maidir le polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis seirbhíse a fhorbairt, a cheadú, a dháileadh agus a athbhreithniú.

Féach Rialachán 9.

11. Beartais, nósanna imeachta agus ráitis⁹

- » Tá próiseas i bhfeidhm chun polasaí, nós imeachta nó ráiteas a fhorbairt agus a cheadú.
- » Tá rochtain ag an bhfoireann ábhartha ar leagan cothrom le dáta de gach ceann de na polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis, a choimeádtar [i gcruachóip](#) nó [go leictreonach](#).
- » Tá polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis comhsheasmhach le cleachtais na seirbhísí.
- » Tá an méid seo a leanas, faoi mar a shonraítear laistigh de Sceideal 5 de Rialacháin 2016, i bhfeidhm:
 - [Ráiteas Cuspóra agus Feidhme](#) – Féach Aguisín 1.
 - [Polasaí Gearán](#) – Féach Aguisín 2.
 - [Polasaí do Chógas a Riaradh](#) - Féach Aguisín 3.

⁹ Tabhair faoi deara, le do thoil, go dteastaíonn Ráiteas Sábháilteachta (laistigh de bhrí [an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005](#)), chomh maith, do do sheirbhís i gcomhréir le Rialachán 6 – Seirbhís Réamhscoile a Chlárú. Féach Aguisín 21. Teastaíonn do Ráiteas Sábháilteachta ag céim an Cláraithe agus Athchláraithe.

- [Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe](#) – Féach Aguisín 4.
- [Polasaí ar Iompar a Bhainistiú](#) – Féach Aguisín 5.
- [Polasaí ar Chodladh Sábháilte](#) – Féach Aguisín 6.
- [Polasaí Sábháilteachta Dóiteáin](#) – Féach Aguisín 7.
- [Polasaí Ionchuimsithe](#) – Féach Aguisín 8.
- [Polasaí Turas](#) (nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar thurais) – Féach Aguisín 9.
- [Polasaí ar Thimpistí agus Teagmhais](#) – Féach Aguisín 10.
- [Polasaí ar Údarú le Leanaí a Bhailiú](#) – Féach Aguisín 11.
- [Polasaí ar Bhia Sláintiúil](#) – Féach Aguisín 12.
- [Polasaí ar Shúgradh Taobh Amuigh](#) (nuair a sholáthraítear an súgradh sin do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís) – Féach Aguisín 13.
- [Polasaí ar Neamhláithreacht Foirne](#) (ní bhaineann seo le hoibreoir aonair) – Féach Aguisín 14.
- [Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Grianghrafadóireachta agus Taifeadta](#) – Féach Aguisín 15.
- [Polasaí Earcaíochta](#) – Féach Aguisín 16.
- [Polasaí Bainistíochta Riosca](#) – Féach Aguisín 17.
- [Polasaí maidir le Socrú Isteach](#) – Féach Aguisín 18.
- [Polasaí Oiliúna Foirne](#) – Féach Aguisín 19.
- [Polasaí Maoirseachta Foirne](#) (ní bhaineann seo le hoibreoir aonair) – Féach Aguisín 20.

12. Beartais, nósanna imeachta agus ráitis a chur in iúl

- » Déantar aon pholasaithe, nósanna imeachta agus ráitis, aon nuashonruithe ina measc, a chur in iúl agus tá fáil orthu ag [tuismitheoirí agus caomhnóirí](#).
- » Deimhníonn tuismitheoirí agus caomhnóirí gur léigh siad agus go nglacann siad le polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse.

Samplaí: d'fhéadfaidís foirm dhearbhaite a shíniú, nó dearbhú a chomhlánú ar líne, nó conradh tuismitheora a shíniú.

Féach Rialacháin 14, 16 agus 23.

Rialachán 11: Leibhéal Soláthair Foirne

Cuspóir

Caithfidh do sheirbhís a chinntiú go mbíonn líon leordhóthanach [foirne](#) ar fáil ag gach tráth fad a sholáthraítear seirbhísí chun freastal ar riachtanais na leanaí atá ag freastal. Ag gach tráth, beidh dóthain foirne laistigh den tseirbhís chun freastal ar riachtanais leanaí, saghas na seirbhíse agus an cúram a cuireadh ar fáil.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

13. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an [bhfoireann ábhartha](#) ar a róil agus freagrachtaí maidir leis na cóimheasa íosta idir daoine fásta agus leanaí a choimeád ag gach tráth.

Féach Rialachán 9.

14. Soláthar foirne

- » Tá líon [dóthanach fostaithe](#) oiriúnacha ann a bhfuil an taithí agus [na hinniúlachtaí](#) riachtanacha (cáilíochtaí, eolas, scileanna agus cumas) acu chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - riachtanais na leanaí a chomhlíonadh ag gach tráth;
 - maoirseacht leordhóthanach a chinntiú fad a bhíonn leanaí ag codladh nó ag ligean a scíthe, i rith sosanna agus [turas](#);
 - méid, leagan amach agus cuspóir na seirbhíse a léiriú.
- » Cloítear leis an gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí ag gach tráth, agus tá líon dóthanach d'fhoireann cháilithe ag oibriú go díreach leis na leanaí.

Féach Rialacháin 9, 27 agus 29.

15. Uainchlár foirne

- » Léiríonn an tseirbhís an t-uainchlár reatha foirne agus coimeádann sí taifead ar gach uainchlár laistigh den tseirbhís.
- » Déanann an t-uainchlár foirne an méid seo a leanas:

- sonraí a thabhairt faoin bhfoireann atá ar dualgas fad a bhíonn an tseirbhís á cur i bhfeidhm (duine ina measc ar cuireadh oiliúint air/uirthi [i ngarchabhair](#) do leanaí);
- an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí ar bhonn laethúil do gach limistéar den tseirbhís a leagan amach;
- sonraí a thabhairt faoi gach duine nach bhfuil san áireamh sa chóimheas idir daoine fásta agus leanaí;
- am tosaithe, críochnaithe agus sosa gach duine a fhreastalaíonn gach lá a chur i dtaifead;
- a léiriú gurb ann do chumhdach leordhóthanach do theacht luath, bailiú déanach, sosanna, laethanta saoire, saoire bhreiteachta, leanaí a thabhairt ar scoil, dualgas cistine, turais agus aon chás eile ina bhféadfadh foireann bhreise a bheith ag teastáil; agus
- doiciméadú ar feadh tréimhse sheachtainiúil nó mhíosúil.

16. Cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí

- » Tá na cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

An cóimheas idir daoine fásta agus leanaí a theastaíonn, ag brath ar aois an linbh	
(0 - 1 bhliain) 1:3 (1 - 2½ bliain) 1:5	(2 - 3½ bliain) 1:6 (3 - 6½ bliain) 1:8
» Is ionann na cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí agus 1:11 d'aon leanbh atá ag baint leasa as an scéim Chúram agus Oideachas na Luath-óige (COLÓ) agus a fhreastalaíonn ar Sheirbhís Réamhscoile Sheisiúnach (suas go dtí 3.5 uair). » Ní bhaineann leanbh a fhreastalaíonn ar bhonn cúraim lae iomláin leas as scéim COLÓ ach uair amháin in aghaidh an lae. » Tá an cóimheas 1:8 idir daoine fásta agus leanaí i bhfeidhm i ndiaidh 3.5 uair (nuair a chríochnaíonn an tSeirbhís Réamhscoile Sheisiúnach COLÓ) agus má tá an leanbh ag fanacht sa tSeirbhís Lae Iomláin don chuid eile den lá.	
Tá 2 dhuine fásta san áitreabh an t-am ar fad.	

- » Má chuirtear [duine i gceannas](#) san áireamh sa chóimheas idir daoine fásta agus leanaí, ní bhaineann a ndualgais bhainistíochta ó chúram leanaí díreach.

- » Is féidir oibrí Fostaíochta Pobail (FP) a bhfuil mórdhámhachtain aige/aici i gCúram agus Oideachas na Luath-óige ag Leibhéal 5, nó cáilíocht a mheasann an tAire go bhfuil sí ar comhionann, a chur san áireamh mar chuid de na riachtanais i dtaca leis an gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí.
- » Má fhreastalaítear ar aoisghrúpálacha measctha sa seomra céanna, cuirtear an cóimheas i bhfeidhm ar aon dul le haois gach linbh agus saghas na seirbhíse atá á chur ar fáil do gach leanbh. Féach an sampla in '[aoisghrúpaí measctha](#)' sna nótaí mínithe. Féach an sampla in 'aoisghrúpaí measctha' sna nótaí mínithe.

Féach Rialachán 9.

17. Pleanáil foirne

Polasaí ar Neamhláithreacht Baill Foirne

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar neamhláithreacht baill foirne](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí, maidir leis an bpolasaí ar neamhláithreacht foirne.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí ar neamhláithreacht foirne.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 14.

Rialachán 14: Athbhreithniú ar Sheirbhís Réamhscoile

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar cháilíocht agus sábháilteacht an chúraim agus na seirbhíse a sholáthraítear do leanaí uair sa bhliain ar a laghad ar aon dul leis na rialacháin. Measúnú foirmiúil is ea an t-athbhreithniú ar an tseirbhís, a polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis ina measc, agus is é an rún atá aige athruithe a dhéanamh, más gá.

Cabhraíonn athbhreithniú ar chleachtas leat breithiúnais fheasacha a dhéanamh faoi cháilíocht agus éifeachtacht na seirbhíse, ag féachaint le feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus oideachas na leanaí. Caithfidh tú [taifead](#) a choimeád ar an athbhreithniú ar feadh trí bliana i ndiaidh dó a bheith déanta.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

18. Róil agus freagrachtaí

- » Tuigeann an duine atá freagrach as tabhairt faoin athbhreithniú go soiléir gurb é an fheidhm atá acu cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a sholáthraítear do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chinntiú.

Féach Rialachán 9.

19. Athbhreithniú bliantúil

- » Scrúdaíonn athbhreithniú bliantúil na seirbhíse cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a sholáthraítear, agus áirítear leis athbhreithniú ar na polasaithe, nósanna imeachta, ráitis agus cleachtais chúraim go léir.

Féach Rialachán 10.

20. Plean an athbhreithnithe

- » Forbraítear agus taifeadtar plan de na limistéir agus polasaithe atá le hathbhreithniú, le faomhadh an tsoláthraí chláráithe.

» Cuirtear an fhoireann agus an bhainistíocht ábhartha ar an eolas ar an athbhreithniú atá pleanáilte.

» Sonraítear sa phlean an méid seo a leanas:

- Ainm an duine nó na ndaoine a thabharfaidh faoin athbhreithniú – tugtar ‘an t-athbhreithneoir’ orthu.

D’fhéadfadh an soláthraí cláraithe, nó duine a ainmníonn siad, a bheith i gceist leis an duine seo, mar shampla.

- An teagmhálaí don limistéar atá á athbhreithniú – tugtar ‘an t-athbhreithní’ orthu.

D’fhéadfadh an fhoireann cúraim leanaí, ceannaire seomra, nó an duine i gceannas a bheith i gceist leis an duine seo, mar shampla.

- Dáta an athbhreithnithe, agus amlíne lena thabhairt chun críche.
- Minicíocht an athbhreithnithe – má shonraítear próiseas mar ardriosca, tugtar tús áite don athbhreithniú agus tugtar faoi níos minice ná uair sa bhliain.
- Tá limistéar na seirbhíse á athbhreithniú le cáilíocht agus sábháilteacht leanúnach an chúraim a chinntiú ar aon dul le ráitis, polasaithe agus nósanna imeachta na seirbhíse.
- Tabhairt faoi aon athbhreithniú eile a theastaíonn le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a sholáthraítear a chinntiú.

Samplaí: tuarascálacha cigireachta, gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha, tuarascálacha an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, tuarascálacha ón Oifigeach Dóiteáin.

21. An t-athbhreithniú a dhéanamh

Caithfidh an t-athbhreithneoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

» Dul i gcomhairle le haon fhoireann ábhartha atá bainteach leis an limistéar atá á athbhreithniú.

» Deimhnigh an méid seo a leanas maidir le haon fhoireann ábhartha:

- tá rochtain acu ar pholasaithe reatha;
- cuireadh oiliúint nuashonraithe orthu ar pholasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse;
- tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus a bhfreagrachtaí a bhaineann lena bpost;
- is eol dóibh polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse.

» Coimeádann siad taifead scríofa ar an athbhreithniú.

» Déan breithniú ar an méid seo a leanas:

- aon aiseolas agus leasuithe a mholtar ón gcomhairliúchán foirne;
- aon ghníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta a tugadh chun críche nó atá ar bun sa limistéar atá á athbhreithniú;
- aon treochtaí sa limistéar atá á athbhreithniú.

Samplaí: tuarascálacha leantacha teagmhais, gearáin leantacha.

» Deimhnigh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse á gcur i bhfeidhm. Áirítear leis sin siúl timpeall na seirbhíse, cleachtais a scrúdú agus labhairt leis an bhfoireann.

Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe, nósanna imeachta, ráitis agus cleachtas lena dheimhniú go ndéantar an méid seo a leanas:

22. Déantar dearialáil ar an tseirbhís.

Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- » [An ráiteas Cuspóra agus Feidhme.](#)
- » [Ráiteas ar Shábháilteacht.](#)
- » Bainistíocht agus Earcaíocht.
- » Tuairisciú agus bainistíocht gearán.
- » Tuairisciú ar [theagmhais](#).
- » Oiliúint foirne.
- » [Maoirseacht foirne.](#)
- » Leibhéil soláthair foirne.
- » Taifead ar fhreastal.
- » Údarú agus bailiú leanaí.
- » Neamhláithreacht foirne.
- » Bainistíocht taifead – taifid leanaí agus taifid seirbhíse.
- » Faisnéis do thuismitheoirí/chaomhnóirí.
- » Tá cóip ag an tseirbhís de [Chuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013](#) agus cóip den [Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016](#).

23. Tacaítear le sláinte, leas agus forbairt gach linbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís:

Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- » Táthar ag freastal ar riachtanais chúraim leanaí.
- » Táthar ag tacú le caidreamh.
- » Táthar ag tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.
- » Tá cleachtais dhearfacha bainistíochta mothúchánaí agus iompraíochta i bhfeidhm.
- » Tacaíonn an timpeallacht le folláine leanaí.
- » Tá úsáid an idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta ar aon dul le deachleachtas (b'fhéidir nach n-áirítear leis seo CCTV a úsáid, sa chás gur cuí).
- » Tacaítear agus cabhraítear le leanaí chun socrú isteach.
- » Tá teacht ag leanaí ar shúgradh taobh amuigh.
- » [Turais](#) leanaí (má thugtar fúthu).
- » Tacaítear le [bia sláintiúil](#).
- » Fáiltítear roimh gach leanbh.

24. Tá leanaí sábháilte sa tseirbhís:

Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- » Maoirseacht leanaí.
- » Rialú ionfhabhtuithe (briseadh amach ina measc).
- » [Timpistí](#) agus gortuithe.
- » Cógais a dháileadh.
- » Codladh sábháilte.
- » [Garchabhair](#)
- » [Bainistíocht riosca](#).
- » [Sábháilteacht ó dhóiteán](#).
- » Árachas.
- » [Turais](#) – má thugtar fúthu (leanaí a iompar ina measc).
- » [Imdhíonadh](#) leanaí.

25. Tá an t-áitreabh sábháilte, oiriúnach agus cuí do chúram agus oideachas leanaí:

- » Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:
 - Riachtanais spáis.
 - Trealamh agus ábhair.
 - [Áitreabh](#) (rochtain ar an tseirbhís, glanadh, soilsiú, téamh, cothabháil, agus mar sin de ina measc).

26. Tuairisciú agus athbhreithnithe a dhúnadh

- » Insítear don fhoireann ábhartha faoi thorthaí an athbhreithnithe, mar shampla - ag cruinnithe foirne.
- » Sainaithnítear agus cuirtear i dtaifead aon saincheisteanna a bhfuiltear le dul i ngleic leo nó a fheabhsú.

Samplaí: leasú ar pholasaí, athrú ar chleachtas.

- » Cuirtear gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha i bhfeidhm chun na saincheisteanna a sainaithníodh a réiteach.
- » Breathnaíonn an fhoireann ar thorthaí an athbhreithnithe agus aon ghníomhartha ceartaitheacha mar dheis foghlama agus feabhsaithe.
- » Dúntar athbhreithnithe nuair a cheartaítear aon saincheisteanna a sainaithníodh.

27. Taifid a choimeád

- » Coimeádann an soláthraí taifead ar an athbhreithniú sa tseirbhís ar feadh trí bliana ón dáta a tugadh an t-athbhreithniú chun críche.

Féach Aguisín 22: [Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil](#).

Rialachán 15: Taifead Leanbh Réamhscoile

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú [taifid](#) faoi leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a fhorbairt, a chothabháil, a stóráil agus a choimeád. Ní mór go gcuimseoidh na taifid faisnéis chuí chun an cúram a dhoiciméadú, agus tacú le cúram a sholáthraíonn an tseirbhís do gach leanbh. Déanann an tseirbhís an fhaisnéis atá á coimeád aici faoi leanaí a rialú agus a chosaint.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

28. Róil agus freagrachtaí

» Tá [an fhoireann ábhartha](#) ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí chun taifid leanaí a bhainistiú faoin reachtaíocht seo a leanas:

- [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016.](#)
- [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasú\) 2016.](#)
- [Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.](#)

Féach Rialacháin 9 agus 10.

29. Taifid leanaí

» Cuimsítear i dtaifid leanaí an méid seo a leanas:

- Ainm agus dáta breithe an linbh.
- An dáta a d'fhreastail an leanbh an chéad uair ar an tseirbhís.
- An dáta a stop an leanbh ag freastal ar an tseirbhís.
- Ainm agus seoladh [tuismitheoir nó chaomhnóir an linbh](#) agus uimhir ghutháin nuair is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir nó caomhnóir sin (nó le gaol nó cara an tuismitheora nó an linbh) i rith uaireanta an oibrithe.
- Údarú chun an leanbh a bhailiú. Áirítear leis seo:
- Ainm(neacha), seoladh/seoltaí agus uimhir theagmhála/uimhreacha teagmhála an duine/na ndaoine atá údaraithe chun an leanbh a bhailiú.

- Údarú scríofa ón tuismitheoir nó ón gcaomhnóir a cheadaíonn an tseirbhís an leanbh a scaoileadh isteach i gcúram an duine údaráithe.
 - Aitheantas grianghraif nó pasfhocal nó cód lenar comhaontaíodh d’aon duine nach eol don tseirbhís a bhfuil cead acu an leanbh a bhailiú.
 - Cruthúnas go bhfuil an duine údaráithe 16 bliana d’aois nó níos sine.
- » Cuirtear sonraí i dtaifead d’aon bhreiteacht, ailléirge nó riachtana(i)s b(h)reise atá ag an leanbh, sa mhullach ar an bhfaisnéis ábhartha go léir a bhaineann le cúram nó aird ar leith a sholáthar.
 - » Más tá Plean Cúraim Aonair i bhfeidhm, cuirtear an fhaisnéis seo san áireamh le taifid an linbh.
 - » Tá ainm agus uimhir ghutháin [liachleachtóir cláraithe](#) an linbh curtha san áireamh.
 - » Tá taifead ar aon [imdhíonadh](#) atá ag an leanbh curtha san áireamh.
 - » Tá toiliú scríofa tuismitheora nó caomhnóra curtha san áireamh lena cheadú cóir leighis chuí a chur ar an leanbh i gcás [éigeandála](#).
 - » Tá iontrálacha chuig taifid na leanaí fíriciúil, comhsheasmhach, cruinn agus athbhreithnithe.
 - » Nuashonraíodh an taifead má thagann athrú ar fhaisnéis an linbh.
 - » Tá gach iontráil i dtaifead an linbh sínithe ag an duine a dhéanann an iontráil.

Féach Rialachán 19.

30. Fáil ar thaifid

- » Tá taifead ann do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- » Insítear do thuismitheoirí agus caomhnóirí go gcoimeádann an tseirbhís taifid maidir lena leanbh.
- » Roinntear taifid faoi leanaí aonair le tuismitheoir nó caomhnóir an linbh, seachas sa chás go gcuirfeadh seo leas an linbh i mbaol.
- » Pléitear iarratais ó thríú páirtithe ar fhaisnéis le tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus ní roinntear faisnéis ach má thugann siad toiliú. (Eisceacht leis seo is ea nuair a bhíonn riachtanas ann chun buarthaí a thabhairt le fios faoi leas nó sábháilteacht an linbh – mar shampla, maidir le cosaint an linbh.)

Féach Rialachán 19.

31. Rochtain ar thaifid leanaí agus rúndacht taifead

- » Coimeádtar taifid leanaí faoi rún.
- » Ní phléitear faisnéis phearsanta leanaí lasmuigh den tseirbhís.
- » Cuirtear na taifid ar fáil lena gcigireacht do:
 - tuismitheoirí agus caomhnóirí, ach do thaifead a linbh féin amháin;
 - [fostaí](#) atá údaraithe ag an soláthraí cláraithe; agus
 - Cigire Luathbhlianta [Tusla](#).

32. [Taifid leictreonacha](#)

- » Tá taifid leanaí a choimeádtar go leictreonach faoi chosaint pasfhocail.
- » Tá taifid leictreonacha inrochtana agus éasca le haisghabháil agus is féidir iad a atáirgeadh, nuair is gá.

33. Taifid leanaí a choimeád

- » Coimeádann an tseirbhís gach taifead cuí a bhaineann le leanaí ar feadh 2 bhliain ón dáta a **stopann** leanbh ag freastal ar an tseirbhís.

Féach Rialachán 16.

Féach Aguisín 22: [Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil](#).

Rialachán 16: Taifead maidir le Seirbhís Réamhscoile

Cuspóir

Mar an soláthraí cláraithe, caithfidh tú taifid ábhartha seirbhíse a fhorbairt, a chothabháil, a stóráil agus a choimeád. Caithfidh faisnéis phearsanta a choimeádann an tseirbhís a bheith faoi rialú agus cosaint chuí.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

34. Róil agus freagrachtaí

- » Tá an soláthraí cláraithe agus [an fhoireann ábhartha](#) ar an eolas ar a ról agus freagrachtaí chun taifid na seirbhíse a bhainistiú faoin reachtaíocht seo a leanas:
 - [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016.](#)
 - [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasú\) 2016.](#)
 - [Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.](#)
- » Tá teacht ag na daoine laistigh den tseirbhís atá freagrach as taifid ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun tabhairt faoina ndualgais agus cinntí réasúnta agus feasacha a dhéanamh.

Féach Rialachán 9.

35. Faisnéis maidir leis an tseirbhís

- » Tá taifead i scríbhinn den fhaisnéis seo a leanas ar fáil sa tseirbhís:
 - Ainm, post, cáilíochtaí agus taithí [an duine i gceannas](#) agus na [bhfostaithe](#), [oibrithe neamhíoctha](#) agus [conraitheoirí](#) eile.
 - Sonraí faoi shaghas na seirbhíse atá á sholáthar, agus próifíl aoise leanaí a bhfuil an tseirbhís cláraithe chun seirbhísí a sholáthar dóibh.
 - Sonraí faoin gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí sa tseirbhís.
 - Saghas an chúraim nó an chláir a sholáthraítear sa tseirbhís.
 - Na saoráidí atá ar fáil laistigh den tseirbhís.
 - Na huaireanta oscailte agus táillí.

- » Tá na polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a choimeád i gcomhréir le Rialachán 10.
- » Áirítear le taifead na seirbhíse ar fhreastal leanaí ar bhonn laethúil am an teachta i láthair chuig, chomh maith le ham an imeachta ó, an tseirbhís.
- » Coimeádtar sonraí faoi uainchláir laethúla foirne.
- » Cuirtear sonraí i dtaifead faoi aon chógas a dháiltear ar leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís a bhfuil toiliú sínithe tuismitheora nó caomhnóra acu.
- » Cuirtear sonraí i dtaifead faoi aon [timpiste](#), gortú nó [teagmhas](#) ina mbíonn baint ag leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Féach Rialacháin 9, 10, 11, 15, 19 agus 31.

36. Taifead seirbhíse a choimeád

- » Coimeádtar gach cáipéis agus taifead faoi theistiméireachtaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na bpóilíní ar feadh 5 bliana ón dáta ar ar thosaigh gach duine ag oibriú sa tseirbhís.
- » Coimeádtar na taifid seo a leanas de chuid leanaí ar feadh 2 bhliain ón dáta ar a **stopann** an leanbh ag freastal ar an tseirbhís:
 - Áirítear le taifead ar fhreastal leanaí ar bhonn laethúil am an teachta i láthair chuig, chomh maith le ham an imeachta ó, an tseirbhís.
 - Sonraí faoi aon chógas a dáileadh ar leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís le toiliú sínithe ón [tuismitheoir nó caomhnóir](#).
 - Sonraí faoi aon timpiste, gortú nó teagmhas ina raibh baint ag leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís.

Féach Rialachán 9.

Féach Aguisín 22: [Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil](#).

Rialachán 17: Faisnéis do Thuismitheoirí

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú an fhaisnéis ábhartha go léir faoin tseirbhís, saghas an chúraim a soláthraítear agus na saoráidí atá ar fáil, a sholáthar do [thuismitheoirí agus caomhnóirí](#) leanaí a bheartaíonn chun freastal ar an tseirbhís. Caithfidh tú an fhaisnéis seo a sholáthar ar bhealach is féidir leo a thuiscint.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

37. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an [bhfoireann ábhartha](#) ar a róil agus freagrachtaí maidir le faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a bheartaíonn freastal ar an tseirbhís.

Féach Rialachán 9.

38. Faisnéis a sholáthraítear do thuismitheoirí agus caomhnóirí

- » Cuirtear tuismitheoirí agus caomhnóirí ar an eolas faoi aon athruithe suntasacha ar pholasaithe agus nósanna imeachta, agus déantar é seo a dhoiciméadú.
- » Tá an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí na leanaí a bheartaíonn chun freastal ar an tseirbhís:
 - Ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an [duine i gceannas](#) agus gach comhalta [foirne](#) eile.
 - Sonraí faoi shaghas na seirbhíse agus próifíl aoise na leanaí.
 - Sonraí faoin gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí sa tseirbhís.
 - Saghas an chúraim nó na gclár a sholáthraítear laistigh den tseirbhís, an creat curaclaim agus aon riachtanais nó leasanna breise a ndéantar soláthar dóibh.
 - Na saoráidí atá ar fáil.
 - Na huaireanta oscailte agus táillí.
 - Gach polasaí, nós imeachta agus ráiteas a bhaineann leis an tseirbhís atá ag teastáil i gcomhréir le Rialachán 10.

Féach Rialacháin 9, 10, 11, 16 agus 19.

39. Rochtain ar fhaisnéis

- » Tá an fhaisnéis go léir a sholáthraítear do thuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil, éasca le húsáid agus inrochtana.

Samplaí:

- cláir fógraí, cairteacha, póstaeir;
- nuachtlitreacha, leabhráin agus bileoga;
- téacsáil agus leathanach gréasáin;
- teagmháil duine ar dhuine le thuismitheoirí nó caomhnóirí;
- cruinnithe le thuismitheoirí nó caomhnóirí.

40. Faisnéis a thaispeántar go poiblí sa tseirbhís

- » Taispeántar an fhaisnéis seo a leanas go poiblí laistigh den tseirbhís do leanaí agus caomhnóirí na leanaí a bheartaíonn chun freastal ar an tseirbhís, nó páirtithe ábhartha eile:
- Ainm an tsoláthraí chláraithe.
 - Deimhniú Clárúcháin [Tusla](#) na seirbhíse.
 - Ainm agus uimhir theagmhála don tseirbhís.
 - Sonraí teagmhála do chabhair leighis [éigeandála](#).
 - An próiseas atá le leanúint, bealaí agus nósanna imeachta aslonnaithe má thiteann tine nó éigeandáil eile amach.

Féach Rialacháin 9, 25 agus 26.

Rialachán 31: Fógra Teagmhas

Cuspóir

Má thiteann [timpiste](#), gortú nó [teagmhas](#) amach, caithfidh polasaithe agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm agat, mar an soláthraí cláraithe, chun an fhaisnéis ghaolmhar a shainaithint, a dhoiciméadú, a chomhrac, a athbhreithniú agus a chur in iúl. D'fhéadfadh an timpiste, gortú nó an teagmhas a bheith bainteach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís nó le [d'fhoireann](#). Caithfidh tú dul i mbun na ngníomhartha riachtanacha chun cosc a chur ar aon atarlú timpistí, gortuithe nó teagmhas. Caithfidh tú cultúr dearfach agus oscailte maidir le tuairisciú do thuismitheoirí agus caomhnóirí a chur chun cinn, agus caithfidh tú aiseolas a thabhairt do [thuismitheoirí agus caomhnóirí](#) i ndiaidh d'imscrúduithe.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

41. Róil agus freagrachtaí

- » Tá [an fhoireann ábhartha](#) ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí maidir le [teagmhais a thabhairt le fios](#) don Chigireacht Luathbhlianta.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar conas an Chigireacht Luathbhlianta a chur ar an eolas ar theagmhais.

Féach Rialachán 9.

42. Bainistiú a dhéanamh ar theagmhais a thabhairt le fios don Chigireacht Luathbhlianta

- » Úsáidtear cur chuige comhsheasmhach agus caighdeánaithe chun an Chigireacht Luathbhlianta a chur ar an eolas maidir le timpistí, gortuithe agus teagmhais a thiteann amach laistigh den tseirbhís trí úsáid a bhaint as an [bhFoirm um Theagmhas a Fhógairt](#), atá ar fáil ar [láithreán gréasáin Tusla](#).
- » Thug an [soláthraí cláraithe](#) fógra don Chigireacht Luathbhlianta laistigh de thrí lá oibre ó cuireadh ar an eolas í ar aon imeacht infhógartha.
- » Déantar na timpistí, gortuithe agus teagmhais go léir a chuirtear in iúl don Chigireacht Luathbhlianta a imscrúdú, a bhainistiú agus a thuairisciú ar aon dul le polasaí agus nósanna imeachta na seirbhíse le haghaidh timpistí, gortuithe agus teagmhas.

- » Téitear i mbun na mbeart réasúnta go léir chun cosc a chur ar thimpiste, gortú nó teagmhas eile a thitim amach.
- » Caithfear an Chigireacht a chur ar an eolas faoi na teagmhais seo a leanas:
 - Bás linbh fad a d'fhreastail sé/sí ar an tseirbhís, lena n-áirítear bás linbh in ospidéal i ndiaidh gur aistríodh iad ón tseirbhís.
 - Diagnóis [galair tógálaigh](#) ar leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, nó diagnóis galair tógálaigh ar [fhostaí](#), [oibrí neamhíoctha](#), [conraitheoir](#) nó aon duine eile a oibríonn sa tseirbhís. (Tugtar sainmhíniú ar ghalar tógálach sna [Rialacháin um Ghalair Thógálacha, 1981](#)).
 - Timpiste nó teagmhas ar dúnadh an tseirbhís d'aon fhad ama dá bharr (dúnadh neamhphleanáilte¹⁰).
 - [Gortú tromchúiseach](#) ar leanbh fad a bhí sé/sí ag freastal ar an tseirbhís, gortú a raibh cóir leighis láithreach ag [liachleachtóir cláraithe](#) ag teastáil uaidh, in ospidéal nó áiteanna eile.
 - Teagmhas ina dtéann leanbh ar iarraidh fad a bhíonn sé/sí ag freastal ar an tseirbhís.

43. Tuairisciú ar theagmhais le páirtithe seachtracha

- » Is eol don soláthraí cláraithe cén timpistí nó teagmhais is gá a thuairisciú do pháirtithe seachas Cigireacht Luathbhlianta [Tusla](#) agus cinntíonn sé go ndéantar na tuarascálacha go léir sin.

Examples of reporting to other parties:

- [Seirbhísí Oibre Sóisialta Tusla](#) – más ann do chúis imní um chosaint leanaí.
- [An Garda Síochána](#) – más ann do bhaol d'fhoirne nó leanaí, nó má rinneadh cion coiriúil.
- [Údarás Sláinte agus Sábháilteachta](#) – má tá an teagmhas baolach, nó má gortaíodh ball foirne dá bharr.
- Comhlacht árachais na seirbhíse – más cuí.

¹⁰ Nuair a bhí ar an tseirbhís dúnadh go tobann mar gheall ar imeachtaí nó tosca gan choinne. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gheall ar chúiseanna pearsanta (mar shampla - bás duine muinteartha), nó ar aon chúis eile (mar shampla - píopa pléasctha).

Rialachán 32: Gearáin

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú a bheith oscailte agus freagrúil do dhaoine a dhéanann gearáin faoin tseirbhís. Caithfidh tú próiseas bainistíochta gearán atá comhsheasmhach, cothrom, trédhearcach agus neamhchlaonta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

44. Róil agus freagrachtaí

- » Úsáidtear cur chuige comhsheasmhach agus neamhchlaonta chun gach gearán laistigh den tseirbhís a bhainistiú.
- » Déantar gearáin a imscrúdú, a bhainistiú agus a thuairisciú ar aon dul le polasaí agus nósanna imeachta gearán na seirbhíse.

Féach Rialachán 9.

45. Gearáin

Polasaí Gearán

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí gearán](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don [bhfoireann ábhartha](#) na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí gearán.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí gearán.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 2.

46. Rochtain ar thaifid

- » Tá [taifead](#) scríofa ar ghearán ar fáil ar an [áitreabh](#) lena iniúchadh ag an gCigireacht Luathbhlianta.

Mír 2

Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh

Is iad na rialacháin a bhaineann leis an limistéar seo:

- **Rialachán 19:** Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh.
- **Rialachán 20:** Saoráidí le haghaidh Sosa agus Súgartha.
- **Rialachán 22:** Bia agus Deoch.

Rialachán 19: Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh

Cuspóir

Mar an soláthraí cláraithe, caithfidh tú sláinte, leas agus forbairt an linbh a chinntiú. Baineann tú sé sin amach trí chlár agus cleachtais chúraim chuí a chur i bhfeidhm a thacaíonn le foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh, agus a leasanna agus riachtanais aonair a chur san áireamh.

Léargas Ginearálta ar Rialachán 19

Cuirtear san áireamh sa rialachán seo sláinte, leas agus forbairt an linbh ar fud na seirbhíse, agus tagairt ar leith don mhéid seo a leanas:

- » tacaítear le riachtanais bhunúsacha agus aonair chúraim gach linbh;
- » tacaítear le caidreamh agus idirghníomhú maidir leis na leanaí go léir;
- » tacaíonn an tseirbhís le cuimsiú, éagsúlacht agus aistrithe leanaí;
- » tacaítear le hiompar dearfach leanaí;
- » tacaíonn an timpeallacht le foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh;
- » cinntíonn an tseirbhís go soláthraítear cleachtais éifeachtach agus cleachtais chúraim éifeachtacha; agus
- » úsáideann an tseirbhís an teicneolaíocht, an t-idirlíon, gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta ina measc.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

47. Róil agus freagrachtaí

- » Tá [an fhoireann ábhartha](#) ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí chun tacú le sláinte, folláine agus forbairt leanaí laistigh den tseirbhís.

Féach Rialachán 9.

48. Riachtanais bhunúsacha agus aonair chúraim leanaí

Ithe agus ól Cuirtear

- » [Bia sláintiúil](#) chun cinn laistigh den tseirbhís.
- » Cuirtear béilí agus sneaiceanna cothaitheacha ar fáil go rialta, ach tá solúbthacht ann.

Sampla: má bhíonn leanbh gafa go mór le súgradh.

- » Ní chuirtear béilí agus sneaiceanna sláintiúla ar fáil níos faide ná 3 huaire an chloig óna chéile.
- » Tá béilí agus sneaiceanna blasta agus sláintiúil do leanaí.
- » Tá sneaiceanna agus uisce nó bainne ar fáil do leanaí nuair is gá.
- » Tugtar dóthain ama do bheathú buidéil agus am béile.
- » Déantar naíonáin níos óige ná 12 mhí a iompar fad a bhíonn beathú buidéil á dhéanamh.
- » Tugtar dóthain ama do gach leanbh chun ithe agus sult a bhaint as a mbuidéal, sneaic nó béile gan iad a bhrostú.
- » Tá an t-atmaisféar i rith am béile réchúiseach, agus bíonn idirghníomhú deas sóisialta ar bun i measc na leanaí agus daoine. fásta.

Sampla: suíonn an fhoireann le leanaí i rith amanna béilí chun sampla a thabhairt de scileanna dearfacha sóisialta.

- » Spreagann agus tacaíonn an [fhoireann](#) leis na leanaí chun iad féin a bheathú go neamhspleách, de réir a n-aoise agus a gcéim forbartha.
- » Tá na gréithe, an sceanra agus na giuirléidí óil a úsáidtear oiriúnach d'aoiseanna na leanaí agus dá gcéim forbartha.

Samplaí: foirc agus spúnóga atá éasca le greim a bhreith orthu, cupáin nach féidir a dhoirteadh.

- » Tá bibí ar fáil do leanaí óga agus do lapadáin ag amanna béile.
- » Ní chuirtear brú ar leanaí chun ithe nó ól.
- » Cuirtear an méid seo a leanas ar fáil do leanaí nár ith, nó a bhfuil ocras orthu:
 - bia ag amanna lasmuigh de na gnáthamanna béile agus sneaice;
 - rogha eile ar bhia.
- » Suitear na leanaí chun boird nó in ardchathaoir i rith amanna sneaice agus béile, nuair a bhíonn a mbia réidh.
- » Suíonn leanaí ar airde chompordach maidir le barr an tábla.

- » Tá an tábla agus an chathaoir oiriúnach dá n-aois agus céim forbartha.
- » Spreagtar leanaí chun triail a bhaint as blasanna éagsúla bia, uigeachta, dathanna, agus mar sin de.
- » Tacaítear le leanaí chun eolas agus scileanna a fhorbairt chun roghanna cothaitheacha bia a dhéanamh.
- » Tá ábhair agus eispéiris foghlama ar fáil chun roghanna cothaitheacha bia a threisiú.

Samplaí: leabhair, bia bréige, pirimid treorach bia do leanaí óga, bia a léiríonn éagsúlacht cultúr, eispéiris cócaireachta.

- » Tá gníomhaíochtaí ar fáil do leanaí a chríochnaigh a mbia roimh dhaoine eile.

Féach Rialachán 22.

Clúidíní a athrú agus dul chuig an leithreas

- » Léirítear meas ar phríobháideachtas agus dínit gach linbh ag gach tráth.
- » Freagraíonn an fhoireann pearsantachtaí, mothálacht agus riachtanais aonair leanaí maidir le clúidín a athrú, dul chuig an leithreas agus oiliúint leithris.
- » Bunaítear oiliúint leithris ar leibhéal forbartha an linbh agus ar a n-ullmhacht féin chun tosú, seachas ar a n-aois. Déanann [tuismitheoirí agus caomhnóirí](#) comhaontú ar oiliúint leithris agus tacaíonn siad leis.
- » Más ann do phlean aonair um oiliúint leithris, déantar é a chomhordú leis na tuismitheoirí nó caomhnóirí agus coimeádtar é i [dtaifead](#) aonair an linbh.
- » Eispéireas dearfach do leanaí is ea clúidíní a athrú agus dul chuig an leithreas.

Samplaí:

- **Labhairt leis an leanbh agus a mhíniú roimh ré go n-athrófar a gclúidín.**
- **Aird duine ar dhuine a thabhairt don leanbh agus freagairt ar a leideanna cumarsáide – ó bhéal agus go neamhbhriathartha.**

- » Freagraíonn an fhoireann ar leideanna leanaí go tapa.
- » Bíonn teacht neamhshrianta ag leanaí ar an leithreas, agus ní bhíonn orthu fanacht leis an leithreas a úsáid.
- » Ceadáítear do leanaí a gcuid ama a ghlacadh nuair a bhíonn an leithreas á úsáid acu.
- » Spreagann agus tacaíonn an fhoireann le leanaí chun bheith níos neamhspleáiche i gcleachtais leis an leithreas a úsáid, agus páirt a ghlacadh sa phróiseas más féidir leo go fisiciúil.

Sampla: an leithreas a shruthlú iad féin.

- » Athraítear clúidíní faoi mar is gá agus ar bhealach tráthúil.
- » Úsáideann an fhoireann an friotal ceart maidir leis an leithreas a úsáid agus clúidíní a athrú.
- » Caitear le céimí ar gcúl agus timpistí nuair a bhíonn an leithreas á úsáid ar bhealach íogair agus tacúil. Ní chuirtear náire leanaí, nó ní dhéantar iarracht go mbraithfidh siad neamhleor, nó pionós a ghearradh orthu maidir le haon ghné den leithreas a úsáid.

Cúram pearsanta

- » Spreagtar agus tacaítear le leanaí chun a gcúram féin pearsanta a bhainistiú a oireann dá leibhéal féin neamhspleáchais.

Samplaí: a bhfiacra a scuabadh, a srón a ghlanadh, éadaí agus bróga a chur orthu féin.

- » Treoraíonn agus tacaíonn an fhoireann le leanaí a dteastaíonn níos mó cabhrach uathu.
- » Cuireann an tseirbhís feacht chun cinn ar nósanna sláintiúla i measc leanaí.

Samplaí: lámha a ní, ciarsúr glan a úsáid a spreagadh.

- » Taispeántar agus úsáidtear meabhrúcháin phictiúir agus scríofa leis na leanaí chun tacú le cúram pearsanta.
- » Spreagtar agus tacaítear le leanaí chun scileanna féinchabhrach agus sláinteachais phearsanta a fhorbairt.

Samplaí:

- a thaispeáint conas lámha a ní i gceart, agus maoirseacht a dhéanamh ar leanaí nuair a bhíonn a lámha á ní acu roimh agus i ndiaidh sneaiceanna agus béilí, i ndiaidh an leithreas a úsáid, i ndiaidh a shróna a shéideadh, i ndiaidh súgradh míshlachtmhar agus i ndiaidh súgradh taobh amuigh;
- nósanna ina ndéantar fiacra a scuabadh go minic a chur chun cinn, nuair is cleachtas é seo sa tseirbhís;
- deiseanna a sholáthar do leanaí deochanna a dhoirteadh agus freastal orthu féin agus daoine eile i rith am béile agus sneaiceanna, trí úsáid a bhaint as roinnt giuirléidí de mhéid oiriúnach;

- **spás aonair a sholáthar do ghiuirléidí gach linbh, (crúcaí aonair cóta nó caochóga do mhála droma, chun tacú le rochtain agus neamhspleáchas eagraithe);**
- **an tuiscint atá ag leanaí ar shábháilteacht agus timpistí (rólghlacadh, doirteadh a ghlanadh) a chur chun cinn.**

Codladh, scíth, am ciúin

- » Foireann a dhéanann soláthar do chompord gach linbh agus freastalaítear ar an ngá a bhíonn ag gach leanbh le codladh, scíth agus suaimhneas.
- » Oibríonn an tseirbhís le tuismitheoirí agus caomhnóirí i dtaca le patrúin chodlata agus riachtanais chodlata na leanaí.
- » Tugann an fhoireann cead do leanaí codladh nó a scíth a ligean nuair atá tuirse orthu, agus ní hamháin ag am sonraithe.
- » Aithníonn an fhoireann na leideanna aonair tuirse a léiríonn na leanaí a thugann a riachtanais ar chodladh agus scíth le fios.
- » Tacaítear le hamanna néil agus codlata gach linbh le linn na n-uaireanta atá siad sa tseirbhís de réir riachtanais aonair gach linbh, mar seo a leanas:

Aois an linbh (thart ar)	Líon na néalta lena dtacaítear	Fad molta an néil	Codladh oíche atá molta
Faoi thart ar 6 mhí	2 néal i rith an lae	2 - 3 huaire an néal	10 - 11 uair
Faoi thart ar 9 mhí	2 néal i rith an lae	1 - 2 uair an néal	10 - 12 uair
Faoi thart ar bhliain d'aois	2 néal i rith an lae	1 - 2 uair an néal	10 - 12 uair
Faoi thart ar 18 mí go dtí 2 bhliain d'aois	Néal amháin i rith an lae	1 - 2 uair	11 - 12 uair
Faoi thart ar 2 bhliain d'aois	Néal amháin i rith an lae	30 nóiméad	11 - 12 uair

Féach Rialacháin 20 agus 23.

Luaineacht

- » Bíonn deiseanna ag leanaí chun bogadh thart gan srian agus a dtimpeallacht a fhiosrú, taobh istigh agus taobh amuigh.
- » Tá spásanna sábháilte agus compordacha ag an tseirbhís do naíonáin, lapadáin, nó leanaí nach bhfuil ag siúl, chun luí síos, rolladh, bogadh go mall, lámhacán, iad féin a tharraingt aníos, foghlaim conas siúl, agus a bheith cosanta ó leanaí atá in ann siúl níos fearr.

- » Bíonn dóthain deiseanna ag leanaí chun iad féin a bhogadh, chun a scileanna atá ag teacht chun cinn a chleachtadh agus a fheabhsú, ar nós comhordú agus cothromaíochta.
- » Má tá naíonán nó leanbh in ardchathaoir nó píosa eile de threalamh a chuireann srian ar a ngluaiseacht, ní bhíonn siad ann ar feadh breis agus cúig nóiméad déag, seachas ag amanna béile nó sneaice.
- » Ní chuirtear naíonáin i dtrealamh go dtí go bhfuil siad réidh ó thaobh forbartha de.

Sampla: ardchathaoireacha

49. Caidreamh agus idirghníomhú timpeall ar leanaí

Tacaíonn caidreamh le braistint mhuintearais, cóngais agus folláine

- » Tacaíonn an tseirbhís le leanaí chun caidreamh dearfach a chruthú agus a chothú le daoine fásta.

Samplaí:

- **príomhdhuine a shannadh do gach leanbh;**
- **meas a léiriú ar gach leanbh uathúil agus a n-iontaoibh a fhorbairt;**
- **baint ghníomhach a bheith i súgradh leanaí, más cuí (cluichí a thosú, páirt a ghlacadh nuair a thugann leanaí cuireadh dóibh);**
- **iompar a chur ar bun ar bhealach a chruthaíonn atmaisféar dearfach (comhráite sóisialta a chur ar bun go minic, gáire le chéile agus gean a thaispeáint);**
- **éisteacht le glór an linbh fad a chuireann siad a riachtanais, smaointe agus eispéiris in iúl ó bhéal agus go neamhbhriathartha araon, trí leideanna, comharthaí agus comharthaíocht choirp leanaí a léamh;**
- **leanaí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil, ceisteanna a chur agus freagairt orthu ar bhealach a chuireann comhsmaointeoireacht mharthanach chun cinn**
- **leanaí a chothú agus a chur ar a gcompord;**
- **tuineacha boga a úsáid, ainm aonair an linbh a úsáid, agus ísliú anuas chuig a leibhéal agus teagmháil súile a dhéanamh leo.**

- » Tacaíonn an tseirbhís le leanaí chun caidreamh dearfach a chruthú agus a chothú le siblí, piaraí agus leanaí eile.

Samplaí:

- **príomhdhuine a shannadh do gach leanbh;**
- **meas a léiriú ar gach leanbh uathúil agus a n-iontaoibh a fhorbairt;**
- **baint ghníomhach a bheith i súgradh leanaí, más cuí (cluichí a thosú, páirt a ghlacadh nuair a thugann leanaí cuireadh dóibh);**
- **iompar a chur ar bun ar bhealach a chruthaíonn atmaisféar dearfach (comhráite sóisialta a chur ar bun go minic, gáire le chéile agus gean a thaispeáint);**
- **éisteacht le glór an linbh fad a chuireann siad a riachtanais, smaointe agus eispéiris in iúl ó bhéal agus go neamhbhriathartha araon, trí leideanna, comharthaí agus comharthaíocht choirp leanaí a léamh;**
- **leanaí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil, ceisteanna a chur agus freagairt orthu ar bhealach a chuireann comhsmaointeoireacht mharthanach chun cinn**
- **leanaí a chothú agus a chur ar a gcompord;**
- **tuineacha boga a úsáid, ainm aonair an linbh a úsáid, agus ísliú anuas chuig a leibhéal agus teagmháil súile a dhéanamh leo.**

» Tacaíonn an tseirbhís le leanaí chun caidreamh dearfach a chruthú agus a chothú le siblí, piaraí agus leanaí eile.

Samplaí:

- **am a phleanáil inar féidir le naíonáin, leanaí níos óige agus siblí nó cairde níos sine a bheith le chéile;**
- **tacú le leanaí chun a n-idirghníomhú agus cairdeas a fhorbairt le leanaí eile, go háirithe iad siúd nach bhfuil sa tseirbhís ach le tamall, a bhfuil riachtanais bhreise acu, nó a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise;**
- **deiseanna agus súgradh a sholáthar do ghníomhaíochtaí grúpa bhig agus mhóir, óna n-eascraíonn feachtas shóisialta, comhoibriú, obair bhuíne agus braistint muintearais;**
- **a chinntiú go mbíonn deiseanna leanúnacha ag leanaí chun idirghníomhú go neamhfhoirmiúil lena chéile (súgradh saor, súgradh comhuaineach, ithe le chéile);**
- **deiseanna a sholáthar do leanaí chun foghlaim óna chéile agus le chéile, oibriú as lámh a chéile, páirt a ghlacadh i agus cur le tionscadail agus tascanna;**

- deiseanna leanúnacha a sholáthar do leanaí chun cosúlachtaí agus difríochtaí eatarthu a aithint agus le glacadh leo;
- a chinntiú nach ndéantar bulaíocht ar ná ceap magaidh d'aon leanbh, ná nach bhfágtar ar lár é/í;
- tacú le leanaí a thabhairt faoi deara agus a thuiscint conas atá daoine eile ag braistint, agus conas iad a chur ar a gcompord agus cabhrú leo.

Oibríonn an tseirbhís le tuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh

- » Léiríonn an tseirbhís meas agus luach ar thuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh den uile éagsúlacht.

Samplaí:

- tuismitheoirí agus caomhnóirí a aithint mar na príomhchúramóirí agus oideachasóirí a gcuid leanaí;
- cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí ar bhealach íogair, tacúil agus rúnda, agus a bheith oscailte agus ionraic ag an am céanna;
- oibriú le tuismitheoirí agus caomhnóirí trí eolas agus breathnóireacht a roinnt ar shuimeanna, láidreachtaí, riachtanais forbartha agus chúraim, cur chuige i leith foghlama, athruithe ar a saol agus aon bhuarthaí eile a bhíonn ar an leanbh;
- faisnéis laethúil a sholáthar do thuismitheoirí agus caomhnóirí, imeachtaí nó gníomhaíochtaí tábhachtacha ina measc ina mbíonn baint ag a leanbh (mar shampla, patrúin chodlata agus scíthe a linbh);
- deiseanna a sholáthar do thuismitheoirí agus caomhnóirí páirt a bheith acu le gníomhaíochtaí seirbhíse, agus cúinsí an teaghlaigh, ábhair spéise ar leith agus gealltanais ama na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí á gcur san áireamh.

Déantar comhtháthú leis an bpobal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta

Samplaí: tugann leabharlann, eagraíochtaí náisiúnta, cumainn spóirt, ionadaithe pobail cuairt ar an tseirbhís (ceannaire na ngasóg, cóitseálaí peile, fear/bean an phoist, feirmeoir, agus mar sin de).

- » Tá líonraí bunaithe ann leis an bpobal i gcoitinne.
- » Tá rannpháirtíocht sa phobal ag cabhrú le heolas a sholáthar do cháilíocht an chláir agus cur leis agus é a fheabhsú.

Is léir go bhfuil éiteas láidir maidir le hobair bhuíne

- » Is léir go bhfuil spiorad foirne sa tseirbhís.

Samplaí: pléite laethúla neamhfhoirmeálta, cruinnithe rialta foirmeálta, tá clár meantóireachta i bhfeidhm.

- » Oibríonn an fhoireann le chéile leis na spriocanna céanna a bhaint amach.

50. Cuimsiú, éagsúlacht agus aistrithe

Polasaí Cuimsithe

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí cuimsithe](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí cuimsithe.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí cuimsithe.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 8.

Tá an tseirbhís cuimsitheach, aithníonn sí éagsúlacht agus glacann siad le cultúir eile

- » Baineann an tseirbhís úsáid as cur chuige leanbhlárnach, agus cruthaíonn sí timpeallacht chuimsitheach agus éagsúil foghlama ina bhfuil an deis chéanna trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla.
- » Léirítear i ngnáthaimh, eispéiris, ábhair agus gníomhaíochtaí laistigh den tseirbhís cúlraí, féiniúlachtaí, cumas, creidimh, dath craicinn, struchtúir theaghlaigh, teanga, cultúir nó riachtanais bhreise fhairsinge ar bhealach dearfach a chabhraíonn le leanaí chun foghlaim, chomh maith le cur amach a fháil ar agus meas a léiriú ar dhifríochtaí.
- » Cothaítear smaointeoireacht chriticiúil gach linbh, agus cuirtear ar chumas leanaí claonadh, éagóir agus idirdhealú a aithint, freagairt orthu nó dúshlán a chur rompu.
- » Tacaítear leis na leanaí go léir, iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, nó ar foghlaimeoirí dá theanga iad, nó nach bhfuil sa phobal ach le tamall anuas ina measc, le bheith muiníneach faoina n-aitheantas agus braistint láidir mhuintearais a bheith acu gach lá laistigh den tseirbhís.
- » Déanann an fhoireann an leibhéal tacaíochta a sholáthraítear do leanaí ag brath ar chumas an linbh, agus cumasaíonn sé seo rannpháirtíocht pháirteach agus rannpháirtíocht le tacaíocht i measc leanaí.
- » Úsáideann an fhoireann straitéisí dearfacha chun tacú le cuimsiú leanaí.

Samplaí: trí úsáid a bhaint as beannú pearsanta, súil a chaitheamh ar ghrianghraif teaghlaigh, an spreagadh cuí a thabhairt, glacadh le dea-iarrachtaí leanaí.

Polasaí maidir le Socrú Isteach

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí maidir le socrú isteach](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí i dtaca leis an bpolasaí maidir le socrú isteach.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí maidir le socrú isteach.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 18.

Tacú le haistriú leanaí

Samplaí:

- Spreagtar tuismitheoirí agus caomhnóirí chun cuairt a thabhairt ar an tseirbhís sula bhfreastalaíonn a leanbh, agus tugtar cuireadh dóibh chun fanacht leis an leanbh fad a ghlacann siad pé am a theastaíonn chun dul i dtaithe ar a dtimpeallacht nua.
- Tugtar am don leanbh chun socrú isteach ina suíomh nua agus ceadaítear dóibh meabhrúcháin inbhraite a thabhairt leo ar a mbaile (an bréagán is fearr leo, mar shampla).

- » Tá aistriú leanaí **isteach sa** tseirbhís – mar shampla, ar a gcéad lá – chomh héasca agus is féidir agus chomh compordach agus is féidir.
- » Aistrítear leanaí laistigh den tseirbhís – mar shampla, grúpaí a athrú – de réir a cheile agus chomh compordach agus is féidir.

Samplaí:

- Glacann na leanaí páirt in ullmhú don athrú.
- Cuirtear na leanaí ar an eolas ar ghnáthaimh agus aistrithe laethúla d'fhonn gurb eol dóibh an méid ba cheart dóibh súil a bheith leis, agus is féidir leo iad féin a ullmhú d'aistrithe (mar shampla, amhrán am glanta suas).

- » Ba cheart go mbeadh aistriú na leanaí ón tseirbhís – mar shampla, isteach sa bhunscoil – dea-phleanáilte agus dea-eagraithe chun an t-aistriú a dhéanamh chomh compordach agus is féidir agus de réir a chéile.

51. Iompar dearfach leanaí

Polasaí ar Iompar a Bhainistiú

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar iompar a bhainistiú](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar iompar a bhainistiú.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí ar iompar a bhainistiú.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 5.

Cothaítear folláine shóisialta agus mhothúcháinach na leanaí go léir

- » Tacaítear le leanaí chun mothúcháin a aithint, a léiriú agus chun déileáil go dearfach leo.

Samplaí:

- Tacú le leanaí chun a riachtanais agus na rudaí a theastaíonn uathu a chur in iúl, ó bhéal agus go neamhbhriathartha (cártaí pictiúir, comharthaí láimhe), ar bhealach dearfach.
- A réimse fairsing mothúchán a phlé agus a ainmniú, agus comhbhá a bheith do mhothúcháin leanaí eile (sásta, brónach, feargach, mothúcháin eisiaimh agus ag brath gortaithe).
- Cabhrú le leanaí chun teicnící a fhorbairt a chabhraíonn leo a mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha a bhainistiú: [OWL](#) (breathnaigh, fan, éist).
- Éisteacht le leanaí ar bhealach comhbhách lách nuair a léiríonn siad mothúcháin, agus a dhearbhu dóibh gur gnách mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha a bhrath ag amanna.
- Mothúcháin leanaí (dearfach agus diúltach) agus an caidreamh idir gníomhartha leanaí agus freagairtí eile a aithint agus glacadh leo.

- » Tacaítear le leanaí chun féinmhuinín a léiriú.

Samplaí: trí úsáid a bhaint as beannú pearsanta, súil a chaitheamh ar ghrianghraif teaghlaigh, an spreagadh cuí a thabhairt, glacadh le dea-iarrachtaí leanaí.

- » Freagraíonn an fhoireann ar naíonáin ar bhealach tráthúil agus cuí nuair a bhíonn siad ag gol nó má éiríonn siad trína chéile.
- » Tugtar an cúram agus an tacaíocht chuí laistigh den tseirbhís do leanaí a léiríonn go bhfuil deacrachtaí sóisialta agus mothúcháin acu.

Tacaítear le leanaí chun féinrialúchán agus iompar sóisialta a fhorbairt

- » Tá an timpeallacht shóisialta agus fhisiciúil spreagthach, dúshlánach agus suimiúil do leanaí, agus tá sí dírithe ar a rannpháirtíocht agus baint ghníomhach.
- » Cabhraíonn an fhoireann le leanaí chun na rialacha a bhaineann le bheith le daoine eile a aithint agus a thuiscint.

Samplaí: ag feitheamh lena seal, éisteacht lena chéile, fadhbanna a réiteach le chéile, rudaí a roinnt.

- » Cothaítear timpeallacht inarb eol do leanaí cá bhfuil na teorainneacha agus inarb eol dóibh go bhfuil súil leis go n-iompraíonn siad iad féin laistigh den tseirbhís.
- » Tacaíonn an fhoireann le leanaí chun dul isteach i ngrúpaí sóisialta, cairdeas a fhorbairt le leanaí eile, agus foghlaim chun cabhrú agus idirchaidreamh dearfach a chothú le leanaí agus daoine fásta eile.
- » Spreagann agus molann an fhoireann leanaí as iompar sonrach, dearfach agus cuí.
- » Tugtar roghanna eile dearfacha do leanaí, seachas díreach 'níl' a rá leo.
- » Tacaítear le leanaí chun coimhlínt a chosc, a bhainistiú agus a réiteach.

Samplaí:

- **coinníollacha a chruthú a íoslaghdaíonn coimhlínt idir leanaí (dóthain trealamh agus ábhair a bhfuil éileamh mór orthu a sholáthar);**
- **gníomhú chun cosc a chur ar choimhlíntí féideartha agus na leanaí a spreagadh chun coimhlínt a réiteach más ann di;**
- **freagairt go pras ar leanaí a bhfuil comharthaí nó leideanna á dtabhairt acu a léiríonn riachtanais nó a chuireann in iúl iad;**
- **leanaí a spreagadh chun idirghabháil a dhéanamh agus chun coimhlíntí a réiteach go síochánta, le hidirghabháil agus treoir ó dhaoine fásta nuair is gá;**
- **tacú go gníomhach le leanaí chun a ndifríochtaí agus fadhbanna a réiteach gan 'a insint dóibh' nó 'a ordú dóibh' cad ba cheart a dhéanamh; agus**
- **leanaí a spreagadh agus tacú leo chun iad féin a bhaint ó chásanna ina mbíonn siad thíos le frustrachas, fearg nó eagla.**

- » Tacaítear agus cabhraítear le leanaí a chuireann iompar dúshlánach ar bun chun a mothúcháin agus suaitheadh a chur faoi smacht.

Samplaí:

- **athbhreithniú a dhéanamh ar chlár cúraim an linbh lena chinntiú go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais chúraim, foghlama agus forbartha an linbh;**
- **athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlactar chun dul i ngleic le hiompar dúshlánach leanúnach linbh, d'fhonn go dtapaítear gach deis lena chinntiú go bhfeabhsaíonn an t-iompar;**
- **idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh chun oibriú leo chun dul i ngleic leis na saincheistanna a bhaineann le hiompar an linbh (plean bainistíochta iompair a fhorbairt, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le caomhnóirí ó shaineolaithe nó gairmithe seachtracha); agus**
- **measúnú riosca a fhorbairt chun na rioscaí a bhainistiú a bhaineann leis an iompar atá roimh an leanbh agus leanaí eile agus an fhoireann.**

Cleachtais choiscthe

- » Ní thugtar faoi chleachtais agus ní bhagraítear go dtugtar faoi chleachtais nach léiríonn meas, atá díobhálach nó náireach, a dhéanann dúshaothrú nó imeaglú, a dhéanann díobháil mhothúchánach nó fhisiciúil, nó a dhéanann faillí ar aon leanbh **fad a bhíonn siad ag freastal ar an tseirbhís.**

Samplaí: bia a shiarchoinneáil mar phionós, leanbh a aonrú i seomra, halla nó spás teoranta.

- » Cuirtear cosc ar phionós corpartha.
- » Ní bhaineann an fhoireann úsáid as aon fhoirm idirghabhála fisicí.

Samplaí: srian fhisiciúil a chur ar leanbh chun a n-iompar a bhainistiú – mura gá é sin a dhéanamh chun cosc a chur ar an leanbh, leanbh eile nó duine fásta a ghortú, nó chun cosc a chur ar dhíobháil thromchúiseach a dhéanamh do mhaoín. Cuirtear aon teagmhas den saghas sin i dtaifead agus cuirtear na tuismitheoirí nó caomhnóirí ar an eolas ar an teagmhas ar an lá.

52. Tacaíonn an timpeallacht le foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh

Tacaíonn dearadh, eagraíocht agus soláthar acmhainní na timpeallachta le folláine, foghlaim agus forbairt gach linbh, laistigh d'éiteas agus fealsúnacht na seirbhíse

- » Tá an timpeallacht compordach, fáilteach agus leagtha amach chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine fásta go léir sa suíomh.
- » Soláthraítear sa timpeallacht réimse eispéiris dhúshlánacha, éagsúla, chruthaitheacha agus saibhrithe do na leanaí go léir ar aon dul lena gcéim forbartha.
- » Tá an t-atmaisféar sa timpeallacht foghlama spreagthach agus réchúiseach.
- » Spreagann an fhoireann leanaí chun idirghníomhú le agus idirchaidreamh a dhéanamh le réimse ábhar, gníomhaíochtaí, trealamh sa timpeallacht taobh istigh agus taobh amuigh, bunaithe ar riachtanais, roghanna, ábhair spéise agus aois agus céim forbartha an linbh.

Samplaí: cré, tomhais, earraí ón dúlra, prapaí súgartha drámaíochta, ábhair le marc a dhéanamh (dathanna, páipéar, cailc).

- » Tá an timpeallacht solúbtha agus freagrúil do riachtanais, roghanna, ábhair spéise na leanaí atá ag athrú agus ag teacht chun cinn.

An timpeallacht taobh istigh

- » Soláthraíonn an tseirbhís timpeallacht atá mealltach ó thaobh amhairc de, a cheadaíonn do na leanaí smaoineamh as a stuaim féin, agus a chuireann leis an bhfoghlaim

Samplaí: ábhair spéise a thaispeáint ar leibhéal na súl do na leanaí, saothar féin ealaíne na leanaí a thaispeáint, lipéid agus pictiúir a úsáid chun cabhrú le leanaí ábhair a shainaithint.

- » Tá teacht ar dhóthain ábhair agus trealamh éagsúil, a dhéantar a rothlú le hoiriúint don chlár athraitheach agus le hoiriúint don ábhar spéise agus leibhéil scileanna reatha agus nua.
- » Tá ábhair shúgartha ar fáil sa tseirbhís ag a bhfuil dathanna, uigeachtaí, cruthanna agus méideanna éagsúla le triail a bhaint astu agus le hiad a fhiosrú gan srian

Samplaí: rudaí nádúrtha ar nós craobhóige agus púróg, rudaí somhúnlaithe ar nós taos súgartha, agus ábhair a dtagtar orthu ar nós sliogáin trá.

- » Déantar ábhair agus trealamh a leagan amach ionas go mbíonn siad le feiceáil agus go mbíonn teacht neamhspleách gan stró orthu i measc na leanaí a chur chun cinn.
- » Cuirtear limistéir éagsúla spéise ar fáil, áit a n-eagraítear nó a ngrúpáiltear le chéile trealamh agus ábhair a mbaintear an úsáid chéanna astu.

Samplaí: limistéar litearthachta, limistéar céadfach, limistéar súgartha drámaíochta.

- » Spreagann na hábhair agus an trealamh atá ar fáil laistigh den tseirbhís gníomhaíochtaí súgartha fhisiciúil agus chiúin araon.

An timpeallacht taobh amuigh

- » Síneadh atá sa limistéar taobh amuigh leis an limistéar dea-phleanáilte taobh istigh agus tá sé nasctha leis an bhfoghlaím a dhéantar taobh istigh.
- » Bíonn deiseanna ag leanaí a bheith taobh amuigh a mhinice agus is féidir, cuma an aimsir, seachas nuair nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar [mheasúnú riosca](#).
- » Tacaíonn an trealamh agus na hábhair sa limistéar súgartha taobh amuigh le súgradh, gluaiseacht agus taiscéaladh leanaí, agus cuireann sé deiseanna ar fáil nach gcuirtear ar fáil taobh istigh.
- » Cuirtear spásanna sábháilte agus compordacha taobh amuigh ar fáil do leanaí nach bhfuil ag siúl go fóill.
- » Cuirtear gníomhaíochtaí agus deiseanna ar fáil sa timpeallacht súgartha taobh amuigh don mhéid seo a leanas:

- aer úr;
- taiscéaladh;
- áit inar féidir le leanaí a scíth a ligean;

Samplaí: limistéar ciúin, limistéar chun plandaí a chur.

- áit inar féidir le leanaí fuinneamh a scaoileadh;

Sampla: rith sa tóir ar bholgáin.

- aclaíocht agus súgradh;

Samplaí: léim, dreapadh.

- taiscéaladh, idirchaidreamh agus turgnamh a dhéanamh leis an dúlra;

Samplaí: uisce, garraíodóireacht.

- foghlaim faoi riosca agus foghlaim ó riosca, agus dúshlán a chur faoina gcumas féin laistigh de theorainneacha sábháilte;

Samplaí de shúgradh baolach:

- luascadh;
- lámhacán;
- crainn chun pluais a dhéanamh;
- limistéir arda inar féidir le leanaí coimeád cothrom.

- cluichí foirne;

Samplaí: cúrsa bacainní, clib.

- foghlaim a chuirfidh barr feabhais ar gach gné dá bhforbairt.

53. Cinntíonn an tseirbhís soláthar agus cáilíocht éifeachtach chúraim.

Deartar nó tugtar faoi chlár fiúntach agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- » [Ráiteas Cuspóra agus Feidhme](#) na Seirbhíse.
- » Súgradh mar an bpríomh-mhodh foghlama do leanaí.
- » Aois agus céim forbartha na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- » An fad ama a chaitheann an leanbh sa tseirbhís.
- » Ábhair spéise agus roghanna, a léiríonn leanaí iad féin.
- » Riachtanais sláinte agus sábháilteachta na leanaí.
- » Meas don leanbh mar pháirtí agus mar rannpháirtí gníomhach sa tseirbhís.
- » Breathnóireacht agus measúnuithe leanúnacha ó fhoinsí éagsúla chun pictiúr iomlán leathan de gach leanbh aonair a chruthú.
- » Na tacaíochtaí cúraim agus cláir a theastaíonn ó fholláine, forbairt agus foghlaim leanaí.

Samplaí:

- **A bheith freagrúil don ghá a bhíonn ag leanbh le scíth nó a bheith gníomhach, agus cothromaíocht a bheith ann idir gníomhaíochtaí ciúine agus gníomhacha.**
- **Sceidil agus gnáthaimh laethúla a sholáthar do leanaí atá intuartha, ach solúbtha ag an am céanna.**
- **Deiseanna a sholáthar chun foghlaim faoi chothú ceart, sláinteachas pearsanta, dea-shláinte, féinchabhair agus sábháilteacht phearsanta.**

- Dóthain ama agus tacaíochta a thabhairt d'aistrithe.
- Neamhspleáchas a chur chun cinn, ach tacaíocht a thabhairt nuair a theastaíonn sé.
- Deiseanna a sholáthar chun éagsúlacht (difríocht inscne, difríochtaí i gcomhdhéanamh teaghlaigh) a fhiosrú, glacadh leis agus chun meas a léiriú air.
- Réimse gníomhaíochtaí taobh amuigh agus taobh istigh atá faoi stiúir daoine fásta agus a thosaíonn leanaí a sholáthar do leanaí le hiad a fhiosrú ina n-aonair agus mar chuid de ghrúpa.
- Tabhairt faoi [thurais](#) chun barr feabhais a chur ar dheiseanna foghlama do leanaí.
- Deiseanna don mhéid seo a leanas a fheabhsú:
 - Forbairt fhisiciúil (gluaiseacht mhínluaile agus oll-luaile, rithim agus gluaiseacht).
 - Forbairt chognaíoch (réiteach faidhbe, smaointeoireacht chriticiúil, réasúnaíocht, samhlaíocht).
 - Forbairt teangeolaíochta (cumarsáid, teanga agus litearthacht).
 - Forbairt mhothúcháinach (féinfheasacht, féinmhuinín agus féinrialúchán).
 - Forbairt shóisialta (scileanna sóisialta agus forbairt chaidrimh).
 - Forbairt chéadfach (na céadfaí a spreagadh in eispéiris súgartha ghníomhaigh, céadfaí an tadhaill, an amhairc, na héisteachta, an bhlais agus an bholaidh a thabhairt le chéile).
- Cabhrú le leanaí foghlaim trí eispéiris ghníomhacha theagmhálacha; súgradh, taiscéaladh, turgnamh agus fiosrú.
- Deiseanna a sholáthar do leanaí páirt a ghlacadh ar roinnt bealaí cruthaitheacha (ceol, súgradh drámaíochta, eolaíocht agus spreagadh na gcéadfaí).
- Deiseanna a sholáthar do dhúshlán a chur faoin leanbh, rioscaí a ghlacadh, máistreacht agus rath a bhaint amach agus tabhairt faoi sheanchoincheapa agus coincheapa nua foghlama.
- Deiseanna a sholáthar do leanaí chun ceannaireacht a thabhairt agus roghanna agus cinntí a dhéanamh.

Pleananna foghlama aonair

» San áit a dteastaíonn Plean Cúraim Aonair, cinntíonn an tseirbhís go bhfuil an cúram a sholáthraítear do gach leanbh ar aon dul lena bplean féin. Maidir leis an bplean:

- déantar é a fhorbairt i gcomhar leis an tseirbhís, más cuí.
- déanann sé cur síos ar leibhéal reatha forbartha an linbh.
- sonraítear annaon ghálairr ainsealacha nó saincheisteanna sláinte a bhfuil cóir leighis á cur ar an leanbh ina leith agus a bhfuil cúram á sholáthar don leanbh ina leith faoi láthair.

Samplaí: ailléirgí, plúchadh, lagú céadfach.

- déanann sé cógais, cóir leighis agus idirghabháil eile theiripeach a dhoiciméadú.
- sonraítear conas a fhreastalóidh an tseirbhís ar riachtanais an linbh.

Samplaí:

- Éagsúlú forbartha a sholáthar, lagú céadfach, nó riachtanais bhreise.
- Tacaíocht mhothúchánach agus iompraíochta a sholáthar.
- Cúram éigeandála a sholáthar maidir le riocht sláinte sainithe.

Tugtar sa phlean cúraim éigeandála seo sonraí faoin méid ba cheart a dhéanamh in éigeandáil leighis. Déanann tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí an plean a chur le chéile le treoir ó lia-chleachtóir (mar shampla, dochtúir ginearálta nó sainchomhairleoir).

54. Teicneolaíocht, an t-idirlín, gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta ina measc

Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Fótagrafacha agus Taifeadta

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar úsáid an idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha ar an bpolasaí ar úsáid an idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta.

Féach Rialachán 10

Féach Aguisín 15.

Úsáid teicneolaíochta

- » Ní úsáidtear teicneolaíocht ach laistigh den tseirbhís chun barr feabhais a chur ar agus tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.
- » San áit a soláthraíonn an tseirbhís teacht ar theicneolaíocht, caithfidh sí a chinntiú go bhfuil na bogearraí oiriúnach d'aois agus céim forbartha an linbh, agus go dtacaíonn sé leis an gclár chun feabhas a chur ar smaointeoireacht chriticiúil, réiteach faidhbe agus scileanna réasúnaíochta.
- » Freastalaítear ar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu chun an teicneolaíocht a úsáid go neamhspleách, de réir mar is gá.
- » Tá tréimhse shainithe choinneála ann do gach íomhá agus taifeadadh a ghlactar/a dhéantar laistigh den tseirbhís le toiliú tuismitheoirí agus caomhnóirí, taifeadadh CCTV agus íomhánna a chuirtear in airde ar na meáin shóisialta ina measc.
- » Ní choimeádtar ná ní thaispeántar íomhánna agus taifeadtaí an linbh ach ar aon dul le tréimhse choinneála an pholasaí.

Rialachán 20: Saoráidí le haghaidh Sosa agus Súgartha

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú saoráidí cuí sábháilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais leanaí i dtaobh codlata agus scíthe.

Caithfidh tú a aithint go bhfuil saoráidí cuí taobh istigh agus taobh amuigh laistigh de sheirbhísí tábhachtach do shláinte agus folláine forbartha leanaí. Ba cheart na saoráidí seo a eagrú d'fhonn go ndéanann siad gach leanbh a spreagadh sa timpeallacht foghlama, agus go gcuireann siad súgradh agus gníomhaíocht shábháilte fhisiciúil chun cinn do leanaí i ngrúpaí éagsúla aoise agus a bhfuil cumas éagsúil acu.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála Saoráidí le haghaidh Scíthe agus Codlata

55. Róil agus freagrachtaí

- » Tá [an fhoireann ábhartha](#) ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí maidir le saoráidí riachtanacha le haghaidh scíthe agus codlata.

Féach Rialachán 9.

56. Tacú le riachtanais chodlata aonair

- » Tá na háiseanna agus an trealamh codlata agus scíthe a sholáthraíonn an tseirbhís oiriúnach do gach aois, céim forbartha agus riachtanais aonair na leanaí a úsáideann an tseirbhís.
- » Is féidir leis [an bhfoireann](#) bogadh go héasca timpeall an chliabháin nó mata codlata le freastal ar riachtanais chúraim na leanaí.
- » Tá dóthain trealamh scíthe agus codlata laistigh den tseirbhís do gach leanbh le dul a chodladh nó a scíth a ligean le linn an lae.
- » Laghdaítear an soilsíú sna seomraí codlata agus scíthe, ach go dtí leibhéal inar féidir leis an bhfoireann seiceálacha amhairc a dhéanamh go fóill.
- » Tá na limistéir chodlata agus seomra scíthe ciúin le linn amanna codlata agus scíthe.

- » Soláthraítear éadaí leapa aonair (braillíní agus pluideanna) do gach leanbh.
- » Déantar an línéadach a ní i ndiaidh gach úsáid, mura bhfuil sé á úsáid ach ag an leanbh sin amháin.
- » Tá stóráil chuí ar leith ar fáil do:
 - éadaí leapa glana nár úsáideadh go fóill;
 - éadaí leapa nach ndéantar iad a ní i ndiaidh gach úsáide;
 - éadaí leapa salacha atá le ní.

57. Leanaí faoi 2 bhliain d’aois

- » Braitheann na saoráidí codlata do leanaí níos óige ná 2 bhliain d’aois ar líon na leanaí a bhfuiltear le freastal orthu:
 - Tá seomra codlata ar leith ann do leanaí atá níos óige ná 2 bhliain d’aois, mura bhfuil cúram á thabhairt do bhreis agus 6 leanbh in aon seomra amháin. Sa chás siúd, féadfaidh an limistéar codlata a bheith sa seomra céanna, a fhad agus a bhíonn coinníollacha áirithe i bhfeidhm.
 - Nuair a thugtar cúram do 6 leanbh níos óige ná 2 bhliain, ar a mhéid, i seomra, féadfaidh an limistéar codlata do na leanaí seo a bheith sa seomra céanna má tá tomhas an spáis do gach leanbh níos óige ná 2 bhliain d’aois 4.2 méadar cearnach ar a laghad.
 - Tá an limistéar codlata chiúin agus measúil, amach ó ghníomhaíocht, gluaiseacht agus torann.
 - Coimeádtar teocht an tseomra codlata idir 16°C agus 20°C.
 - Bíonn teacht ar agus codlaíonn gach leanbh suas go dtí 2 bhliain d’aois laistigh den tseirbhís i gcliabhán caighdeánach, mura gnách don leanbh dreapadh amach ón gcliabhán – agus is sábháilte leaba urláir nó mata sa chás sin.
 - Tugtar [measúnú riosca](#) doiciméadaithe chun críche ar leanbh aonair má shainaithnítear gur dóchúil go ndreapfaidh leanbh amach ón gcliabhán.
 - Is dóthanach don líon cliabhán a sholáthraítear laistigh den tseirbhís i dtaobh líon na leanaí laistigh den tseirbhís agus saghas na seirbhíse. Baineann an tábla seo a leanas:

Aois an linbh (thart ar)	Líon na gcliabhán
6 mhí	Cliabhán amháin do gach leanbh
9 mí	Tá cliabháin ar fáil do dhá thrian de na leanaí sa raon aoise seo
18 mí - 2 bhliain	Tá cliabháin ar fáil do leath na leanaí sa raon aoise seo

- Maidir leis na cliabháin go léir a úsáideann an tseirbhís:
 - tá bail mhaith orthu;
 - tá caighdeán aitheanta sábháilteachta acu;
 - tá barraí cliabháin acu níos lú ná 6cm óna chéile (cruinn), nó níos lú ná 7.5cm óna chéile (réidh);
 - tá ar a laghad 50cm idir barr an toichta agus barr an chliabháin;
 - níl aon teannta coise ar an taobh, ná níl aon ghearradh amach i mbun an chliabháin;
 - tá siad suite amach ó [rioscaí](#) féideartha.

Samplaí: fuinneoga, cuirtíní, dallóga, solas gréine díreach, radaitheoirí téite

- » Maidir leis na tochtanna cliabháin a úsáideann an tseirbhís:
 - tá siad glan;
 - tá siad leagtha amach réidh agus níl siad ardaithe;
 - tá siad den mhéid agus den oiriúint cheart;
 - tá siad crua a dhóthain;
 - tá siad clúdaithe le hábhar uiscédhíonach;
 - tá bail mhaith orthu;
 - is fusa iad a ghlanadh agus a dhíghalrú;
 - tá siad dea-aeráilte agus tirim;
 - tá bearna idir an tocht agus taobh an chliabháin atá níos lú ná 2.5cm;
 - tá caighdeán aitheanta sábháilteachta acu.

58. Leanaí 2 bhliain d'aois agus níos sine

- » Tá teacht ag leanaí os cionn 2 bhliain d'aois nach mór dóibh dul a chodladh ar leaba íseal-leibhéil nó mata.
- » Cuirtear mata codlata aonair nó leaba linbh ar fáil do gach leanbh óna dteastaíonn codladh (leaba champála, inchruachta, mataí) atá suite ar bhealach a cheadaíonn teacht gan stró timpeall ar gach mata nó leaba.
- » Baineann leapacha agus mataí caighdeáin aitheanta sábháilteachta amach.
- » Glantar mataí codlata idir úsáidí.
- » Cuirtear piliúr ar fáil do leanaí 2 bhliain d'aois agus níos sine ag am scíthe nó codlata.
- » Féadfaidh leanaí 2 bhliain d'aois agus níos sine codladh ar mhataí nó leapacha sa seomra réamhscoile, áit a mbíonn siad de ghnáth, a luaithe a fhreastalaítear ar riachtanais na leanaí uile sa seomra.
- » Nuair atá gach cuid nó cuid den seomra réamhscoile á húsáid le haghaidh scíthe, freastalaítear ar aon leanbh nach dteastaíonn codladh nó scíth uaidh, nó nach bhfuil ag iarraidh dul a chodladh ná a scíth a ligean, go cuí i limistéar eile den tseirbhís.
- » Mura bhfuil ach seomra amháin ar fáil, eagraítear gníomhaíochtaí ciúine i gcuid eile den seomra do leanaí nach bhfuil ag codladh nó nach bhfuil a scíth á ligean acu.

Samplaí: léitheoireacht, míreanna mearaí, dathú.

59. Earraí a choisctear do leanaí atá ag codladh

- » Ní úsáidtear na hearraí seo a leanas mar shaoráid chodlata ag an tseirbhís:
 - suíocháin ghluaisteáin, bugaithe, naíchóistí agus iompróirí naíonáin;
 - tochta inséidte, leapacha inséidte nó leapacha uisce;
 - málaí suí;
 - toilg, agus cathaoireacha;
 - cliabháin taistil nó cliabháin iniompartha;
 - cliabháin bhuinc nó cliabháin inchruachta;
 - piliúir agus cúisíní mar bhonn le codladh orthu.

Féach Rialacháin 19 agus 23.

Saoráidí Imeartha

60. Róil agus freagrachtaí

- » Tá an fhoireann ábhartha ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí maidir leis na saoráidí riachtanacha le haghaidh súgartha taobh istigh agus taobh amuigh araon.

Féach Rialachán 9.

61. Súgradh faoi dhíon

- » Tá spás an limistéir taobh istigh deartha agus socraithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - spás a choimeád atá glan, eagraithe agus saor ó thranglam;
 - freastal ar leanaí ar bhonn aonair, i ngrúpaí beaga agus i ngrúpa mór;
 - an spás a roinnt ina limistéir ina gcuirtear ábhair ar fáil a eagraítear ar bhealach chun tacú le súgradh agus foghlaim leanaí;
 - rochtain iomlán a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu (agus na hoiriúintí atá de dhíth a dhéanamh) ar an gclár sa spás taobh istigh;
 - rochtain a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu ar na saoráidí, gníomhaíochtaí agus deiseanna súgartha céanna a thugtar do na leanaí eile, chun a leas agus forbairt a chur chun cinn.

Féach Rialachán 19.

62. Súgradh faoin aer

- » Tá an fhoireann ábhartha ar an eolas ar a róil agus freagrachtaí i dtaobh pholasaí na seirbhíse maidir le súgradh taobh amuigh a chur i bhfeidhm má sholáthraítear an súgradh sin do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Féach Rialachán 19.

Teacht ar shúgradh taobh amuigh

- » Teastaíonn ó sheirbhísí a chláraigh áitreabh **an 30 Meitheamh 2016 nó ina dhiaidh**, agus iad siúd a d'aistrigh áitreabh an 30 Meitheamh 2016 nó ina dhiaidh spás
- » oiriúnach, sábháilte agus slán taobh amuigh spás san [áitreabh](#) atá inrochtana do na leanaí ar bhonn laethúil.

- » I gcás seirbhísí a cláraíodh **roimh an 30 Meitheamh 2016**, tá rochtain de dhíth ar bhonn laethúil ar spás taobh amuigh, ar an áitreabh nó amach ón áitreabh:
- » Sa chás go soláthraítear rochtain ar spás taobh amuigh ar an áitreabh, tá sé oiriúnach, sábháilte agus slán.
- » Sa chás go soláthraítear rochtain amach ón áitreabh, tá an spás taobh amuigh oiriúnach.
- » Tagann leanaí ar an spás taobh amuigh ar bhonn laethúil, mura n-ordaíonn an tseirbhís a mhalairt dóibh i ndiaidh measúnú riosca.
- » Déanann an tseirbhís an gá atá le sábháilteacht a chothromú leis an ngá atá le heispéiris fhisiciúla dhúshlánacha.
- » Léirítear sa trealamh agus na hábhair atá ar fáil sa limistéar súgartha taobh amuigh ardchaighdeán na seirbhíse, agus cuireann siad deiseanna súgartha, gluaiseachta agus taiscéalaíochta ar fáil do leanaí a bhaineann go heisiach leis an taobh amuigh.
- » Bíonn teacht iomlán ag leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu (agus na hoiriúintí a theastaíonn a dhéanamh) ar an gclár sa spás taobh amuigh.

Féach Rialachán 19.

Riachtanais sábháilteachta sa chás go bhfuil an limistéar súgartha taobh amuigh san áitreabh

- » Baintear an limistéar súgartha taobh amuigh amach ar bhealach a bhíonn i gcónaí saor ó [ghluaiseacha](#).
- » Tá an limistéar súgartha taobh amuigh faoi iamh le fál nó bacainní nádúrtha.
- » Tá an limistéar súgartha taobh amuigh leordhóthanach i dtaobh méide do líon na leanaí a úsáideann é, agus tá sé oiriúnach dá n-aoisghrúpaí.
- » Déantar sliotáin ama a sceidealú má bhíonn an spás teoranta.
- » Cuireann fálta agus bacainní cosc ar rochtain ar shráideanna agus contúirtí eile, ar nós claiseanna, guaiseacha uisce nó toibreacha. Ní chuireann na bacainní cosc ar na leanaí ó bheith le feiceáil ag an bhfoireann ábhartha.
- » Cosnaíonn an limistéar súgartha taobh amuigh leanaí ón méid seo a leanas:
 - pointí greama, pointí géara, agus crua-earraí a ghobann amach;
 - leanaí a bheith sáinnithe;
 - guaiseacha tuislithe.
- » Tá trealamh súgartha sa limistéar taobh amuigh óna dteastaíonn [dromchla maolaithe turrainge](#) rátáilte ó thaobh sábháilteachta de agus tá sé suiteáilte de réir riachtanais an déantúsóra.

- » Déanann an fhoireann maoirseacht amhairc agus fuaime **araon** ar gach leanbh i ngach **limistéar** ina bhfuil uisce.
- » Níl teacht ag leanaí ar choire, araidí bruscair, umar ola nó soláthar gáis na seirbhíse i limistéir shúgartha taobh amuigh.
- » Níl teacht ag leanaí ar bhoscaí baoite rialaithe lotnaidí atá i limistéir shúgartha taobh amuigh.

Súgradh taobh amuigh ina bhfuil an limistéar súgartha taobh amuigh amach ón áitreabh

- » Cuirtear an [polasaí turas](#) i bhfeidhm nuair is gá.
- » Tugtar faoi mheasúnú riosca roimh gach cuairt.
- » Sainaithnítear sa mheasúnú riosca aon ghuaiseacha agus conas is féidir deireadh a chur le haon riosca féideartha i leith gortú nó teagmhais ó na guaiseacha seo nó a bhainistiú go sábháilte.
- » Níl leanaí i mbaol ag baill den phobal, agus tá siad cosanta ó aird gan iarraidh fad a bhíonn siad i limistéar súgartha taobh amuigh nach bhfuil lonnaithe san áitreabh.

Féach Rialachán 23.

Polasaí ar Shúgradh Taobh Amuigh (nuair a sholáthraítear an súgradh sin do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís)

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar shúgradh taobh amuigh](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar shúgradh taobh amuigh.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca le súgradh taobh amuigh.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 13.

Rialachán 22: Bia agus Deoch

Cuspóir

Mar an soláthraí cláraithe, caithfidh tú a chinntiú go dtugtar aiste bia chothaitheach agus éagsúil do na leanaí go léir a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, a chuireann a riachtanais agus roghanna aonair san áireamh.

Riachtanais an Chomhlíonta Rialála

63. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an [bhfoireann ábhartha](#) ar a róil agus freagrachtaí maidir lena chinntiú go mbíonn [bia agus deoch](#) leordhóthanach oiriúnach cothaitheach agus éagsúil ar fáil do gach leanbh

Féach Rialachán 9.

64. Bia sláintiúil

Polasaí ar Bhia Sláintiúil

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar bhia sláintiúil](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar bhia sláintiúil.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí ar bhia sláintiúil.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 12.

65. Bia agus deoch

- » Tá méideanna leordhóthanacha bia agus méideanna oiriúnacha sciar ar fáil do leanaí. Tá an bia oiriúnach d'aois agus céim forbartha an linbh, agus tá dóthain bia ar fáil chun soláthar a dhéanamh don líon uaireanta a bhíonn an leanbh faoi chúram na seirbhíse.
- » Cuirtear dhá bhéile agus dhá sneaic ar a laghad ar fáil do leanaí i gCúram Lae Iomláin – is é sin, níos mó ná 5 huaire – agus is béile te é ceann amháin de na béilí. Mura bhfuil leanbh ag iarraidh bia ar aon chúis, tá rogha eile sláintiúil ar fáil.
- » Cuirtear dhá bhéile agus sneaic amháin ar a laghad ar fáil do leanaí i gcúram lae suas go dtí seisiún 5 huaire ar a mhéid. Níl gá le béile te a chur ar fáil.

- » Faigheann leanaí i gcúram lae suas go dtí seisiún 3.5 uair béile amháin agus sneaic amháin¹¹.
- » Tá uisce óil glan agus sábháilte ar fáil agus tá teacht ag leanaí air ag gach tráth.
- » Déantar uisce úsáidtear do naíonáin faoi 1 bhliain d'aois a bheiriú agus a fhuarú sula n-úsáidtear é.
- » Tacaítear le leanaí chun freastal a dhéanamh orthu féin de réir mar is cuí.
- » Ní hiad ach uisce agus bainne an t-aon deochanna a chuirtear ar fáil.
- » Tá na béilí agus sneaiceanna de na huigeachtaí cuí do naíonáin¹².
- » Cuirtear tacaíochtaí beathaithe cíche ar fáil má tá siad de dhíth.

Samplaí: stóráil do bhainne cíche, agus saoráidí a chur ar fáil do mháithreacha chun beathú cíche a dhéanamh.

- » Déantar bainistiú cuí ar bhainne púdrach foirmle do naíonáin sa tseirbhís¹³.
- » Áirítear leis na soláthairtí sábháilteachta bia:
 - saoráidí sábháilte chun bia a stóráil, cuisneoir ina measc do bhia-ábhair shomheata;
 - córas ina mbíonn an bia agus na deochanna go léir a thugtar ó bhaile an linbh inaitheanta don leanbh.
- » Bíonn ócáidí speisialta, ar nós cóisirí breithlae ar aon dul le polasaí na seirbhíse ar bhia sláintiúil.

Féach Rialachán 27.

¹¹ I gcleachtas, ciallaíonn sé sin, má fhreastalaíonn leanbh ar sheirbhís sheisiúnach agus mura raibh bricfeasta aige/aici (seisiún na maidine), nó lón (seisiún an tráthnóna), cuirtear bricfeasta nó lón ar fáil, chomh maith leis an sneaic rialta.

¹² I gcomhréir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Do Leanbh a Bheathú: Béilí Teaghlaigh a Thabhairt Isteach (Feeding your Baby: Introducing Family Meals), atá ar fáil ag: www.healthpromotion.ie/hp-files/docs/HPM00971.pdf.

¹³ Bainistítear bainne púdrach foirmle do naíonáin i gcomhréir le Nóta Treorach Uimhir 22 de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, atá ar fáil ag: www.lenus.ie/hse/bitstream/10147/227213/1/GN+22+REV+2+FINAL.pdf.

Mír 2

Sábháilteacht

Is iad na rialacháin a bhaineann leis an limistéar seo:

- **Rialachán 23:** Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Linbh a Chosaint.
- **Rialachán 24:** Seiceáil Isteach agus Amach agus Taifead ar Fhreastal.
- **Rialachán 25:** Garchabhair.
- **Rialachán 26:** Bearta Sábháilteachta ó Dhóiteán.
- **Rialachán 27:** Maoirseacht.
- **Rialachán 28:** Árachas.

Rialachán 23: Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Linbh a Chosaint

Cuspóir

Baineann ríthábhacht le cosaint agus leas an linbh i do sheirbhís, agus tugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine na leanaí. Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú a bheith tiomanta do na leanaí faoi do chúram a chosaint, agus timpeallacht shábháilte a sholáthar inar féidir leo súgradh, foghlaim agus forbairt.

Téitear i ngleic leis an méid seo a leanas i scóip an rialacháin seo:

- » Sábháilteacht Ghinearálta
- » Codladh Sábháilte
- » Cógais a Dháileadh
- » Bainistíocht [Turas](#) (nuair a thugtar fúthu)
- » Rialú Ionfhabhtuithe
- » Bainistíocht [riosca](#)
- » Cosc ar [Thimpistí](#) agus [Teagmhais](#)
- » [Sábháilteacht ó Dhóiteán](#)

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

66. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an soláthraí cláraithe agus gach duine a oibríonn sa tseirbhís ar a ról agus réimse féin freagrachtaí sa tseirbhís le sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chinntiú.

Féach Rialacháin 9 agus 29.

Féach Aguisín 21.

Sábháilteacht Ghinearálta

B'fhéidir nach rachaidh na pointí seo a leanas a liostaítear i ngleic le gach saincheist sábháilteachta. Féadfaidh saincheisteanna agus [guaiseacha](#) nua teacht chun solais le himeacht ama. Mar sin, caithfidh an soláthraí cláraithe a chinntiú go ndéantar gach gné dá seirbhís a athbhreithniú agus a mheasúnú le sábháilteacht na leanaí go léir a fhreastalaíonn a chinntiú.¹⁴

67. Bainne foirmle do naíonáin

- » Má dhéanann [an fhoireann](#) bainne foirmle do naíonáin nó bainne cíche a théamh, téitear an bainne trí úsáid a bhaint as téitheoir buidéal nó tríd an mbeathú a chur i gcoimeádán uisce the ar feadh tréimhse nach faide ná 15 nóiméad.¹⁵
- » Ní théitear aon bhainne nó bianna eile do naíonáin in oigheann micreathonnach.

68. Guaiseacha tachta¹⁶

- » Níl na bianna seo a leanas san áireamh i mbéilí ná ní chuirtear ar fáil iad mar sneaiceanna:
 - cnónna iomlána; agus
 - grán rósta.
- » Caithfear gach torthaí agus glasraí a ghearradh ina gceathrú cuid nó ina leath.

Samplaí: caora fíniúna, trátaí silín.

- » Ní bhíonn leanaí in ann teacht ar chodanna beaga guaiseacha a d'fhéadfaí a bhaint i rith gnáthúsáide, (nó a d'fhéadfaí a bhriseadh a  dá gcaithfí go garbh leis an trealamh), agus a chruthaíonn guais [tachta](#), anála, nó slogtha do leanbh agus ní úsáidtear na codanna seo ach faoi mhaoirseacht.

¹⁴ An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí - Sábháilteacht Leanai: www.ccpc.ie/consumers/product-safety/child-safety.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Sábháilteacht Leanai: www.hse.ie/eng/health/child/childsafety/.

¹⁵ Bainistítear bainne púdrach foirmle do naíonáin i gcomhréir le Nóta Treorach Uimhir 22 de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, atá ar fáil ag: www.lenus.ie/hse/bitstream/10147/227213/1/GN+22+REV+2+FINAL.pdf.

¹⁶ Tá samplaí de rioscaí eile tachta ar fáil ag: www.hse.ie/eng/health/child/childsafety/choking.html

Samplaí:

- **Guaiseacha tachta (strapaí, sreangáin agus téada);**
- **Péint chalógach;**
- **Earraí beaga i dtábla céadfach.**

- » Cuirtear cosc ar choirníní ómracha a úsáid.
- » Ní cheadaítear do leanaí b alúin a shéideadh, sú ar bhalúin, nó balúin a chur ina mbéal, nó teacht a bheith ar bhalúin nach bhfuil teannta nó nach bhfuil teannta a dhóthain.
- » Coimeádtar málaí clúidíní ina ndéantar clúidíní salacha a dhiúscairt glan amach ó leanaí.

69. Substaintí tocsaineacha

- » Stóráiltear na hearraí seo a leanas sa choimeádán bunúil lipéadaithe ar bhealach sábháilte agus slán, amach ó chógaís agus bia stóráilte, agus níl teacht ag leanaí orthu:
 - ábhair ghlantacháin agus dhíghalraithe;
 - glantaigh;
 - glantaigh uathoibríocha mhiasniteora;
 - cannaí aerasóil;
 - lotnaidicídí;
 - táirgí sláinte agus áilleachta;
 - cógaís.
- » Ní úsáidtear uachtar nó sobal bearrtha mar ábhartha súgartha.
- » Tá urrann chadhnra inghlasáilte ag bréagáin agus táirgí eile trí úsáid a bhaint as cadhnraí cnapchille, ar nós gléasanna beaga leictreonacha.

70. Troscán, trealamh agus ábhair

Mataí agus aonaid athraithe clúidín

- » Tá na táblaí athraithe clúidín daingean agus cobhsaí chun cosc a chur orthu titim.
- » Tá táblaí athraithe clúidín ar airde atá oiriúnach don fhoireann le húsáid.

Sampla: ar leibhéal na coime.

- » Tá soláthairtí athraithe clúidín in aice láimhe den aonad athraithe sula ndéantar clúidín a athrú, agus ní fhágann an fhoireann fad a bhíonn an leanbh ar an aonad nó tábla.

Trealamh d'am béile agus sneaice

- » Cloíonn [ardchathaoireacha](#) a úsáidtear i rith amanna béile agus sneaice le caighdeáin sábháilteachta.
- » Sásaíonn an trealamh a úsáidtear i rith am béile agus sneaice na riachtanais seo a leanas:
 - Úsáidtear trealamh de réir treoracha déantúsóra, agus oireann sé d'aois agus céim forbartha an linbh.
 - Soláthraíonn an tseirbhís troscán agus uirlisí atá oiriúnach don aois agus atá oiriúnach i dtaobh cúrsaí forbartha de chun leanaí a spreagadh páirt a ghlacadh in amanna béile agus taitneamh a bhaint astu.
 - Tá leanaí suite ag táblaí atá idir leibhéal coime agus lár an chliabhraigh, agus ceadaíonn siad do na leanaí nuair a bhíonn siad ina suí chun a gcosa a ligean ar dhromchla crua.
 - Do gach leanbh os cionn aois 1 bliain, soláthraíonn an tseirbhís cathaoireacha a bhfuil airde droma agus suite acu a cheadaíonn don leanbh suí lena gcosa ar an urlár nó an talamh.
 - Is féidir leis na leanaí ithe ar a leibhéal scile is fearr de bharr an troscáin agus na n-uirlisí ite go léir.
 - Déantar uirlisí agus trealamh bia, troscán ina measc, a oiriúnú, más gá, chun freastal ar riachtanais forbartha agus fhisiciúla leanaí aonair.

Téada dallóige

- » Tá dallóga inmheánacha sábháilte agus rinneadh iad a fheistiú i gceart.
- » Tá leapacha, ardchathaoireacha, agus mar sin de, suite amach ó dhallóga.

Cosantóirí ó phinse a bhaint as méar

- » Ní shuiteáiltear gléasanna um chosaint ó phinse a bhaint as méar ach sa chás go sainaithnítear i [measúnú riosca](#) baol ar leanaí, agus rinneadh aon ghléasanna a shuiteáiltear go sainiúil agus comhlíonann siad na rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán.

Samplaí: gléasanna solúbtha plaisteacha agus rubair, gléasanna inchoigeartaithe oscailte dorais, saghsanna eile de chumhdaigh le haghaidh bearnaí dorais.

Téitheoirí iniompartha

» Sa chás go n-úsáidtear téitheoirí iniompartha:

- tá duine ina mbun fad a bhíonn siad á n-úsáid agus múchtar iad nuair nach mbíonn duine ina mbun;
- ní bhíonn teacht ag leanaí orthu;
- bíonn cumhdach cosanta orthu chun lámha agus rudaí a choimeád amach ón eilimint téimh;
- bíonn an marc deimhnithe sábháilteachta orthu;

Sampla: Marc CE.

- tá siad ar a laghad trí troithe amach ó chuirtíní, páipéir, troscán, agus aon earra inlasta;
- úsáidtear iad ar aon dul le treoracha an déantúsóra;
- ní úsáidtear iad le cábla sínteach;
- suitear iad d'fhonn nach mbíonn teacht ar an tsreang leictreach ag leanaí.

Trealamh taobh istigh agus taobh amuigh

- » Cloíonn troscán, bréagáin agus trealamh san áitreabh le caighdeán sábháilteachta CE/EN nó le [Rialacháin na gComhphobal Eorpach \(Sábháilteacht Bhréagáin\) 2011](#), de réir mar is infheidhme.
- » Déantar cigireacht laethúil ar threalamh súgartha taobh istigh agus taobh amuigh sa tseirbhís.
- » Tugtar faoi athbhreithniú míosúil ar an liosta cothrom le dáta d'aisghairmeacha táirgí agus táirgí a d'aistarraing an [Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí](#) ó úsáid.
- » Suiteáiltear agus déantar trealamh súgartha a chothabháil ar aon dul le treoracha agus sonraíochtaí an déantúsóra.
- » Suiteáiltear [dromchlaí maolaithe turrainge](#) i zóin titime, faoi mar a mholann an déantúsóir, le haghaidh airde titime an trealamh shúgartha.
- » Tá trealamh, ábhair agus fearastú daingean agus sábháilte agus ní chruthaíonn siad na guaiseacha sábháilteachta seo a leanas:
 - oscailtí a d'fhéadfadh ceann nó baill linbh a sháinniú;
 - dromchlaí ardaithe agus struchtúir nach bhfuil cosanta go maith;

Sampla: teach crainn.

- easpa dromchlaí maolaithe turrainge agus zóin titime faoi agus timpeall ar threalamh ar féidir é a dhreapadh;
- spás neamhleor idir trealamh;
- Páirteanna ar féidir leo pinse a bhaint as craiceann agus feoil.

- » Tá trealamh arb eol gur cineál guaiseach iad saor ón méid seo a leanas:
 - scealpa;
 - tairní atá ag gobadh amach, boltaí nó páirteanna eile a d'fhéadfadh éadaí a tharraingt nó breith ar chraiceann;
 - páirteanna scaoilte meirgeacha.
- » Tá ábhair nádúrtha, ar nós géag, sliogán, carraigeacha, caor phéine, duilleoga, ábhair 'shaora agus a aimsítear' a úsáidtear i súgradh céadfach, oiriúnach d'aois agus céim forbartha na leanaí agus tá siad neamhthocsaineach.
- » Suitear trealamh, ábhair agus fearastú chun cabhrú le cosc a chur ar imbhuailtí agus gortuithe.
- » Ní chuirtear trealamh ar dhromchlaí neamhchothroma, i ngar do bharr staighre nó in aice guais sábháilteachta, ar nós fuinneoige.
- » Tá boinn chobhsaí ar phíosáí móra troscáin, teilifíseáin ina measc, agus tá siad greamaithe go daingean.
- » Coimeádtar cathaoireacha agus fearastú eile ar féidir le leanaí iad a dhreapadh gan stró amach ó chaibinéid agus seilfeanna.
- » Úsáidtear ionaid ghníomhaíochta sheasta lena gcosa cobhsaithe síos i suíomh glasáilte.
- » Níl teacht ag leanaí ar threalamh guaiseach, nó baintear é, go dtí go ndéantar sábháilte é nó go n-athsholáthraítear é.
- » Ní úsáidtear 'léimneoirí' (trealamh preabtha atá ceangailte le fráma dorais nó le síleáil) agus ní úsáidtear siúlóirí do naíonáin agus leanaí óga.
- » Úsáidtear strapáí sábháilteachta ar an trealamh nó troscán go léir má sholáthair déantúsóir an trealaimh iad.

Bréagáin mharcaíochta

- » Sásaíonn bréagáin mharcaíochta (ar nós trírothach) agus trealamh rothaí (ar nós scútar) a úsáidtear sa tseirbhís na coinníollacha seo a leanas:
 - tá siad curtha le chéile agus á gcothabháil ar aon dul le treoracha an déantúsóra;
 - is féidir iad a stiúradh;
 - tá siad den mhéid sin atá oiriúnach don leanbh;
 - tá meáchanlár íseal acu – is é sin, tá an pointe cothromaíochta gar don talamh le hé a dhéanamh cobhsaí agus d'fhonn nach dóchúil go dtitfidh sé;
 - tá bail mhaith orthu, oibríonn siad i gceart agus tá siad saor ó imill ghéara nó rudaí géara atá ag gobadh amach a d'fhéadfadh leanbh a ghortú;
 - níl siad innealta.

Limistéar gainimh

- » Tá an gaineamh a úsáidtear sa bhosca gainimh saor ó ábhair thocsaineacha nó dhíobhálacha agus déantar iad a athsholáthar de réir mar is gá.

Samplaí: tuar ainmhithe, dramhaíl, agus mar sin de.

- » Tá boscaí gainimh taobh amuigh clúdaithe le clár nó le clúdach eile nuair nach mbíonn siad á n-úsáid.
- » Tá clúdaigh limistéar gainimh daingnithe i gceart nuair a iompraítear iad nó a bhogtar iad lena ligean do leanaí súgradh sa bhosca gainimh.
- » Tá limistéar súgartha gainimh amach ó limistéir thuirlingthe le haghaidh sleamhnán nó trealamh eile. Murar féidir é sin, cuirtear ar fáil fálta fothana a úsáideann toim, crainn nó fálta.
- » Déantar limistéir shúgartha gainimh a roinnt ó limistéir tuirlingthe do shleamhnáin nó trealamh eile.

Táblaí súgartha uisce

- » Cloíonn an tseirbhís leis na riachtanais seo a leanas le haghaidh táblaí uisce comhchoiteanna:
 - Nitear agus díghalraítear an báisín agus na bréagáin ag deireadh an lae.
 - Má úsáidtear an báisín agus na bréagáin i seomra leanaí réamhscoile eile, déantar an báisín agus na bréagáin a ní agus a dhíghalrú sula n-úsáidtear iad.
 - Cinntíonn an fhoireann nach n-ólann aon leanbh uisce ón tábla.
 - Triomaítear an t-urlár agus na limistéir dhromchla faoi agus timpeall ar an tábla uisce i rith agus i ndiaidh súgartha.

Geataí staighre

- » Sásaíonn geataí staighre, a úsáidtear chun bac a chur ar leanaí faoi 24 mí a úsáideann an tseirbhís teacht ar áiteanna contúirteacha, na riachtanais seo a leanas:
 - riachtanais maidir le sábháilteacht ó dhóiteán;
 - tá siad feistithe i gceart;
 - cloíonn siad leis an gcaighdeán riachtanach um shábháilteacht ó dhóiteán (EN 1930:2011).

Trampailíní

- » Cuirtear cosc ar thrampailíní, trampailíní móra agus beaga araon, ó bheith á n-úsáid, ar an láthair agus i rith turas araon.
- » Níor cheart trampailíní a úsáidtear, má ordaítear iad mar idirghabháil theiripeach, ach don chuspóir sin amháin.

71. Struchtúrach

Dromchlaí siúil

- » Sásaíonn dromchlaí siúil, ar nós cosán, rampaí agus deiceanna na riachtanais seo a leanas:
 - tá dromchla neamhsciorrach orthu;
 - tá siad saor ó uisce agus oighear agus ábhar scaoilte;
 - tá siad saor ó phoill agus lochtanna ar an dromchla.
- » Tá siúláin sábháilte do choisithe, pointí fágála agus bailithe ag an tseirbhís:
 - sainaitheanta go soiléir;
 - curtha in iúl do gach leanbh, [tuismitheoirí](#), [caomhnóirí](#), an fhoireann, [oibrithe neamhíoctha](#) agus [conraitheoirí](#).

Staighrí agus rampaí

- » Cuirtear ráillí cosanta ar fáil ag taobhanna oscailte staighrí seachtracha, rampaí, agus dromchlaí eile siúil ar fáil.
- » Tá staighre, rampaí, póirsí agus siúláin eile a fhad le foirgneamh na seirbhíse taobh istigh agus taobh amuigh sábháilte le húsáid, coimeádtar bail mhaith orthu agus tá sé dea-shoilsithe.
- » Deisítear cairpéad a ndearnadh díobháil dó nó atá caite.
- » Tá ráillí láidir, agus níl aon teannta coise acu ar féidir dreapadh orthu, ná bearnaí ar féidir titim tríothu, lámhacán fúthu nó os a gcionn.

72. Codladh sábháilte

Polasaí ar Chodladh Sábháilte

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar chodladh sábháilte](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don [fhoireann ábhartha](#) na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar chodladh sábháilte.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí ar chodladh sábháilte.

Féach Rialacháin 10, 19 agus 20.

Féach Aguisín 6.

73. Cógais a dháileadh

Polasaí ar Chógais a Dháileadh

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar chógais a dháileadh](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar chógais a dháileadh.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí ar chógais a dháileadh.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 3.

74. Turais

Polasaí Turas (nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar thurais)

- » Tá fianaise ann go bhfuil [an polasaí turas](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí turas.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí turas.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 9.

75. Rialú ionfhabhtuithe

Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar rialú ionfhabhtuithe](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar rialú ionfhabhtuithe.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha maidir leis an bpolasaí ar rialú ionfhabhtuithe.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 4.

76. Bainistíocht riosca

Polasaí Bainistíochta Riosca

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí bainistíochta riosca](#) á chur i bhfeidhm.

- Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí bainistíochta riosca.
- Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí bainistíochta riosca.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 17.

Taifid bhainistíochta riosca a choimeád

- » Coimeádann an tseirbhís an doiciméadú bainistíochta riosca, gach measúnú riosca san áireamh.

77. Timpistí agus Teagmhais

Polasaí ar Thimpistí agus Eachtraí

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar thimpistí agus teagmhais](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar thimpistí agus teagmhais.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha maidir leis an bpolasaí ar thimpistí agus teagmhais.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 10.

78. Sábháilteacht ó dhóiteán

Polasaí Sábháilteachta ó Dhóiteán

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí sábháilteachta ó dhóiteán](#) á chur i bhfeidhm.
 - Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí sábháilteachta ó dhóiteán.
 - Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha i dtaca leis an bpolasaí sábháilteachta ó dhóiteán.

Féach Rialachán 10.

Féach Aguisín 7.

Cleachtaí dóiteáin

- » Tugtar faoi chleachtaidh dhóiteáin tríd an aláram dóiteáin a chur ag bualadh gach mí agus ag tús gach scoilbhliana nua agus níos minice más gá.

Samplaí:

- **i ndiaidh cleachtadh dóiteáin neamhéifeachtacha;**
- **ndiaidh cleachtadh dóiteáin inar sainaithníodh rioscaí;**
- **i seirbhísí ina bhfreastalaítear ar leanaí atá ag codladh nó leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.**

- » Tugtar faoi chleachtaidh dhóiteáin ar laethanta difriúla sa tseachtain agus ag amanna difriúla den lá.
- » Áirítear le cleachtaidh dhóiteáin aslonnú na seirbhíse chuig pointe réamhshocraithe, ainmnithe tionóil.

Múchtóirí dóiteáin

- » Tá na múchtóirí dóiteáin a úsáidtear oiriúnach do agus cuí lena n-úsáid sa saghas seirbhíse atá á hoibriú.
- » D’fhaomh duine cáilithe um shábháilteacht ó dhóiteán na riachtanais don tseirbhís, agus tá an faomhadh seo doiciméadaithe.

Féach Rialachán 26.

Oiliúint dóiteáin

- » Cuireadh oiliúint ar na daoine a úsáideann an trealamh ar a úsáid, agus chuir duine cáilithe oiliúint orthu.
- » Tugtar faoi oiliúint dóiteáin gach 2 bhliain ar a laghad.

Aláraim dhóiteáin agus aláraim dheataigh

- » Tá aláram dóiteáin i bhfeidhm i ngach [áitreabh](#) a úsáidtear do Sheirbhísí Luathbhlianta.
- » Coimeádtar aláraim dhóiteáin sa tseirbhís ar aon dul leis na riachtanais a leagtar amach i [Sábháilteacht ó Dhóiteán in Réamhscoileanna 1999](#).
- » Seiceáiltear gach aláram gach bliain ag duine [inniúil](#) ar ar cuireadh an oiliúint chuí. Coimeádann an tseirbhís taifid ar an tástáil seo.
- » [Tástáiltear aláraim dheataigh fhéin chuimsitheacha](#) (faoi chumhacht príomhlíne) ar a laghad uair sa mhí trí úsáid a bhaint as an gcnaipe tástála ar na haonaid lena chinntiú go bhfuil an t-aláram ag fuaimniú. Tá an tástáil seo doiciméadaithe.

Sábháilteacht ghinearálta ó dhóiteán

- » Níl bac ar dhoirse dóiteáin nó níl siad á gcoimeád ar oscailt ag taca.
- » Tá bealaí éalaithe dóiteáin sainaitheanta go soiléir agus is éasca iad a oscailt ón taobh istigh.
- » Má tá sriantáin fuinneoige á n-úsáid, is féidir iad a oscailt i gcás dóiteáin trí laiste sábháilteachta leanaí a úsáid.

Féach Rialachán 26.

Rialachán 24: Seiceáil Isteach agus Amach agus Taifead ar Fhreastal

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), níor cheart duit leanaí a thabhairt ach do dhaoine a d'ú daraigh na [tuismitheoirí agus caomhnóirí](#), daoine ar cuireadh an tseirbhís ar an eolas fúthu. Caithfidh tú a chinntiú go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm chun freastal an linbh ar an tseirbhís a chur i dtaifead agus go bhfuil acmhainní oiriúnacha i bhfeidhm chun é seo a dhéanamh go héifeachtach. Caithfidh tú a chinntiú, chomh maith, go bhfuil na daoine go léir a iontrálann an t-áitreabh údaraithe chun iontráil agus go bhfuil a sonraí doiciméadaithe.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

79. Ról agus freagrachtaí

- » Tuigeann [an fhoireann ábhartha](#) go léir a ról agus freagrachtaí maidir le seiceáil isteach agus amach agus freastal leanaí ar an tseirbhís a chur i dtaifead.

Féach Rialachán 9.

80. Údarú chun leanaí a bhailiú

Polasaí ar Údarú chun Leanaí a Bhailiú

- » Tá fianaise ann go bhfuil an [polasaí ar údarú chun leanaí a bhailiú](#) á chur i bhfeidhm.
- » Is eol don fhoireann ábhartha na riachtanais, agus tá tuiscint shoiléir acu ar a ról agus freagrachtaí maidir leis an bpolasaí ar údarú chun leanaí a bhailiú.
- » Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ábhartha maidir leis an bpolasaí ar údarú chun leanaí a bhailiú.

Féach Rialacháin 10 agus 15.

Féach Aguisín 11.

81. Taifead freastail: taifead seiceála isteach agus seiceála amach do leanaí

- » Déanann comhalta foirne ([fostaí](#) nó [oibrí neamhíoctha](#)) gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach agus amach.
- » Coimeádtar [taifead](#) ar fhreastal gach linbh ar bhonn laethúil, agus tá sé ar fáil don fhoireann ábhartha agus is féidir leo teacht air gan stró.
- » Cuimsítear sa taifead ar fhreastal an méid seo a leanas:
 - Ainm iomlán gach linbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
 - An dáta agus an t-am a thagann agus a imíonn an leanbh.
 - Taifead ar ainm duine **amháin** de na daoine seo a leanas ag an tráth a thagann agus a fhágann an leanbh:
 - an duine a thugann an leanbh chuig an tseirbhís agus a bhailíonn an leanbh ón tseirbhís;
 - an fostaí nó an t-oibrí neamhíoctha atá freagrach as na leanaí a sheiceáil isteach agus amach.
- » Léirítear sa taifead freastail do gach seomra go cruinn na leanaí sa seomra, agus nuashonraítear é nuair a fhágann nó nuair a iontrálann leanbh.

Féach Rialachán 16.

82. Clár seiceála isteach agus seiceála amach do pháirtithe eile

- » Tá clár laethúil seiceála isteach agus seiceála amach i bhfeidhm do dhaoine a iontrálann an t-áitreabh **nach aon duine de na daoine seo a leanas iad**:
 - leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís;
 - duine a fhágann nó a bhailíonn leanbh;
 - fostaí;
 - oibrí neamhíoctha.
- » Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas i gcuntas sa chlár seiceála isteach agus seiceála amach do pháirtithe eile:
 - an dáta;
 - ainm an duine;
 - a n-uimhir theagmhála;
 - an chúis atá lena n-iontráil;
 - ainm an duine a d'fhaomh rochtain (sonraí faoin bhfostaí nó oibrí neamhíoctha);
 - an t-am seiceála isteach;
 - an t-am seiceála amach.

- » Cuirtear cosc ar rochtain ar an tseirbhís go dtí go mbíonn an clár seiceála isteach comhlánaithe ag an duine a iarrann rochtain agus déanann fostaí nó oibrí neamhíoctha a sonraí a fhíordheimhniú.
- » Ní bhíonn rochtain gan mhaoirsiú ag páirtithe eile a cuireadh i dtaifead sa chlár seiceála isteach agus seiceála amach ar leanaí sa tseirbhís.

83. Tréimhse choinneála

- » Coimeádtar an clár seiceála isteach agus seiceála amach ar feadh bliain amháin ón dáta a cruthaíodh é.

Féach Aguisín 22: [Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil](#).

Rialachán 25: Garchabhair

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go bhfuil dóthain foirne ag an tseirbhís ar cuireadh an oiliúint chuí orthu [i ngarchabhair](#) do leanaí agus go bhfuil siad ar fáil i gcás aon ghortuithe nó galair thobainn. Braithfidh an líon foirne ar cuireadh an oiliúint seo orthu ar líon agus riachtanais leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus na n-uainchlár a cuireadh i bhfeidhm.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

84. Ról agus freagrachtaí

- » Tuigeann [gach comhalta foirne ábhartha](#) a ról agus freagrachtaí maidir le garchabhair a sholáthar do leanaí sa tseirbhís.
- » Bainistítear leanaí a bhfuil riachtanais bhreise chúram sláinte acu óna dteastaíonn garchabhair ar aon dul le plan cúraim aonair an linbh.

Samplaí: diaibéiteas, titimeas, ailléirgí.

Féach Rialachán 9.

85. Riachtanais uainchláir do dhaoine ar cuireadh oiliúint orthu i ngarchabhair

- » Aithníonn Tusla go gcuimsíonn an Caighdeán Oideachais agus Oiliúna maidir le [Freagróir Garchabhrach \(FGC\)](#), a bhunaigh an [Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil \(PHECC\)](#), ábhar agus treoir maidir le garchabhair do leanaí.
 - Tá líon na ndaoine atá oilte i ngarchabhair do leanaí (FGC), agus atá ar fáil d'fhreagairt garchabhrach, bunaithe ar [mheasúnuithe riosca](#) na seirbhíse, agus tá méid na seirbhíse agus na guaiseacha a sainaitníodh curtha san áireamh.
 - Tá duine amháin ar a laghad ar cuireadh oiliúint air/uirthi i ngarchabhair ar fáil do na leanaí fad a bhíonn an tseirbhís á hoibriú.
 - Tá duine amháin ar a laghad ar cuireadh oiliúint air/uirthi i ngarchabhair (FGC) ar fáil do na leanaí fad a bhítear ar thurais.
 - Tá liosta ar fáil de dhaoine ar cuireadh oiliúint orthu i ngarchabhair.
 - Tá deimhniúchán nach bhfuil as dáta ar fáil do gach FGC oilte.

86. Trealamh garchabhrach

- » Déanann an comhalta foirne ainmnithe boscaí garchabhrach a athstocáil faoi mar a theastaíonn i ndiaidh gach úsáide.
- » Tá liosta soláthairtí nach mór a bheith sa bhosca garchabhrach san áireamh sa bhosca garchabhrach.
- » Tá sa bhosca garchabhrach soláthairtí cuí garchabhrach chun cóir leighis a chur ar ghortuithe beaga laistigh den tseirbhís.
- » Coimeádtar cógais, uachtair nó ungthaí glan amach ó leanaí agus ní stóráiltear iad sa bhosca garchabhrach.

87. Ábhair mholta an bhosca agus an fhearaís gharchabhrach:

Ábhair	Ábhair an Fhearaís Taistil Garchabhrach	Ábhair an Bhosca Garchabhrach		
		1 - 10 nduine	11 - 25 duine	26 - 50 duine ¹
Plástair ghreamaitheacha	20	20	20	40
Pillín steiriúla súile (Uimh.16 – bindealán ar ceangal)	2	2	2	4
Bindealáin thriantánacha atá clúdaithe ar bhonn aonair	2	3	6	6
Bioráin dhúnta	6	6	6	6
Cóiriú steiriúil clúdaithe ar bhonn aonair neamh-íocleasaithe cneá Meámhéid (Uimh. 8) (10 x 8 cm)	1	2	2	4
Cóiriú steiriúil clúdaithe ar bhonn aonair neamh-íocleasaithe cneá Mór (Uimh. 9) (13 x 9 cm)	1	2	6	8

¹ Má bhíonn baint ag breis agus 50 duine, ba cheart soláthairtí a mhéadú dá réir.

Ábhair	Ábhair an Fhearaís Taistil Garchabhrach	Ábhair an Bhosca Garchabhrach		
Cóiriú steiriúil clúdaithe ar bhonn aonair neamh-íocleasaithe cneá An-Mhór (Uimh. 3) (28 x 17.5 cm)	1	2	3	4
Ciarsúir dhíghalráin chlúdaithe ar bhonn aonair	10	10	20	40
Siosúr paraimhíochaine	1	1	1	1
Lámhainní scrúduithe (péirí)	3	5	10	10
Uisce steiriúil nuair nach mbíonn aon uisce reatha glan ann ²	2 x 20mls	1 x 500mls	2 x 500mls	2 x 500mls
Aghaidhmhasc póca	1	1	1	1
Cóiriú dó uiscebhunaithe - beag (10 x 10 cm)	1	1	1	1
Cóiriú dó uiscebhunaithe - mór ³	1	1	1	1
Bindealán síprise (7 cm)	1	1	2	3

² Mura bhfuil uisce buaire ar fáil gan stró ar mhaithe le huisciú súile, ba cheart uisce steiriúil nó gnáthshailíne steiriúil (0.9%) i gcoimeádáin indiúscartha shéalaithe a sholáthar. Ba cheart go mbeadh ar a laghad 20ml i ngach coimeádán agus ba cheart é a dhiúscairt a luaithe a bhristear an séala. Níor cheart folcadáin súile, cupáin súile agus coimeádáin in-athlíonta a úsáid ar mhaithe le huisciú súile mar gheall ar an riosca i leith tras-ionfhabhtú.

³ Nuair nach bhfuil uisce buaire ar fáil gan stró chun limistéar dóite a fhuarú. Ba cheart go mbeadh marc CE ar an gcoimeádán cóiriú dó uiscebhunaithe.

88. Inrochtaineacht trealamh garchabhrach

- » Tá trealamh garchabhrach marcáilte, éasca le haithint agus inrochtana do dhaoine fásta, ach níl sé inrochtana do leanaí.
- » Tá bosca garchabhrach ina bhfuil an trealamh iomlán ar fáil laistigh den tseirbhís sna limistéir agus cásanna seo a leanas:
 - ar gach urlár i ngach foirgneamh a úsáideann leanaí;
 - i ngar agus tá teacht air i limistéir shúgartha taobh amuigh;
 - ar thurais;
 - in aon fheithicil a úsáidtear chun leanaí a iompar.

Féach Aguisín 3.

89. Sonraí teagmhála éigeandála

- » Tá sonraí teagmhála [éigeandála](#) ar taispeáint go poiblí laistigh den tseirbhís.

Samplaí: uimhir ghutháin dochtúra áitiúil, nó ospidéal atá suite i ngar. Taispeántar sonraí teagmhála le haghaidh cúnamh leighis

90. Cúram agus freagairtí garchabhrach a cuireadh ar fáil a thaifeadadh

- » Déantar cúram a tugadh i gcás garchabhrach a dhoiciméadú ar aon dul leis an [bpolasaí ar thimpistí agus teagmhais](#).

Féach Aguisín 10.

Rialachán 26: Bearta Sábháilteachta ó Dhóiteán

Cuspóir

Mar an [soláthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go mbíonn na [taifid](#) um shábháilteacht ó dhóiteán ar fáil agus á gcoimeád sa tseirbhís don tréimhse shainithe a theastaíonn. Chomh maith leis sin, caithfidh na taifid seo a bheith ar oscailt go ndéanfaidh na [tuismitheoirí](#), [caomhnóirí](#), [fostaithe](#) agus daoine údairithe cigireacht orthu.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

91. Róil agus freagrachtaí

- » Tuigeann gach comhalta [foirne](#) a ról agus freagrachtaí maidir leis na bearta [sábháilteachta ó dhóiteán](#) atá sa tseirbhís.

Féach Rialacháin 9 agus 23.

92. Taifead ar chleachtaidh dhóiteáin

- » Déantar gach cleachtadh dóiteáin a thit amach san áitreabh a chur i dtaifead.
- » Taispeántar sa taifead go dtugtar faoi chleachtaidh dhóiteáin gach mí a oibrítear an tseirbhís.
- » Taispeántar sa taifead go dtugtar gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís san áireamh sa chleachtadh – is é sin, tugtar faoin gcleachtadh dóiteáin ag amanna éagsúla den lá agus ar laethanta éagsúla den tseachtain chun gach grúpa a chur san áireamh.
- » Áirítear leis an gcleachtadh dóiteáin na sonraí seo a leanas:
 - dáta an chleachtaidh;
 - am an chleachtaidh;
 - cá mhéad leanbh agus foireann atá i láthair;
 - fad an chleachtaidh;
 - bealaí éalaithe a úsáideadh.

93. Taifead ar threalamh comhraicthe dóiteáin agus [aláram dheataigh](#)

- » Tá fáil ar líon, saghas, láthair agus cothabháil taifead a bhaineann le trealamh dóiteáin, múchtóirí dóiteáin agus córais aláram deataigh ina measc, agus áirítear leo:
 - an deimhniú cothabhála ó [chonraitheoir](#) inniúil nó ó chuideachta inniúil;
 - sonraí faoin tseirbhís ar lipéid mhúchtóirí dóiteáin iniompartha, pluideanna um shábháilteacht ó dhóiteán, agus mar sin de.
- » Taifid a thaispeánann go ndéantar alárim dheataigh fhéinchuimsitheacha a thástáil ar a laghad uair sa mhí lena chinntiú go bhfuil an ton ag oibriú.
- » Seiceálann duine inniúil ar ar cuireadh oiliúint chuí taifid ina sonraítear na halárim go léir gach bliain.

94. Rochtain ar thaifid

- » Stóráiltear taifid chomhaid go slán.
- » Tá na taifid ar chleachtaidh dhóiteáin agus chothabhála ar fáil do:
 - tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís;
 - tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a bheartaíonn chun freastal ar an tseirbhís;
 - fostaithe;
 - aon duine údaráithe.

95. Tréimhse choinneála taifead

- » Coimeádtar taifid ar chleachtaidh dhóiteáin agus taifid chothabhála trealamh comhraicthe dóiteáin agus alárim dheataigh ar feadh 5 bliana i ndiaidh dóibh a bheith cruthaithe.

Féach Aguisín 22: [Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil](#).

96. Fógra dóiteáin

- » Tá fógra ann ar a leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint má thiteann dóiteán amach.
- » Taispeántar an fógra in áit fheiceálach sa tseirbhís.

Féach Rialacháin 10 agus 23.

Féach Aguisín 7.

Rialachán 27: Maoirseacht

Cuspóir

Mar an [soláthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go ndéantar maoirseacht chuí ar gach leanbh ag gach tráth fad a fhreastalaíonn siad ar an tseirbhís.

Níor cheart go mbainfeadh sé seo den cheart atá ag an leanbh i leith príobháideachais.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

97. Ról agus freagrachtaí

- » Tuigeann gach [comhalta foirne ábhartha](#) a ról agus freagrachtaí maidir le leanaí a mhaoirsiú ag gach tráth sa tseirbhís agus seasann sé/sí le cearta agus dínit gach linbh.

Féach Rialachán 9.

98. Maoirseacht chuí

- » Tá gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís faoi mhaoirseacht comhalta foirne cáilithe ag gach tráth.
- » Déantar maoirseacht radhairc, go príomha, ar leanaí – is é sin, breathnóireacht.
- » Ceadaítear maoirseacht ar feadh eatraimh ghearra trí fhuaim (éisteacht), a fhad agus is féidir leis an bhfoireann ábhartha labhairt le leanaí nach féidir leo iad a fheiceáil.

Sampla: féadfaidh leanaí an leithreas a úsáid go neamhspleách.

- » Déantar maoirseacht sheasmhach chúramach trí úsáid a bhaint as radharc agus fuaim araon le sábháilteacht leanaí a chinntiú, sa chás gurb ann do rioscaí níos airde.

Samplaí: crainn a dhreapadh, snámh, tinte cnámh, linnte, táblaí uisce, gníomhaíochtaí súgartha céadfacha.

- » Tá maoirseacht chuí ag gach tráth, ina measc i rith:
 - gníomhaíochtaí taobh istigh;
 - gníomhaíochtaí taobh amuigh;
 - amanna béile;

- [turaí](#) (nuair a thugtar fúthu);
 - am codlata;
 - an leithreas a úsáid agus clúidíní a athrú;
 - úsáid teicneolaíochta, rochtain ar an idirlíon ina measc.
- » Déantar breithniú ar an méid seo a leanas le linn maoirseachta:
- an cóimheas riachtanach idir daoine fásta agus leanaí;
 - riachtanais an linbh aonair;
 - na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag tabhairt fúthu;
 - leibhéil soláthair foirne d'fhonn nach mbaintear de mhaoirseacht leanaí mar gheall ar asláithreacht [foirne](#) gan choinne.
- » Ní bhíonn aon duine san [áitreabh](#) faoi thionchar alcóil ná aon substaint eile a imríonn éifeacht dhíobhálach¹⁷ ar a bhfeidhmiú nó iompar i rith uaireanta oibrithe na seirbhíse.

99. Codladh

- » Déantar maoirseacht ar leanaí atá ag codladh ag gach tráth tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- Fanann comhalta foirne sa seomra ina bhfuil na leanaí ag codladh; nó
 - Tugann comhalta foirne cuairt ar an seomra codlata gach 10 nóiméad ar a laghad agus breathnaíonn sé/sí ar gach leanbh.
- » Cuirtear seiceálacha fisiciúla ar leanaí atá ag codladh (gach 10 nóiméad ar a laghad) i dtaifead i gcomhréir le [polasaí ar chodladh sábháilte na seirbhíse](#).
- » Nuair a úsáidtear iad, méadaíonn monatóirí fuaime maoirseacht, ach ní chuirtear na monatóirí seo in ionad monatóireacht dhíreach amhairc agus éisteachta.

¹⁷ Toradh ar bheart mícheart nó teip chun na nósanna imeachta cearta a leanas a bhaint ar a bhfuil tionchar dochrach nó díobhálach. Ní mór go bhfuil [an duine i gceannas](#) sasta agus tá comhairle dhoiciméadach leighis aige/aici maidir le baill foirne ábhartha a thógann cógas. Dearbhaíonn an doiciméad nach gcuirfidh an cógas isteach ar chumas an bhaill foirne cúram ceart a thabhairt do na leanaí.



100. Bia agus deoch

- » Déantar maoirseacht ar leanaí nuair a bhíonn siad ag ithe agus ag ól.

101. An leithreas a úsáid

- » Tacaítear le leanaí ar féidir leo áiseanna leithris a úsáid chun amhlaidh a dhéanamh.
- » Tá foireann laistigh de raon éisteachta leanaí, sa chás go dteastaíonn cabhair.

102. Súgradh ciúin

- » Deartar spásanna, taobh istigh agus taobh amuigh, ina mbíonn an deis ag leanaí chun am a chaitheamh leo féin nó chun dul i mbun súgradh ciúin, agus aird ar infheictheacht a éascaíonn maoirseacht sheasmhach a dhéanamh orthu ag duine fásta ar bhealach nach gcuireann isteach.
- » Socraítear trealamh agus troscán le maoirseacht éifeachtach a chinntiú, agus meas á léiriú i gcomhthráth ar mhianta leanaí chun am a chaitheamh leo féin agus a spás féin a bheith acu.

Rialachán 28: Árachas

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go bhfuil árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

103. Róil agus freagrachtaí

- » Tá árachas leordhóthanach ag an tseirbhís, faoi mar a thugann deimhniú árachais le fios a bhaineann le saghas na seirbhíse atá á hoibriú.

Féach Rialachán 9.

104. Cumhdach árachais

- » Áirítear le hárachas na seirbhíse an méid seo a leanas, sa chás gur cuí:
 - árachas dliteanais phoiblí;
 - árachas in aghaidh dóiteáin agus gada;
 - árachas foirgneamh;
 - árachas do [thurais](#) faoina dtugtar mar chuid de sholáthar na seirbhíse;
 - cumhdach mótarárachais d'fheithicilí a úsáideann an tseirbhís chun leanaí a iompar;
 - aon riachtanais árachais eile ag brath ar na seirbhísí a sholáthraítear faoi mar a shainaithníonn an soláthraí cláraithe nó an Chigireacht.

105. Deimhniú árachais

- » Tá an deimhniú árachais don tseirbhís ar fáil agus níl sé as dáta ar chigireacht.
- » Áirítear leis an bhfaisnéis a sholáthraítear ar an deimhniú árachais ábhartha an méid seo a leanas:
 - na sonraí teagmhála don soláthraí árachais;
 - ainm agus seoladh na seirbhíse atá faoi árachas;
 - catagóirí an chumhdaigh árachais don tseirbhís;
 - líon na leanaí atá cumhdaithe ag árachas laistigh den tseirbhís;
 - dáta tosaithe agus dáta deiridh an chumhdaigh reatha árachais.
- » Ní sháraíonn líon na leanaí sa tseirbhís ag aon tráth an líon dá soláthraítear an t-árachas.
- » Tá aon fheithicil a úsáidtear chun leanaí a iompar faoi árachas don chuspóir. Coimeádann an tseirbhís sonraí faoi na polasaithe agus na deimhnithe ábhartha árachais feithicle go léir.

Mír 2

Áitreabh agus Saoráidí

Is iad na rialacháin a bhaineann leis an limistéar seo:

- **Rialachán 21:** Trealamh agus Ábhair.
- **Rialachán 29:** Áitreabh.
- **Rialachán 30:** Riachtanais Íosmhéid Spáis.

Rialachán 21: Trealamh agus Ábhair

Cuspóir

Mar an [soláthraí cláraithe](#), caithfidh tú a chinntiú go bhfuil dóthain troscán oiriúnach, trealamh súgartha agus oibre, agus ábhair ar fáil in [áitreabh](#) na seirbhíse réamhscoile.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

106. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir [ag an bhfoireann ábhartha](#) ar a róil agus freagrachtaí maidir leis an bhfáil atá ar agus an úsáid a bhaintear as an troscán, trealamh agus na hábhair a úsáideann an tseirbhís, chomh maith le bainistíocht agus sábháilteacht amhail.

Féach Rialachán 9.

107. Fáil agus rochtain ar threalamh agus ábhair

- » Tá réimse fairsing de threalamh atá cuí i dtaobh aoise agus forbartha ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh¹⁸ do leanaí i gcaitheamh an lae.
- » Tá teacht ag gach leanbh ar mhéid dóthanach d'ábhair agus trealamh, bréagáin agus troscán sábháilte, ar a ndéantar dea-chothabháil agus atá ar ardchaighdeán.
- » Éascaíonn an trealamh agus ábhair gach saghas de shúgradh agus foghlaim, spreagann sé gach leanbh agus coimeádann sé iad gníomhach agus rannpháirteach, agus tacaíonn sé le agus spreagann sé gach leanbh chun triail a bhaint agus fiosrú a dhéanamh, i gcomhthráth. Bíonn teacht ag na leanaí ar ábhair nádúrtha.

Samplaí: craobhóg, duilleoga, ciseán taisce, clocha, sliogáin.

Féach Rialachán 19.

¹⁸ Má tá limistéar taobh amuigh mar chuid den áitreabh.

108. Tá trealamh agus ábhair cuimsitheach

- » Tacaíonn na hábhair, an trealamh agus na bréagáin le agus is léiriú iad ar aitheantas na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, a dteaghlach agus, chomh maith leis sin, an pobal i gcoitinne.
- » Tugann leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu faoi deara go ndéantar iad féin a léiriú sna hábhair agus sa timpeallacht.
- » Cuireann ábhair, trealamh agus bréagáin timpeallacht shaibhir agus ilchineálach ar fáil, agus tugann siad aird ar inscne, cine, cultúr, eitneacht agus riachtanais bhreise, chun meas a spreagadh ar éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú.
- » Cuireann fearastú, trealamh agus ábhair, nuair is gá, ar chumas leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu páirt iomlán a ghlacadh sa tseirbhís.
- » Má sholáthraíonn an tseirbhís trealamh agus ábhair shúgartha taobh amuigh, tá teacht ag gach leanbh orthu agus rinneadh iad a dhearadh go hoiriúnach agus tá siad de mhéid oiriúnach do leanaí luathbhlianta.

Féach Rialachán 19.

109. Troscán agus trealamh

- » Freastalaíonn troscán agus trealamh ar riachtanais aonair gach linbh.
- » Tá troscán marthanach agus den mhéid sin atá oiriúnach do leanaí, nó rinneadh é a chur in oiriúint d'úsáid leanaí.

Sampla: coimeádtar agus taispeántar i seilfeanna íseal-leibhéil bréagáin agus trealamh leanaí.

- » Tá dóthain cathaoireacha agus táblaí den mhéid sin a oireann do leanaí ann, agus tugann siad deis le socruithe solúbtha a úsáid ionas go mbeidh grúpaí leanaí ábalta súgradh agus ithe le chéile.
- » Tá áit chompordach ag daoine fásta le leanaí a shuí, a iompar, agus a bheathú, agus le léamh le leanaí, idirghníomhú leo agus iad a chur ar a gcompord.
- » Tá an suíochánra do dhaoine fásta oiriúnach lena n-úsáid ag daoine fásta.
- » Eagraítear agus grúpáiltear ábhair ar aonaid stórála oscailte ar leibhéal na leanaí le leanaí a spreagadh chun iad a úsáid go neamhspleách.
- » Tá dromchlaí réidh, neamhphórúla nó dromchlaí in-nite fabraice ar threalamh, fearastú, bréagáin agus ábhair shúgartha, agus tá siad éasca le glanadh agus le díghalrú, nó tá siad indiúscartha.

110. Trealamh pearsantaithe

- » Baintear an úsáid cheart as trealamh atá sain-oiriúnaitheach, má theastaíonn sé ó na leanaí (mar shampla bréagáin speisialta, gléasanna cumarsáide méadaithe cosúil le cláir phictiúir nó táibléid scríbhneoireachta, agus cathaoireacha rothaí).

Féach Rialacháin 10 agus 23.

111. Cothabháil

- » Tá bréagáin, trealamh, ábhair agus troscán:
 - tá siad glan;
 - tá bail mhaith orthu;
 - seiceáilte go rialta i dtaobh díobhála agus caithimh agus cuimilte;
 - á gcothabháil go cuí.
- » Tá sceideal agus clár glanta is ar fáil agus doiciméadaithe. Cuirtear riachtanais Bhainistíochta
- » [Riosca](#) i bhfeidhm faoi mar a leagtar amach i Rialachán 23.

Rialachán 29: Áitribh

Cuspóir

Mar [sholáthraí cláraithe](#), caithfidh [áitreabh](#) do sheirbhíse a bheith sábháilte, oiriúnach dá gcuspóir, agus caithfidh tú timpeallacht fheiliúnach a chur ar fáil do leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus don [fhoireann](#). Caithfidh na háitribh na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh agus a bheith glan agus sláinteach.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

112. Róil agus freagrachtaí

- » Tá tuiscint shoiléir ag an soláthraí cláraithe agus [ag an bhfoireann chuí](#) ar a gcuid ról agus freagrachtaí maidir le háitribh a bhainistiú.

Féach Rialachán 9.

113. Struchtúr slán agus seasmhach

- » Tá an chuma air go bhfuil ballaí seachtracha na seirbhíse, an díon agus an bhunsraith slán ó thaobh struchtúir de, aimsirdhíonach agus uiscédhíonach le cosaint ón aimsir a chinntiú.
- » Tá an chuma air go bhfuil gach urlár taobh istigh, na ballaí agus an tsíleáil críochnaithe go maith gan aon fhianaise ar mhúch thocsaineacha ná caonach.
- » Tá an chuma air go bhfuil gach fuinneog, doras seachtrach agus íoslach nó siléar aimsirdhíonach agus uiscédhíonach nuair atá siad dúnta.
- » Ní féidir le leanaí teacht ar an draenáil ná an dabhach shéarachais.

114. Sábháilteacht agus slándáil an áitribh

- » Tá córais slándála chuí i bhfeidhm chun na háitribh a chosaint ó aon iontráil neamhúdairithe, agus ó leanaí ag fágáil na seirbhíse gan mhaoirsiú.

Samplaí: córas iontrála cloigín, eochaircheap iontrála, painéal gloinithe ar thaobh an dorais.

- » Aithnítear na bealaí amach go soiléir agus tá siad le feiceáil an t-am ar fad le linn uaireanta seirbhíse.

- » Ní úsáidtear áiteanna cúraim leanaí do chúrsaí gnó ná d'aon chuspóir eile nach mbaineann le cúram leanaí a chur ar fáil nuair atá leanaí i láthair sna háiteanna seo.
- » Tá an timpeallacht fhisiciúil sábháilte, daingnithe agus feiliúnach don chuspóir. Áirítear leis seo na pointí seo a leanas:
 - níl aon bhacainní sna pasáistí;
 - tá soicéid leictreacha sábháilte;
 - tá na clúdaigh urláir daingnithe;
 - tá na clúdaigh urláir neamhsciorrach;
 - baineadh na guaiseacha tachta;
 - úsáidtear feistí sábháilteachta ar fhuinneoga agus ar dhoirse (lena n-áirítear stiallacha infheictheachta ag airde linbh);
 - níl fáil ag leanaí ar aon fhleisceanna sraoilleacha;
 - úsáidtear gloine sábháilteachta (BS6206);
 - úsáidtear [siombailí sábháilteachta](#) cuí.
- » Tá na háiteanna ar fad, taobh istigh agus taobh amuigh, glan ó thaobh gloine, bruscair, earraí géara nó guaiseacha agus smionagair infheicthe, agus tá cuma ghlan orthu.
- » Tá leagan amach fisiciúil na seirbhíse socruithe le go bhfuil leibhéal ard infheictheachta sna háiteanna taobh istigh agus taobh amuigh. Áirítear leis sin na háiteanna athraithe clúdíní agus na háiteanna leithris a úsáideann na leanaí.

Féach Rialachán 23.

115. Stóráil

- » Tá dóthain spáis stórála sábháilte agus cuí ag an tseirbhís seo do threalamh spraoi nuair nach bhfuil sé in úsáid.
- » Tá an spás stórála don trealamh scartha ó spás urláir an tseomra luathbhlianta, agus ní féidir le leanaí teacht air.
- » Stóráiltear trealamh go sábháilte agus ar bhealach eagraithe agus sláinteach.
- » Stóráiltear trealamh teiripeach agus sainoiriúnaithe go daingean agus ní féidir le leanaí teacht air nuair nach bhfuil sé in úsáid.

116. Soilsiú sásúil

- » Is timpeallacht gheal tharraingteach é an tseirbhís le solas an lae agus soilsiú saorga saor ó dhallrú a chuireann dóthain solais agus suaimhnis ar fáil do ghníomhaíochtaí.
- » Tá cothromas idir soilsiú an lae agus soilsiú saorga.
- » Is féidir smacht a chur ar sholas nádúrtha.
- » Tá smacht coinnithe ar shoilsiú trí fhuinneoga nó ó dhaingneáin solais chun leibhéal feiliúnach smachtaithe a choinneáil do na háiteanna codlata nó sna háiteanna le scíth a ligean, agus ag ligean dúinn monatóireacht a dhéanamh ar leanaí ina gcodladh. (Tá solas nádúrtha sa seomra codlata inmhianaithe ach níl sé riachtanach. Is féidir solas saorga a úsáid ina áit más gá).

Samplaí: dallóga lándorchaithe chun solas nádúrtha a rialú, lasca maolaithe chun solas saorga a smachtú.

- » Tá na staighrí agus na pasáistí lasta go maith. Tá soilsiú éigeandála le cosáin gan bhac agus infheicthe ag dul isteach agus ag teacht amach, chomh maith le bealaí amach agus bealaí éalaithe atá marcáilte go soiléir.
- » Tá solas saorga taobh amuigh curtha ar fáil ag na bealaí isteach agus amach a úsáideann leanaí agus a gcuid tuismitheoirí agus caomhnóirí chun léargas maith a chinntiú má tá leanaí fágtha nó bailithe taobh amuigh de sholas an lae.

117. Teas sásúil

- » Tá dóthain teasa fheiliúnaigh chun teocht an tseomra de 16 – 20°C i seomraí codlata a chinntiú, agus tá na háiteanna ar fad eile taobh istigh den raon 18 – 22°C.
- » Ní airde ná 50°C teocht dromchla na radaitheoirí, nó tá radaitheoirí le teocht dromchla níos mó ná 50°C faoi chosaint.

Sampla: clúdaigh radaitheora.

- » Tá córais téite agus coire deimhnithe a bheith coinnithe ag [conraitheoir](#) ceadaithe, agus tá an deimhniú seo suas chun dáta.
- » Tá córais i bhfeidhm chun an riosca maidir le neamhchosaint ar aonocsaíd charbóin sa tseirbhís a íoslaghdú.

Samplaí: aeráil shásúil, simléir a ghlanadh go rialta, aláram aonocsaíde carbóin i bhfeidhm.

118. Aeráil shásúil

- » Is féidir le haer úr scaipeadh i seomraí a bhfuil na leanaí iontu.
- » Tá gach seomra taobh istigh den tseirbhís, go háirithe áiteanna sláintíochta agus athraithe clúdín, aeráilte go sásúil, is é sin go nádúrtha trí fhuinneoga ar féidir a oscailt, nó trí aeráil mheicniúil, mar shampla gaothráin, aerchóirtheoirí mar sin de.
- » Má úsáidtear aeráil mheicniúil, coinnítear go maith iad agus coinnítear taifead ar an gcothabháil a dhéantar orthu.
- » Tá áiteanna a bhí péinteáilte, ar cuireadh cairpéad nó tíleanna orthu, nó a ndearnadh athchóiriú taobh amuigh díobh le déanaí aeráilte sula n-úsáideann leanaí iad.

119. **An t-áitreabh a ghlanadh**

- » Coinnítear na háitribh glan de réir na [Bainistíochta ar Ghalar Aicídeach in Ionad Cúraim Leanaí agus suíomhanna Cúraim Leanaí eile](#).
- » Tá Mionchlár Glantacháin i bhfeidhm sa tseirbhís ina leagtar amach:
 - na hearraí agus na háiteanna atá le glanadh;
 - minicíocht an ghlantacháin;
 - an duine atá freagrach as an nglantachán;
 - na searbháin ghlantacháin agus ábhair le húsáid;
 - an trealamh le húsáid.
- » Tugtar faoi ghlantachán sceidealaithe ar bhealach, agus ag am, nach gcuireann isteach ar chúram nó ar leas na leanaí.
- » Tá na hearraí seo a leanas san áireamh sa chlár glantacháin le haghaidh glanadh rialta: ballaí, urláir, fuinneoga, leaca fuinneoige, síleálacha, feistithe solais agus clúdaigh, doirse (murláin san áireamh), leithris, báisín níocháin, cófraí, seilfré, radaitheoirí agus clúdaigh radaitheora, cliabháin, tocht cliabháin, mataí codlata, cuisneoir, áiseanna stórála bia, doirtil, boird (taobh íochtar agus na cosa san áireamh), dromchlaí oibre agus spraoi, troscáin, cathaoireacha, soithí, sceanra, bréagáin, agus mar sin de.
- » Glantar cliabháin tar éis do gach leanbh iad a úsáid. Má tá an cliabhán salach le fuil nó le sreabháin choirp, glantar ar dtús iad agus ansin dífhabhtaítear iad le dífhabhtán de bhun clóirín, agus ansin sruthlaítear agus triomaítear iad.
- » Tá mataí agus tocht codlata uiscédhíonach, i gcuma mhaith deisithe, agus glantar iad le glantach agus uisce te, agus sruthlaítear agus triomaítear iad. Tugtar faoi ghlantachán sula n-úsáideann leanbh eile é, nó láithreach tar éis dóibh a bheith salaithe nó fliuch, agus ar bhonn seachtainiúil ar a laghad.

- » Glantar, sruthlaítear agus triomaítear dromchlaí spraoi sula n-úsáidtear iad nó nuair is léir go bhfuil siad salach.

Samplaí: tuáillí páipéir, éadaí indiúscartha

- » Nuair is féidir, úsáidtear ábhair indiúscartha do ghlantachán.
- » Ní úsáidtear spúinsí do ghlantachán ná do shláintiú.
- » Mura n-úsáidtear éadaí indiúscartha, tá éadaí glantacháin micreashnáithín dathchódaithe ar leith agus trealamh glantacháin ar fáil don chistin, do shuíomhanna leanaí agus do leithris. Sna leithris, úsáidtear éadaí ar leith don leithreas agus don bháisín níos áine a ghlanadh.
- » Ní glantar cloigeann na scuaibe mothallaí agus na buicéid sa doirteal a úsáidtear don ullmhú bia. Ní fhágtar cloigne na scuaibe mothallaí ag bá in uisce salach.
- » Folaítear, nitear le glantach agus uisce te na buicéid tar éis úsáide agus triomaítear iad sula stóráiltear iad.
- » Stóráiltear gach trealamh glantacháin glan agus tirim.
- » Úsáidtear oibreáin ghlantacháin, dífhabháin agus glantaigh i gceart agus faoi stiúir an déantóra.

Féach Rialachán 23.

120. Riachtanais ghlantacháin do threalamh sláintiúchta

- » Glantar leithris, doirtil, báisíní níos áine agus na háiteanna thart timpeall orthu de réir mar a theastaíonn sé, ach ar a laghad dhá uair sa lá.
- » Folaítear áraisíní láithreach agus go cúramach isteach sa leithreas, glantar iad agus ansin cuimlítear dífhabháin orthu agus triomaítear i gceart iad trí úsáid a bhaint as tuáillí páipéir. Stóráiltear ansin mar is ceart iad.
- » Má úsáidtear suíocháin traenála, glantar agus dífhabháiltear iad tar éis gach úsáide agus stóráiltear iad mar is ceart.
- » Úsáidtear miotóga agus trealamh ainmnithe le trealamh oiliúna leithris agus leithris a ghlanadh agus a dhífhabháil do gach glanadh agus ní úsáidtear iad d'aon chuspóir glantacháin eile. Nitear miotóga fearais le huisce te sobalach agus triomaítear iad tar éis gach úsáide.

121. Riachtanais ghlantacháin d'ábhair agus trealamh spraoi

- » Nitear agus dífhabháiltear bréagáin agus trealamh spraoi de réir threoracha an déantóra agus de réir an chláir ghlantacháin.

- » Tá éadaí agus bréagáin bhoga oiriúnach do mheaisín níocháin ar timthriall te trí threoracha an déantóra a leanúint.
- » Is féidir le bréagáin a bheith nite agus dífhabhtaithe.
- » Tógtar gach bréagán ar léir go bhfuil siad salach nó truailithe le fuil nó sreabháin choirp as úsáid láithreach le glanadh agus diúscairt. Stóráiltear bréagáin atá le glanadh leo féin.
- » Cuirtear ábhair mhúnlaithe bhoga agus taos nua in áit na seancheann go rialta.
- » Nitear éadaí gléasta suas de réir an chláir ghlantacháin.
- » Glantar trealamh céadfacha, lena n-áirítear linn liathróidí, áiteanna boga spraoi nó boscaí gainimh uair sa tseachtain nó níos mó má theastaíonn sé nuair nó má bhíonn siad truailithe.

122. Cothabháil agus deisiú

- » Tá an tseirbhís maisithe mar is ceart do Sheirbhís Luathbhlianta.
- » Tá an t-urlárach mín, buanfasach, éasca le glanadh agus neamhshúiteach.
- » Ní úsáidtear cairpéid ach fíorbheagán agus ní úsáidtear iad ach in áiteanna beaga ainmnithe.

Sampla: coirnéal do leabhair.

- » Ní úsáidtear cairpéid sna leithris, in áiteanna athraithe clúidín, ná in áiteanna ina láimhseáiltear bia. Coinnítear cairpéid ar bhall sláinteach.
- » Tá clúdaigh urláir daingnithe leis an bhfoireann agus na leanaí a choinneáil sábháilte ó thitim nó ó shleamhnú.
- » Coinnítear na ballaí agus na hurláir go maith, agus tá siad sábháilte gan aon imill ghearra, scealptha, tairní atá ag gobadh amach ná páirteanna atá imithe amú.
- » Tá na siúntaí agus na scáintí ar fad dúnta go daingean.
- » Tá na pasáistí glan agus coinnithe le linn drochaimsire le stop a chur le daoine ag titim.

123. Diúscairt dramhaíola

- » Tógtar an bruscar ó sheomraí a bhfuil leanaí agus an fhoireann iontu gach lá. Tógtar ón áitreabh é go rialta.
- » Ní féidir le leanaí teacht ar dhramhaíl taobh istigh ná taobh amuigh.
- » Tá araidí bruscair oibrithe le troitheáin cos.

- » Stóráiltear clúidíní salacha ar bhealach nach mbeidh drochbholaíthe ná riosca ar ghalar ann mar gheall orthu. Is é sin, stóráiltear i gcoimeádáin séalaithe aer-obach iad agus nach bhfuil leanaí in ann teacht orthu. Tógtar na coimeádáin ón áitreabh ar a laghad uair sa lá.
- » Coinnítear boscaí bruscair go maith agus glan, agus tá dóthain boscaí bruscair ann leis an dramhaíl ar fad a choinneáil.
- » Taobh amuigh, stóráiltear dramhaíl i gcoimeádáin dhochta le clúdach agus tá sconsa timpeall orthu ón áit spraoi taobh amuigh.
- » Glantar agus dífhabhtaítear áiteanna stórála boscaí bruscair agus dramhaíola go rialta.

124. Áiseanna sláintíochta oiriúnacha agus feiliúnacha

- » Tá leithreas amháin agus báisín níochnaí amháin do gach 11 leanbh a bhfuil oiliúint leithris orthu¹⁹.

Leithris do leanaí

- » Cuirtear cubhachailí leithris aonair ar fáil do na leanaí.
- » Cuirtear cóiríocht sláintíochta fheiliúnach, shásúil, shláinteach agus tógtha go maith (seomraí folctha le leithris, báisíní níochnaí agus srl.) do leanaí a bhfuil oiliúint leithris orthu.
- » Is féidir le leanaí gach doras leithris a oscailt go héasca ón taobh istigh, agus is féidir leis an bhfoireann chuí na doirse leithris a oscailt ón taobh amuigh má theastaíonn cúnamh ó dhuine fásta.
- » Tá na cubhachailí leithris séalaithe ó na seomraí spraoi má osclaíonn an leithreas go díreach isteach sna seomraí spraoi nó i seomraí a bhfuil daoine iontu.

Báisíní níochnaí

- » Tá gach báisín níochnaí cóirithe le go mbeidh rochtain ag an úsáideoir ar:
 - uisce reatha fuar agus te. Níor cheart go mbeadh teocht an uisce the ag níos mó ná 43°C;
 - soláthar leachta gallúnaí glantacháin láimhe;
 - éadach indiúscartha triomaithe aonúsáide nó tuáillí páipéir.
- » Tá céimeanna ar fáil do leanaí más gá.
- » Ní úsáidtear báisíní níochnaí le héadaí salacha a shruthlú, do threalamh glantacháin a úsáidtear do na leithris, nó le fáil réidh le dramhuisce a úsáidtear leis an tseirbhís a ghlanadh.

¹⁹ Níl aon riachtanas ar leithreas ar leith do bhuachaillí agus cailíní i Seirbhís Luathbhlianta.

Clúidíní a athrú

- » Tá aonad athraithe clúidín amháin ag an tseirbhís, lena n-áirítear báisín níocháin agus mata athraithe do gach 11 leanbh i gclúidíní.
- » Tá an t-aonad athraithe clúidín agus an mata mín agus éasca le glanadh.
- » Tá na háiteanna athraithe clúidín scartha ó na seomraí tógtha, lena n-áirítear seomraí codlata.
- » Cuirtear stóráil chuí ar fáil do threalamh athraithe clúidíní.

Samplaí: miotóga, soláthar clúidíní.

Éadach cosantach

- » Tá miotóga indiúscartha aonúsáide ar fáil don aonad athraithe clúidín agus úsáideann an ball foirne cuí iad le linn clúidín a athrú.
- » Úsáidtear miotóga indiúscartha ar an dá lámh le linn clúidín a athrú.
- » Tá naprúin indiúscartha aonúsáide ar fáil ag an aonad athraithe clúidín agus úsáidtear iad le linn clúidín a athrú.

Ag fáil réidh le dramhaíl sláintíochta

- » Tá coimeádáin inséalaithe aerdhíonach inghlhanta agus sceithdhíonach ar fáil le fáil réidh le clúidíní, miotóga agus naprúin úsáidte.
- » Tá bosca bruscair troitheáin ar fáil le fáil réidh le tuáillí páipéir.

Leithreas agus báisín níocháin do dhaoine fásta

- » Tá áiseanna leithris ar leith, cuí, sláinteacha agus tógtha go slán curtha ar fáil don fhoireann.
- » Tá leithreas amháin ar a laghad agus báisín níocháin amháin ar fáil do gach 8 mball foirne.

Féach Rialachán 23.

Rialachán 30: Riachtanais Íosmhéid Spáis

Cuspóir

Mar an [soláthraí cláraithe](#), caithfidh tú dóthain spáis a chur ar fáil taobh istigh le riachtanais gach linbh a chomhlíonadh.

Príomhriachtanais an Chomhlíonta Rialála

125. Róil agus freagrachtaí

- » Tá [an fhoireann chuí](#) ar an eolas faoina róil agus dualgaí maidir leis an bhforáil de spás urláir ghlain ábhartha don chineál seirbhíse, agus líon na leanaí in aon seomra de chuid na seirbhíse.
- » Tá dóthain spáis ag an tseirbhís le freastal ar chineálacha éagsúla spraoi agus gníomhaíochtaí, agus líon na leanaí atá ag iarraidh páirt a ghlacadh.
- » Is mar seo a leanas atá an t-íosmhéid [spáis urláir ghlain](#) is féidir le gach leanbh a úsáid:

Cineál Seirbhíse	Riachtanas ar Spás Urláir Ghlain in aghaidh Linbh
Seirbhísí Cúraim Lae Iomláin	0 - 1 bliain: 3.5 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 1-2 bhliain: 2.8 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 2 - 3 bhliain: 2.35 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 3 - 6 bhliain: 2.3 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh.
Seirbhísí Cúram Lae Páirtaimseartha	0 - 1 bliain: 3.5 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 1-2 bhliain: 2.8 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 2 - 3 bhliain: 2.35 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh. 3 - 6 bhliain: 2.3 méadar cearnach de spás urláir ghlain in aghaidh an linbh.

Cineál Seirbhíse	Riachtanas ar Spás Urláir Ghlain in aghaidh Linbh
Seirbhísí Réamhscoile Seisiúnacha	Is é an t-íosmhéid spáis urláir ghlain do gach leanbh ná 1.818 méadar cearnach i rith fhad an tseisiúin seirbhíse do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís sin.
- Baineann an tomhas sin de 1.818 méadar cearnach le leanaí Lae Iomláin agus Páirtaimseartha a bhaineann úsáid as an seisiún COLÓ/Seisiúnach suas go dtí 3.5 uair. - Nuair atá an seisiún COLÓ críochnaithe, baineann an riachtanas spáis Lae Iomláin agus Páirtaimseartha (braitheann 2.35 nó 2.3 méadar cearnach ar aoiseanna na leanaí).	

126. Uaslíon

- Is é an t-uaslíon leanaí atá ag freastal ar sheirbhís sheisiúnach ná 22 in aon seomra amháin ag an am, ach amháin má chuireann an tseirbhís Seirbhís Iomlán Cúraim Lae nó Seirbhís Pháirtaimseartha Cúraim Lae ar fáil, agus ag tabhairt san áireamh nach mbeidh tionchar diúltach aige seo ar shláinte na leanaí.
- Déantar monatóireacht ar líon na leanaí in aon seomra ag an am ar bhunús leanúnach.

127. [Aoisghrúpaí measctha](#)

- Nuair a thugtar aire do leanaí d'aoisghrúpaí éagsúla in aon seomra amháin, tomhaistear an riachtanais spáis bunaithe ar aois gach linbh agus cén fhad a bheidh siad ag freastal ar an tseirbhís.

Féach samplaí i '[spás urláir ghlain](#)' sna nótaí mínithe.

Mír 3

Polasaithe, Níosanna Imeachta agus Ráitis

Is iad seo na príomhriachtanais do gach polasaí,
nós imeachta agus ráiteas

Innéacs	Uimhir an Aguisín	Téama
An Ráiteas Cuspóra agus Feidhme.	1	Rialachas
Polasaí Gearán.	2	Rialachas
Polasaí ar Cógais a Dháileadh.	3	Sábháilteacht
Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe.	4	Sábháilteacht
Polasaí ar Iompar a Bhainistiú.	5	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí ar Chodladh Sábháilte.	6	Sábháilteacht
Polasaí Sábháilteachta ó Dhóiteán.	7	Sábháilteacht
Polasaí Cuimsithe.	8	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí Turas (nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar thurais).	9	Sábháilteacht
Polasaí ar Thimpistí agus Eachtraí.	10	Sábháilteacht
Polasaí ar Údarú chun Leanaí a Bhailiú.	11	Sábháilteacht
Polasaí ar Bhia Sláintiúil.	12	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí ar Shúgradh Taobh Amuigh (nuair a sholáthraítear an súgradh sin do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís).	13	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí ar Neamhláithreacht Baill Foirne.	14	Rialachas
Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Fótagrafacha agus Taifeadta.	15	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí Earcaíochta.	16	Rialachas
Polasaí Bainistíochta Riosca.	17	Sábháilteacht
Polasaí maidir le Socrú Isteach.	18	Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh
Polasaí Oiliúna Foirne.	19	Rialachas
Polasaí Maoirseachta Foirne.	20	Rialachas
Ráiteas ar Shábháilteacht.	21	Rialachas

Aguisín 1: Ráiteas Cuspóra agus Feidhme

Is cur síos ar an tseirbhís é an Ráiteas Cuspóra agus Feidhme do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha a dhéanann cur síos ar oibriúcháin laethúla na seirbhíse, lena n-áirítear na príomhghnéithe seo a leanas:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl don [fhoireann](#), do [thuismitheoirí agus chaomhnóirí](#).

Deirtear cé air a bhfuil an tseirbhís dírithe.

Deirtear an aicme nó an cineál seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Tugtar uaireanta na seirbhíse ann.

Leagtar amach raon aoise na leanaí a ndéantar freastal orthu sa tseirbhís.

Leagtar amach líon na leanaí ar féidir freastal orthu sa tseirbhís.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis. Templates for Policies, Procedures and Statements.

Aguisín 2: Polasaí Gearán

Leagtar amach na nósanna imeachta sa Pholasaí Gearán do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha le gearáin faoi aon ghné den tseirbhís a dhéanamh agus iad a láimhseáil, lena n-áirítear na príomhghnéithe seo a leanas:

Tá sé ar fáil don phobal agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach nósanna imeachta ar an gcaoi ar féidir le duine gearán a dhéanamh – is é sin, conas do ghearán a dhéanamh agus cé leis a ndéantar é.

Tugtar ainm an duine sa tseirbhís a fhaigheann na gearáin. San eolas seo, tugtar san áireamh cé leis ar cheart an ghearán a dhéanamh más gearán fíor sheirbhís a ritheann duine amháin atá ann, nó más é an [soláthraí cláraithe](#)  ábhar an ghearáin.

Luaitear go gcaitear le gearáin ar bhealach rúnda.

Luaitear conas a chaitear le gearán ar bhealach comhsheasmhach lena n-áirítear ráitis faoin mbealach a mbíonn gearáin:

- » á mbainistiú – rún neamhfhoirmeálta nó próisis foirmeálta rúnda;
- » á dtuairisciú;
- » á láimhseáil – gan aon fhaitíos, gar nó claontacht;
- » á n-imscrúdú – go sciobtha, tógtha go dáiríre agus láimhseáilte mar is ceart agus go tuisceanach.

Chomh maith leis sin:

- » luaitear cén pháirt atá [ag an bhfoireann](#);
- » déantar cur síos ar phróiseas gearáin;
- » luaitear conas a choinneofar an duine a rinne a gearán ar an eolas faoin dul chun cinn;
- » tugtar amlíne a mbeifeá ag súil leis ó thaobh a bheith ag déileáil leis an ngearán de.

Déantar cur síos ar conas:

- » a chaithfear le gearán **nach bhfuil** taobh istigh de raon na seirbhíse, mar shampla – Gardaí;
- » a chuirfear ábhar imní maidir le cosaint leanaí (mí-úsáid leanaí, faillí) ar aghaidh chuig an duine idirchaidrimh ceaptha sa tseirbhís, agus conas a dhéantar bainistiú orthu de réir pholasaí cosanta leanaí agus leasa na seirbhíse.

Déantar cur síos ar phróiseas na seirbhíse chun gearán a chur i gcrích, lena n-áirítear:

- » ag déanamh taifid ar thoradh an ghearáin;
- » sonraí faoi aon mholtaí;
- » sonraí faoi aon athruithe don chleachtas, polasaí nó ráiteas;
- » eolas faoin bpróiseas achomhairc.

Is gá go gcoinnítear [taifead](#) cruinn agus sonrach ar gach gearán.

Tugtar eolas maidir le láthair stórála d'eolas an ghearáin, chomh maith le hainmneacha na ndaoine a bhfuil rochtain acu air.

Luaitear go gcoinneofar na taifid gearán ar feadh 2 bhliain ón dáta a láimhseáiltear an gearán²⁰.

Tugtar na sonraí faoi ról [Tusla](#) sa phróiseas gearán sa pholasaí.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Tusla: An bhfuil imní ort faoi Oibriúcháin Seirbhíse Luathbhlianta?

<https://www.tusla.ie/services/preschool-services/where-to-get-advice-if-i-have-a-difficulty-or-a-complaint-about-a-service/>

Tusla: Clárúcháin Nua

www.tusla.ie/services/preschool-services/new-providers/

Ag forbairt Ráitis Cosanta Leanaí: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

²⁰ Déantar é sin gan aon dochar a dhéanamh d'aon riachtanas leis an taifead sin a choinneáil faoi aon achtú nó riail an dlí.

Aguisín 3: Polasaí ar Chógas a Riaradh

Leagtar amach na nósanna imeachta sa Pholasaí ar Chógas a Riaradh do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha nach mór iad a leanúint le stóráil agus riaradh sábháilte cógais do leanaí a chinntiú.

Caithfidh an fhoireann cúraim leanaí na gníomhaíochtaí cuí a thógáil le sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí atá faoina gcúram a chinntiú. Áirítear leis sin cógas a riaradh, más gá, go háirithe i gcás [éigeandála](#). Leagtar amach i bpolasaí ar chógas a riaradh don tseirbhís na nósanna imeachta lena chinntiú go dtugtar faoi seo ar bhealach sábháilte, agus nach bhfuil cúram an linbh i mbaol, nó nach mbeidh orthu an tseirbhís a fhágáil má dhiúltaítear nó má tá moill ar an gcógas a riaradh.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach na nósanna imeachta le hoideas cógais na leanaí a láimhseáil.

Tá foirm toilithe cógais san áireamh.

Sonraítear go dteastaíonn toiliú ón tuismitheoir nó ón gcaomhnóir chun cógas a thabhairt.

Leagtar amach an [fhoireann](#) chuí a bhfuil an [inniúlacht](#) acu (eolas, scileanna agus traenáil) chun cógas a riaradh, agus tá na nósanna imeachta atá le leanúint roimh, le linn agus tar éis cógas a riaradh san áireamh.

Déantar cur síos ar na nósanna imeachta le cógas éigeandála a bhainistiú – mar shampla – frithghníomhú ailléirgeach – lena n-áirítear tuismitheoirí agus caomhnóirí agus seirbhísí éigeandála a chur ar an eolas.

Leagtar amach na nósanna imeachta le huachtar gréine a chur ar na leanaí lena n-áirítear nuair:

- » a chuireann an tuismitheoir nó an caomhnóir an t-uachtar gréine ar fáil;
- » a chuireann an tseirbhís an t-uachtar gréine ar fáil.

Luaitear cén [taifid](#) cógais don leanbh a choinneofar – mar shampla, an dáileogacht, am agus mar sin de.

Déantar cur síos ar an gcaoi a gcuirfear lipéid ar chógas le hainm an linbh agus sonraí eile.

Déantar cur síos ar na nósanna imeachta do chógas a stóráil, lena n-áirítear nach stóráiltear cógais, uachtair agus ungthaí sa bhosca garchabhrach.

Leagtar síos na nósanna imeachta le cógais a stóráil, de réir threoracha an déantóra.

Sonraítear nuair a theastaíonn cógas frith-fhiabhrasach (le teocht a ísliú).

Cuirtear eolas ar fáil faoi theocht a thaifead agus na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a ardaíonn teocht choirp an linbh níos airde ná teorainn sábháilte (38°C nó níos airde).

Leagtar amach na nósanna imeachta le [plean cúraim aonai](#) a láimhseáil má chuirtear ceann ar fáil don leanbh. Tá aon eolas faoi leith faoi riachtanais chógais san áireamh sa phlean cúraim aonair – mar shampla, diaibéiteas.

Féach: Polasaithe Forbartha, Níosanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Níosanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Cumann Ailse na hÉireann

www.cancer.ie/

Aguisín 4: Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe

Sonraíonn an Polasaí ar Rialú Ionfhabhtuithe do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha na nósanna imeachta atá le leanúint sa tseirbhís leis an [bhfoireann](#) (íochta agus neamhíochta) agus na leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint ó scaipeadh ionfhabhtú. Tá an polasaí rialaithe ionfhabhtuithe bunaithe ar [Ghalar Ionfhabhtaíoch a Bhainistiú in Áiseanna Cúraim Leanaí agus Suíomhanna Cúraim Leanaí](#) agus tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach na nósanna imeachta ar lámha a ní lena chinntiú:

- » go gcleachtar an teicníc cheart le lámha a ní trí úsáid a bhaint as oibreán glantacháin;
- » go bhfuil na treoracha ó thaobh lámha a ní ar taispeáint;
- » go ndéantar maoirseacht ar leanaí atá ag ní agus ag triomú a gcuid lámh; agus
- » go bhfuil riachtanais foirne le lámha a ní agus a thríomú i bhfeidhm.

Leagtar amach cleachtais agus nósanna imeachta ar shláinteachas riospráide (casacht agus sraothartach) don fhoireann agus do leanaí.

Leagtar amach riachtanais faoi leith faoi chosc a chur ar thraséilliú.

Leagtar amach rialuithe ionfhabhtaithe ginearálta freisin – mar shampla:

- » tá clár glantacháin i bhfeidhm;
- » úsáidtear éadaí cosanta (miotóga agus naprúin);
- » tá nósanna imeachta ar fhuil agus seabhráin choirp a dhoirteadh i bhfeidhm;
- » níl cead bréagáin agus ábhair spraoi eile a thabhairt isteach sna leithris;
- » cuirtear lipéid ar chíortha aonair, scuaba gruaige, scuaba fiacra, éadaí pearsanta, cóir leapa agus tuáillí agus ní roinntear iad;
- » nósanna imeachta steirilithe (trealamh beathaithe naíonán agus gobáin);
- » tá cliabháin, mataí codlata agus leapacha ar a laghad 50cm óna chéile;
- » úsáidtear glantaigh agus dífhabhaitín i gceart.

Déantar cur síos ar bhainistíocht sábháilte ar bheatha shomheasta, lena n-áirítear:

- » go gcoinnítear beatha shomheasta sa chuisneoir nó in áit fhuar ag teocht idir 0 – 5°C;
- » nach bhfághtar beatha shomheasta ag teocht an tseomra le níos mó ná dhá uair a chloig;
- » go gcaitear amach beatha shomheasta a bhí fágtha ag teocht an tseomra le níos mó ná dhá uair a chloig.

Riachtanais imdhíonta leanaí, na treoracha imdhíonta atá i gceist, atá leagtha amach sa pholasaí agus lena n-áirítear an bhainistíocht shábháilte ar leanaí nach bhfuil imdhíonta má bhriseann galar ionfhabhtaíoch amach.

Déantar cur síos ar nósanna imeachta le briseadh amach a bhainistiú.

Leagtar síos na nósanna imeachta ar a bheith as láthair ón tseirbhís mar gheall ar thinneas.

Leagtar amach na nósanna imeachta maidir leis an gcirceoíl, na hainmhí, iasc agus mar sin de, a bhfuil rochtain ag leanaí orthu, a bhainistiú.

Cuirtear eolas ar fáil faoi rialú ionfhabhtaithe ar [thurais](#) zú agus feirme.

Sonraítear rialú ionfhabhtaithe agus riachtanais sábháilteachta maidir le clúidín a athrú agus oiliúint leithris ar leanaí, mar shampla:

- » nitear agus triomaítear lámha na leanaí tar éis clúidín a athrú nó oiliúint leithris;
- » níonn baill foirne a gcuid lámh roimh agus tar éis dóibh clúidín a athrú nó oiliúint leithris a chur ar leanaí;
- » nósanna imeachta le clúidín a athrú;
- » tá na mataí athraithe san aonad athraithe clúidín uiscédhíonach, le clúdach atá éasca le glanadh agus atá coinnithe go maith – is é sin, gan aon bhriseadh ná stróic;
- » glantar na mataí agus na haonaid athraithe clúidín tar éis gach clúidín a athraítear.

Luaitear na nósanna imeachta le [galair ionfhabhtaíocha infhógartha](#) a chur in iúl do Tusla, an Chigireacht Luathbhlianta.

Áirítear leis seo na nósanna imeachta maidir le bainistíocht [riosca](#) a bhaineann le rialú ionfhabhtuithe.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise: Tús Cliste Éire Shláintiúil – Folláine & Sábháilteacht

www.ncn.ie/index.php/2-ncn/203-healthy-ireland-smart-start-health-safety-3

Sceideal Imdhíonta Luathbhlianta Príomha Náisiúnta

www.hse.ie/eng/health/immunisation/pubinfo/pcischedule/immschedule/

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Treoracha Imdhíonta d'Éirinn

www.hse.ie/eng/health/immunisation/hcpinfo/guidelines

Aguisín 5: Polasaí ar Iompar a Bhainistiú

Is polasaí é an Polasaí ar Iompar a Bhainistiú do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha:

- » a thacaíonn le hiompar dearfach ó leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís;
- » ina leagtar amach an cur chuige le hiompar dúshlánach ó leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís a bhainistiú, rud a chabhraíonn leo a n-iompar a bhainistiú ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois agus dá gcéim forbartha.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach conas a thugtar tacaíocht agus a chuirtear chun cinn leas dearfach sóisialta, leas mothúcháin agus leas iompair na leanaí, agus machnamh á dhéanamh ar chleachtas phroifisiúnta suas chun dáta.

Luaitear conas a thugtar tacaíocht do leanaí maidir le coimhlint a sheachaint, a bhainistiú agus a réiteach.

Deirtear conas a thugtar tacaíocht do leanaí le hiompar dúshlánach.

Déantar cur síos ar an gcaoi a bhfreagraítear iompar dúshlánach leanúnach.

Luaitear go bhfuil cosc ar na cleachtais seo a leanas sa tseirbhís:

- » úsáid a bhaint as pionós corpartha;
- » úsáid a bhaint as, nó bagairt a dhéanamh ar, aon chleachtas atá drochmheasúil, maslach, dúshaothraithe, bagrach, uaigneach, a dhéanann dochar mothúcháin nó fisiciúil don leanbh, nó a dhéanann faillí don leanbh.

Má tá amhras ann faoi mhí-úsáid leanaí nó faillí ar leanaí, déantar é a bhainistiú de réir pholasaí leasa agus cosanta leanaí na seirbhíse.

Luaitear conas a thugtar tacaíocht don [fhoireann](#) maidir le bainistiú iompraíochta agus tacaíocht a thabhairt do riachtanais mhothúcháin na leanaí.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise: Tús Cliste Éire Shláintiúil – Folláine Mothúchánach

www.ncn.ie/index.php/2-ncn/199-healthy-ireland-smart-start-emotional-well-being

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 6: Polasaí ar Chodladh Sábháilte

Is polasaí é an Polasaí ar Chodladh Sábháilte i Seirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear an bealach a gcuirtear socruithe codlata sábháilte agus oiriúnacha ar fáil do leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís.

Forbraítear an polasaí de réir treoracha deachleachtais ó [First Light](#) (go foirmiúil Cumann na hÉireann maidir le Bás Tobann (ISIDA) agus [Codladh Sábháilte do do Leanbh – an Riosca ar Bhás Cliabháin a Laghdú](#) (FSS 2017) agus tá na príomheilimintí seo a leanas san áireamh:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Déantar cur síos ar an socrú codlata ceart do leanaí, de réir an chleachtais phroifisiúnta suas chun dáta, lena n-áirítear:

- » 'Leanbh ar a Dhroim'.
- » 'Cosa ag Íochtar an Chliabháin'.
- » Cloigeann nochta.

Déantar cur síos ar thimpeallacht chompordach codlata an linbh, lena n-áirítear:

- » Go bhfuil na rudaí, bréagáin agus earraí crochta bainte (cliabhán glan).
- » Seachnaítear róthéamh.
- » Cuirtear cosc ar thacú le buidéal.
- » Úsáidtear gobáin mar is ceart.

- » Leagtar amach cén chaoi a ndéantar maoirseacht ar leanaí an t-am ar fad agus iad ina gcodladh:

- Fanann comhalta foirne sa seomra ina bhfuil na leanaí ag codladh; nó
- Tugann comhalta foirne cuairt ar an seomra codlata gach 10 nóiméad ar a laghad agus breathnaíonn sé/sí ar gach leanbh.

- » Tarlaíonn seiceálacha fisiceacha ar a laghad gach 10 nóiméad, lena n-áirítear ag líonadh taifid codlata: Sonraíonn an taifead codlata:

- an t-am ar tharla an tseiceáil;
- cé a rinne an tseiceáil;
- socrú codlata gach linbh (mar atá thuas);
- aon athrú i ndath normálta craicinn an linbh;
- aon athrú i bpatrún normálta anáilaithe an linbh;
- teocht an tseomra codlata do leanaí faoi 2 bhliain d'aois (16-20°C).

- » Ag úsáid painéal féachana agus gléasanna éisteachta.

Déantar cur síos ar na háiseanna codlata do na leanaí faoi 2 bhliain d'aois.

Déantar cur síos ar na háiseanna codlata do na leanaí os cionn 2 bhliain d'aois.

Déantar cur síos ar an gcaoi a n-úsáidtear irisí linbh – má úsáidtear iad – go sábháilte.

Luaitear an [trealamh coiscithe do leanaí atá ina gcodladh](#) – mar shampla, bugaithe, leabaí uisce agus mar sin de.

Leagtar amach na nósanna imeachta le [héigeandáil](#) a bhainistiú má fhaightear leanbh atá ina chodladh agus nach bhfuil ag freagairt.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Céad Solas: Codladh sábháilte do leanaí faoi 2 bhliain

firstlight.ie/wp-content/uploads/2014/10/Safe_Sleep.pdf



FSS: Codladh Sábháilte do do Leanbh – An Riosca ar Bhás Cliabháin a Laghdú
www.healthpromotion.ie/hp-files/docs/HPM00078.pdf

Tusla: Foláireamh Sábháilteachta – Cliabháin

www.tusla.ie/uploads/content/4th_July_2016_Briefing_Note_Safety_Alert_Cots.pdf

Tusla: Áiseanna scíthe dóthanacha agus oiriúnacha

www.tusla.ie/uploads/content/27th_July_Updated_-_Interpretation_of_safe_sleep_requirements_pre_school_regs_2016.pdf

The Lullaby Trust: Codladh níos Sábháilte do Linbh, Tacaíocht do Theaghlaigh
www.lullabytrust.org.uk/

Scottish Cot Death Trust: Laghdaigh an Riosca ar Bhás Cliabháin

<https://safesleepscotland.org/wp-content/uploads/2019/03/early-years-safe-sleep-guide-2017-1.pdf>

Aguisín 7: Polasaí Sábháilteachta Dóiteáin

Is polasaí é an Polasaí [Sábháilteachta Dóiteáin](#) don tSeirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear:

- » cé chomh minic agus ag cén t-am ar cheart cleachtadh dóiteáin a dhéanamh sa tseirbhís; agus
- » an bealach ar cheart an taifead scríofa a ndéantar tagairt dó i Rialachán 26 a choinneáil.

Sonraítear sa pholasaí an chaoi a chinnteoidh an soláthraí cláraithe go bhfuil na [fostaithe](#), na [hoibrithe gan phá](#) agus na [conraitheoirí](#):

- » curtha ar an eolas agus traenáilte faoi na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás tine sa tseirbhís; agus
- » curtha ar an eolas faoi cá bhfuil aon trealamh comhairc dóiteáin agus tá traenáil faighte acu chun an trealamh seo a úsáid.

Forbraítear an polasaí le tagairt do [Shábháilteacht Dóiteáin i Réamhscoileanna 1999](#), doiciméad atá ar fáil ag www.housing.gov.ie/ agus tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Sonraítear an bealach a bhfuil an [fhoireann](#):

- » curtha ar an eolas agus traenáilte faoi na nósanna imeachta ar cheart a leanúint i gcás tine, agus feasacht áirithe a bheith ar leagan amach an áitribh agus aois na leanaí;
- » curtha ar an eolas faoi cá bhfuil an trealamh comhairc dóiteáin;
- » traenáilte leis an trealamh seo a úsáid; agus
- » traenáilte gach uile 2 bhliain.

Luaitear cé chomh minic agus cén t-am ar cheart cleachtadh dóiteáin a dhéanamh.

Luaitear go ndéanfar cleachtadh ar chleachtadh dóiteáin trí aláram dóiteáin a chur ar siúl.

Sonraítear na riachtanais coimeádta [taifid](#), lena n-áirítear:

- » taifid i scríbhinn ar cleachtaidh dóiteáin a tharlaíonn a choinneáil;
- » taifid a choinneáil tríd an uimhir, an cineál agus taifid chothabhála de threalamh comhairc dóiteáin agus aláraim deataigh a scríobh;
- » cén chaoi ar cheart taifid a stóráil;
- » [taifid a choinneáil](#) ar feadh 5 bliana tar éis dóibh a bheith cruthaithe;
- » cé aige a bhfuil rochtain ar na taifid.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúla: Cáipéis Treorach Theicniúil B – Sábháilteacht Dóiteáin

www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/DevelopmentandHousing/BuildingStandards/FileDownload%2C1640%2Cen.pdf

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúla: An Stiúrthóireacht Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála Náisiúnta

www.housing.gov.ie/community/fire-and-emergency-management/national-directorate-fire-and-emergency-management

Pobail a Choinneáil Sábháilte: Creat ar Shábháilteacht Dóiteáin in Éirinn

www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/Community/FireandEmergencyServices/FileDownload%2C32381%2Cen.pdf

Aguisín 8: Polasaí Ionchuimsithe

Sonraítear sa Pholasáí Ionchuimsithe do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha an bealach a gcinntíonn an tseirbhís go dtugtar i ngleic le riachtanais (lena n-áirítear riachtanais fhisiciúla, mhothúchána agus intleachtúla) agus cúrsaí creidimh (má bhaineann) do gach leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís.

Forbraítear an polasaí ionchuimsithe de réir dhoiciméad na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige: [Cairt agus Treoracha ar Éagsúlacht, Comhionannais agus Ionchuimsiú do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige](#) agus tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh:

Tá sé ar fáil don phobal agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach cén chaoi a gcinntíonn an tseirbhís comhionannais rochtana sa tseirbhís do gach leanbh.

Déantar cur síos ar an gcaoi a gcruthaíonn an tseirbhís cultúr ionchuimsithe agus glactha – mar shampla, meas agus luach a bheith ar theangacha dúchais na leanaí.

Déantar cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn an timpeallacht fhisiciúil sa tseirbhís (lena n-áirítear trealamh agus ábhair) le hionchuimsiú agus léiríonn sé éagsúlacht.

Sonraítear cén chaoi a n-aithníonn agus a bhfreagraíonn an tseirbhís ar chlaonadh agus leithcheal.

Leagtar amach cén chaoi a ndéantar taifead ar eachtraí idirchealaitheacha agus cén chaoi a réitítear iad.

Luaitear an chaoi a bhfuil cleachtas machnamhach, deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don [fhoireann](#).

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Cairt agus Treoracha ar Éagsúlacht, Comhionannais agus Ionchuimsiú do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

aim.gov.ie/wp-content/uploads/2016/06/Diversity-Equality-and-Inclusion-Charter-and-Guidelines-for-Early-Childhood-Care-Education.pdf

Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh: Ag tacú le Fáil ar an gClár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) do Leanaí faoi Mhíchumas

<https://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20151118ECCEAccessSpecialNeedsReport.pdf>

An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe

<http://aim.gov.ie/>

Líonra Comhionannais agus Éagsúlachta Cúraim Leanaí Náisiúnta

edenn.org/

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

nda.ie/

Cuir ceist Orm: Treoracha ar Chomhairliúchán Éifeachtach do Dhaoine faoi Mhíchumas

nda.ie/nda-files/-Ask-Me-Guidelines-for-Effective-Consultation-with-People-with-Disabilities1.pdf

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais: Déan do chuid suíomhanna idirlín níos insroichte

nda.ie/Resources/Accessibility-toolkit/Make-your-websites-more-accessible/

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais: ríomhfhoghlaim

nda.ie/Resources/eLearning/

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An tÚdarás Náisiúnta Míchumais: Treoracha Náisiúnta ar Sheirbhísí Sláinte Insroichte agus Cúram Sóisialta

www.hse.ie/eng/services/yourhealthservice/access/natguideaccessibleservices/natguideaccessibleservices.pdf

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe & An tÚdarás Náisiúnta Míchumais: Uirlis Chumarsáide an Chustaiméara don tSeirbhís Phoiblí

universaldesign.ie/Products-Services/Custom-Communications-Toolkit-for-the-Public-Service-A-Universal-Design-Approach/Custom-Communications-Toolkit-for-the-Public-Service.pdf

Éagsúlacht in Oideachas agus Traenáil in Oideachas Luath-Óige

www.decet.org/

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: Straitéis Taistealaí agus Ionchuimsiú Romach Náisiúnta

<http://justice.ie/en/JELR/National%20Traveller%20and%20Roma%20Inclusion%20Strategy,%202017-2021.pdf/Files/National%20Traveller%20and%20Roma%20Inclusion%20Strategy,%202017-2021.pdf>

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 9: Polasaí Turas

(nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar [thurais](#))

Is polasaí é an Polasaí Turais do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin agus Páirtaimseartha a shonraíonn na céimeanna ar cheart a thógáil le sábháilteacht agus leas na leanaí luathbhlianta faoi smacht na seirbhíse ach nach bhfuil ar an [áitreabh a chinntiú](#). Áirítear leis sin na príomhghnéithe seo a leanas:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Tá foirm toilithe do thurais san áireamh.

Luaitear go dteastaíonn toiliú an tuismitheora nó an chaomhnóra le dul ar thurais.

Leagtar amach cén chaoi a mbainistíonn an tseirbhís na turais.

Luaitear go dtugtar faoi [mheasúnú rioscaí roimh gach turas](#).

Déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar maoirseacht ar na leanaí ar na turais.

Luaitear go bhfuil an tseirbhís faoi árachas go cuí do gach turas.

Déantar cur síos ar chórais chumarsáide le linn na dturas, lena n-áirítear:

- » fón póca luchtaithe agus atá ag obair le rochtain ar líonra, nó rochtain ar líne thalún;
- » sonraí teagmhála tuismitheora nó caomhnóra; sonraí teagmhála
- » [éigeandála](#).

Leagtar amach na riachtanais éadaí do thurais.

Leagtar amach na riachtanais beatha agus óil do thurais.

Sonraítear na riachtanais gharchabhrach, lena n-áirítear:

- » duine traenáilte [i ngarchabhair](#) do leanaí;
- » fáil ar fhearas garchabhrach a bhfuil soláthar maith aige.

Leagtar amach cén taifead atá ag teastáil don turas, lena n-áirítear:

- » an taifead ar fhreastal;
- » [pleananna cúraim aonair](#), más cuí;
- » Plean Eachtra Chriticiúil.

Sonraítear cén chaoi a n-iomprófar leanaí le linn turas, chomh maith le linn iad a bhailiú agus iad a fhágáil.

Leagtar amach na céimeanna rialaithe ionfhabhtaithe do thurais.

Leagtar amach na nósanna imeachta le [timpiste](#) nó [eachtra](#) a bhainistiú ar thuras.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Ráiteas Cosanta Leanaí a Fhorbairt: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

Aguisín 10: Polasaí ar Thimpistí agus Teagmhais

Is polasaí é an Polasaí ar Thimpistí agus Eachtraí do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear:

- » na céimeanna atá le tógáil chun [timpistí](#) agus [eachtraí](#) a sheachaint;
- » na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a tharlaíonn timpiste nó eachtra a bhaineann le leanbh luathbhlianta nuair atá an leanbh ag freastal ar an tseirbhís, lena n-áirítear na céimeanna le tógáil le teagmháil a dhéanamh le [tuismitheoir nó caomhnóir](#) an linbh nó na seirbhísí éigeandála más gá;
- » an bealach le [taifead](#) a choinneáil ar an timpiste nó an eachtra;
- » an bealach ar cheart taifead a roinnt le tuismitheoir nó le caomhnóir an linbh i gceist le timpiste nó eachtra.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach tuismitheoir agus caomhnóir.

Leagtar amach na céimeanna a thógfaidh an tseirbhís le timpistí agus eachtraí a sheachaint, lena n-áirítear:

- » an chaoi a ndéantar maoirseacht chuí ar leanaí;
- » an chaoi a gcinntíonn an tseirbhís cóimheas maidir le baill foirne an t-am ar fad;
- » go bhfuil tuiscint soiléir ag an [bhfoireann](#) ar gach leanbh agus an staid ag a bhfuil siad ó thaobh forbartha de;
- » cén chaoi a dtógann an tseirbhís faoi athbhreithniú ar aon [mheasúnú riosca](#);
- » measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht (taobh istigh agus taobh amuigh) le guaiseacha a laghdú;
- » úsáid chuí trealaimh agus ábhair sa tseirbhís a chinntiú;
- » a chinntiú go bhfuil an [ráiteas sábháilteachta](#) soiléir agus á chur i bhfeidhm.

Leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a tharlaíonn timpiste nó eachtra a bhaineann le leanbh luathbhlianta nuair atá an leanbh ag freastal ar an tseirbhís, lena n-áirítear eolas faoi:

- » feacht foirne ar a gcuid ról agus dualgas má tharlaíonn timpiste nó eachtra;
- » na riachtanais gharchabhrach – mar shampla, is duine a fuair traenáil [gharchabhrach](#) a thugann faoin measúnacht;

- » garchabhair láithreach a riaradh (más gá);
- » maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar leanbh gortaithe;
- » teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí agus na seirbhísí éigeandála (más gá);
- » foirm timpiste nó eachtra a líonadh, lena n-áirítear taifead a dhéanamh ar an gcúram garchabhrach agus an freagra a cuireadh ar fáil;
- » cén chaoi a ndéantar cumarsáid le tuismitheoirí tar éis timpiste nó eachtra;
- » [Tusla a chur ar an eolas](#) (más gá).

Leagtar amach cén taifead ar an timpiste nó eachtra nach mór a choinneáil.

Sonraítear an tréimhse ama a gcoinnítear na taifid timpiste nó eachtra lena aghaidh.

Luaitear cén chaoi a ndéantar athbhreithniú ar thimpistí agus teagmhais chun athrú a dhéanamh ar chleachtas, ar pholasaí nó ar nósanna imeachta (más gá).

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Tusla: Clárúcháin Nua

www.tusla.ie/services/preschool-services/new-providers/

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Sábháilteacht Leanaí

www.hse.ie/eng/health/child/childsafety/

Injury Observatory for Britain and Ireland

www.injuryobservatory.net/

The Royal Society for the Prevention of Accidents

www.rosipa.com/

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

www.hsa.ie/eng/

Poisons Information Centre of Ireland

www.poisons.ie/

Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann

www.nsai.ie/

Child Accident Prevention Trust

www.capt.org.uk/

Eurosafe: Cumann na hEorpa um Ghortuithe a Sheachaint agus Sábháilteacht a Chur Chun Cinn

www.eurosafe.eu.com/home

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise: Tús Cliste Éire Shláintiúil: Folláine & Sábháilteacht

www.ncn.ie/index.php/2-ncn/203-healthy-ireland-smart-start-health-safety-3

Ráiteas Cosanta Leanaí a Fhorbairt: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

Aguisín 11: Polasaí ar Údarú le Leanaí a Bhailiú

Is polasaí é an Polasaí ar Údarú le Leanaí a Bhailiú do Sheirbhís Luathbhlianta Iomláin Lae nó Páirtaimseartha a shonraíonn rialacha na seirbhíse maidir le leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís a bhailiú.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach an gnáthamh maidir le bailiú agus fágáil ann.

Déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar maoirseacht ar leanaí le linn amanna bailiúcháin, agus nuair a thagann siad isteach agus nuair a fhágann siad an tseirbhís.

Leagtar amach cé atá údaraithe le leanaí a bhailiú.

Leagtar amach an nós imeachta maidir le duine neamhúdraithe a theacht le leanbh a bhailiú.

Leagtar amach na nósanna imeachta i gcás cúinsí neamhghnácha, lena n-áirítear:

- » bailiúcháin dhéanacha;
- » nuair nach mbailítear leanbh;
- » nuair a thagann tuismitheoir nó caomhnóir nó duine ainmnithe i ndroch-chaoi leis an leanbh a bhailiú.

Leagtar amach cén fhad ar cheart na [taifid](#) a choinneáil.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Aguisín 12: Polasaí ar Bhia Sláintiúil

Is polasaí é an Polasaí ar Bhia Sláintiúil do Sheirbhísí Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha a shonraíonn an bealach a gcinnteoidh an tseirbhís go bhfuil an [bia agus deoch](#) a chuirtear ar fáil do na leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís cothaitheach, agus go gcomhlíonann sé riachtanais cothaithe nó creidimh an linbh.

Tá an Polasaí ar Bhia Sláintiúil forbartha de réir na [dTreoracha Bia agus Cothaithe do Sheirbhísí Réamhscoile](#)²¹ agus an [Plean Biachláir 3 Seachtaine – Acmhainn do Réamhscoileanna](#), ag an [treoir maidir le riar cuí](#) do réamhscoileanna.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil, ar taispeáint agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach an chaoi a mbíonn dóthain bia agus deochanna cothaitheacha feiliúnacha curtha ar fáil do gach leanbh, ag brath ar a aois, a fhorbairt agus a riachtanais, eolas faoi na nithe seo a leanas san áireamh:

- » riachtanais bia faoi leith;
- » méid cuí riartha;
- » an bia agus na deochanna a thugann leanaí leo go dtí an tseirbhís;
- » uisce óil a bheith ar fáil an t-am ar fad;
- » pleananna bia seachtainiúla a bheith ar fáil a chloíonn le béilí, sneaiceanna agus deochanna.

Luaitear go gcaithfidh an biachlár a bheith ar taispeáint sa tseirbhís agus éagsúlacht leathan a bheith air ó thaobh bia sláintiúil de.

Luaitear go mbeidh aon athruithe ar an mbiachlár nótáilte, agus go mbeidh an bia a chuirfear ina áit den luach cothaitheach céanna.

Luaitear go gcaithfidh riar cuí de phróitéin, stáirse, déirí, glasraí agus iarann a bheith san áireamh sa phríomhchúrsa.

Luaitear go dtugtar tacaíocht do roghanna na dtuismitheoirí, mar shampla – beathú buidéal.

Luaitear go dtabharfar tacaíocht do bheathú cíche.

Luaitear go bhfuil tuismitheoirí agus caomhnóirí ar an eolas murar ith a gcuid leanaí go maith.

²¹ Tá an Roinn Sláinte ag forbairt treoirlínte maidir le bia sláintiúil do leanaí idir bliain amháin agus cúig bliana.

Sonraítear go suíonn [baill foirne](#) leis na leanaí le linn an bhéile nó am sneaice agus go spreagann sé/sí nósanna bia maithe.

Luaitear cén chaoi a ndéantar bainistiú ar fhoirmle púdaraíthe an linbh sa tseirbhís.

Déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar bia a stóráil, a ullmhú agus a chur chun boird go sábháilte.

Leagtar amach na riachtanais nuair a úsáidtear cuideachtaí lónadóireachta ón taobh amuigh.

Déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar ceiliúradh ar chóisirí lae breithe agus ar ócáidí speisialta.

Déantar bainistiú ar iarratais bia faoi leith, mar shampla – [hipiríogaireacht](#),  riachtanais chreidimh, agus mar sin de.

Sonraítear cén chaoi a ndéantar maoirseacht ar leanaí agus iad ag ithe agus ag ól.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Leanaí agus Páistí beaga

www.mychild.ie

Safefood: START

www.makeastart.ie

Safefood: Little Bites (Poblacht na hÉireann)

[www.safefood.eu/Education/Pre-school/Little-Bites-\(ROI\).aspx](http://www.safefood.eu/Education/Pre-school/Little-Bites-(ROI).aspx)

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann: Ailléirginí

www.fsai.ie/allergens/

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise: Tús Cliste Éire Sláintiúil – Cothú

www.ncn.ie/index.php/2-ncn/201-healthy-ireland-smart-start-nutrition

An Gréasán Ailléirge Bia na hÉireann

ifan.ie/

Aguisín 13: Polasaí ar Spraoi Taobh Amuigh

(nuair a sholáthraítear an súgradh sin do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís).

Is polasaí é an Polasaí ar Spraoi Taobh Amuigh do Sheirbhís Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear:

- » an bealach agus na hamanna a mbíonn rochtain ag leanaí luathbhlianta ar spraoi taobh amuigh, más ar an [áitreabh](#) nó ar láthair eile é; agus
- » an bealach a gcinntítear sláinte agus sábháilteacht na leanaí réamhscoile agus iad ag spraoi.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil, ar taispeáint agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Déantar cur síos ar an gcaoi a mbíonn rochtain ag na leanaí ar spraoi taobh amuigh (ar an áitreabh nó taobh amuigh den áitreabh), lena n-áirítear:

- » cé chomh minic is bhíonn spraoi taobh amuigh stiúrtha;
- » cén áit a bhfuil an spraoi taobh amuigh lonnaithe;
- » céimeanna le déileáil leis an aimsir, mar shampla – éadaí, uachtar gréine.

Déantar cur síos ar na deiseanna spraoi atá ar fáil - mar shampla, spraoi contúirteach, rith, spraoi dúshlánach, dreapadóireacht, garraíodóireacht.

Leagtar amach cén chaoi a ndéantar maoirseacht le linn spraoi taobh amuigh.

Leagtar amach na riachtanais sábháilteachta sa chás go bhfuil an limistéar súgartha taobh amuigh ar an áitreabh. Mar shampla, caithfidh an ceantar:

- » a bheith ceangailte go díreach leis na háiseanna taobh istigh;
- » a bheith seiceáilte ó amharc lena chinntiú go bhfuil sé saor ó [ghuaiseacha](#);
- » a bheith coinnithe go maith, lena n-áirítear aon trealamh sa cheantar taobh amuigh;
- » cead a thabhairt maoirseacht a dhéanamh ar linbh.

Leagtar amach na riachtanais sábháilteachta áit nach bhfuil an ceantar spraoi taobh amuigh lonnaithe ar an áitreabh, lena n-áirítear:

- » tabhairt faoi [mheasúnú rioscaí](#);
- » cur i bhfeidhm an [pholasaí turas](#); agus
- » na nósanna imeachta le déileáil le baill an phobail agus aird nach bhfuil de dhíth.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise: Tús Cliste Éire Sláintiúil – Gníomhaíocht Choirp

www.ncn.ie/index.php/2-ncn/200-healthy-ireland-smart-start-physical-activity

Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte: Spraoi agus Scíth na Leanaí – Cur Chuige Cothrom a Chur Chun Cinn

www.hse.gov.uk/entertainment/childrens-play-july-2012.pdf

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 14: Polasaí ar Neamhláithreacht Baill Foirne

Is é an Polasaí ar Neamhláithreacht Baill Foirne do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ná na socrúithe atá i bhfeidhm sa tseirbhís lena chinntiú go bhfuil na cóimheasa riachtanacha idir daoine fásta agus leanaí riachtanacha i bhfeidhm nuair a bhíonn [fostaí](#) atá ag obair go díreach le leanaí as láthair.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Luaitear conas a choinnítear an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí.

Luaitear conas a fhreagraíonn an tseirbhís ar neamhláithreacht [foirne](#), mar shampla – an nós imeachta le teagmháil a dhéanamh le foireann faoisimh a chomhlíonann na riachtanais cáilíochta agus ar a ndearnadh grinnfhiosrúchán.

- » Déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar neamhláithreacht foirne a chur in iúl don tseirbhís, lena n-áirítear:
- » cathain a chuirfear an tseirbhís ar an eolas (chomh luath agus is féidir);
- » cé a chuirfear ar an eolas ([an duine i gceannas](#));
- » conas a chuirfear ar an eolas iad (fón, ríomhphost, agus mar sin de).

Tugtar achoimre ar an gcaoi a dtaispeánann an t-uainchlár foirne neamhláithreacht foirne agus ionadaithe.

Luaitear an nós imeachta ba cheart don fhoireann a leanúint chun insint don tseirbhís cathain a thiocfaidh siad ar ais ag an obair.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 15: Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Fótagrafacha agus Taifeadta

Is polasaí é an Polasaí ar Úsáid an Idirlín agus Gléasanna Fótagrafacha agus Taifeadta do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin agus Páirtaimseartha ina sonraítear:

- » cén uair, cén fáth agus na cásanna ina mbíonn rochtain ag leanaí luathbhlianta ar an idirlíon agus iad ag freastal ar an tseirbhís;
- » cén uair, cén fáth agus na cásanna ina dtugtar cead úsáid a bhaint as gléasanna fótagrafacha nó taifeadta laistigh den tseirbhís;
- » cé is féidir leo, agus na cásanna inar féidir leo, breathnú ar ghrianghraf de leanbh luathbhlianta a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, éisteacht le taifead de leanbh luathbhlianta, nó aon cheann den dá rud a choinneáil;
- » an bealach a dtugann tuismitheoir nó caomhnóir toiliú do leanbh luathbhlianta sula mbíonn rochtain ag an leanbh ar an idirlíon nó sula nglacfar grianghraf nó taifead díobh.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil, ar taispeáint agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Déantar cur síos ar rochtain ag leanbh luathbhlianta ar an idirlíon, lena n-áirítear:

- » cathain is féidir leo rochtain a fháil;
- » na cásanna inar féidir leo rochtain a fháil; agus
- » cén fáth a bhfaigheann siad rochtain.

Déantar cur síos ar na nósanna imeachta maidir le cathain is féidir leis an [bhfoireann](#) (agus aon duine eile) grianghraf nó taifead de leanbh/leanaí sa tseirbhís a thógáil. Leagtar amach cén chaoi a n-úsáidtear agus a gceadaítear gléasanna fótagrafacha nó taifeadta sa tseirbhís, lena n-áirítear:

- » cén uair ar féidir le duine rochtain a bheith acu ar ghléasanna taifeadta agus fótagrafacha;
- » na cásanna inar féidir leo; agus
- » cén fáth ar féidir leo.

Leagtar amach na nósanna imeachta ó thaobh breathnú ar ghrianghraf, éisteacht le taifead nó taifead de leanbh luathbhlianta a choinneáil, lena n-áirítear:

- » cé atá in ann breathnú air, éisteacht leis, nó é a choinneáil;
- » na cásanna inar féidir leo é sin a dhéanamh; agus
- » cén fáth.

Luaitear go dteastaíonn toiliú ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir sula mbíonn cead ag leanbh rochtain a bheith aige ar an idirlíon nó sula dtógtar grianghraf nó taifeadadh den leanbh.

Tá foirm toilithe san áireamh.

Leagtar amach cén chaoi a stóráiltear grianghraif agus taifeadtaí.

Leagtar amach an tréimhse ama a gcoinnítear íomhánna agus taifeadtaí sa tseirbhís lena linn, agus cén chaoi a dtabharfar na híomhánna agus na taifeadtaí seo ar ais don thuismitheoir nó caomhnóir, nó cén chaoi a scriosfar iad.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

www.dataprotection.ie/docs/GDPR/1623.htm

Ráiteas Cosanta Leanaí a Fhorbairt: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

Aguisín 16: Polasaí Earcaíochta

Is polasaí é an Polasaí Earcaíochta do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear an nós imeachta atá le leanúint ag [soláthraí cláraithe](#) nuair a bhíonn siad ag earcú [fostaithe](#) agus [oibrithe gan phá](#), lena n-áirítear na céimeanna a chaithfear a thógáil le teistiméireachtaí, cáilíochtaí agus cáipéisí grinnfhiosrúcháin a sheiceáil agus a dheimhniú.

Is ar an soláthraí cláraithe atá an fhreagracht chun a chinntiú go bhfuil an earcaíocht ar fad déanta de réir na reachtaíochta fostaíochta agus comhionannais. Caithfidh an soláthraí a chinntiú freisin go ndéanann cleachtais acmhainní daonna bunaithe ar fhianaise eolas do na próisis earcaíochta agus roghnaithe.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Leagtar amach na nósanna imeachta agus na córais éifeachtacha a chaithfear a leanúint nuair atá fostaithe agus oibrithe gan phá á bhfostú, lena n-áirítear:

- » nuair atá na sonraí poist á gcur le chéile; agus
- » na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Leagtar amach cén chaoi a ndéanfar an post a fhógairt.

Sonraítear an próiseas iarratais – mar shampla:

- » modh an iarratais – foirm iarratais, litir iarratais, agus mar sin de;
- » cáipéisí iarratais – CV suas chun dáta agus cuimsitheach, agus mar sin de.

Déantar cur síos ar an bpróiseas agallaimh.

Leagtar amach na riachtanais ghrinnfhiosrúcháin agus an chaoi a ndeimhnítear iad seo, lena n-áirítear:

- » teistiméireachtaí;
- » Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána;
- » Grinnfhiosrúchán Póilíní (más gá).

Leagtar amach na nósanna imeachta maidir le hathdhéanamh ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Leagtar amach na riachtanais maidir leis an [mBord Bainistíochta agus Stiúrtóirí](#), más cuí.

Leagtar amach na riachtanais cháilíochta.

Déantar cur síos ar an bpróiseas le cáilíochtaí a sheiceáil agus a [dheimhniú](#).

Sonraítear an próiseas atá i bhfeidhm le haitheantas an duine a dheimhniú, i bhfoirm pas reatha nó ceadúnas tiomána reatha.

Sonraítear na nósanna imeachta le [faisnéisithe](#) grinnfhiosrúcháin a bhainistiú.

Sonraítear tréimhse phromhaidh an phoist.

Leagtar amach na riachtanais do [mhic léinn](#).

Luaitear go mbeidh Conradh fostaíochta i gceist.

Leagtar amach cén chaoi a ndéanfar sórtáil ar na [taifid](#) maidir leis an bpróiseas earcaíochta do gach duine aonair, agus cén fhad a [gcoinneofar na taifid seo](#).

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Tusla: Clárúcháin Nua

www.tusla.ie/services/preschool-services/new-providers/

Ag forbairt Ráitis Cosanta Leanaí: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

An Roinn Sláinte agus Leanaí: Ár nDualgas Cúraim - Prionsabail an Deachleachtais chun Cosaint a Thabhairt do Leanaí agus do Dhaoine Óga

www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_Full_Eng.pdf

An Garda Síochána: An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin

vetting.garda.ie/

National Police Chiefs' Council: ACRO Criminal Records Office – International Child Protection Certificate (UK)

www.acro.police.uk/icpc/

Rialtas na Breataine: Seirbhís Faisnéisithe agus Urchoisc

www.gov.uk/government/organisations/disclosure-and-barring-service

Seirbhís Grinnfhiosrúcháin Barnardos



www.barnardos.ie/what-we-do/our-services/specialist-services/vetting-service.html

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de chuid Luath-óige Éireann

www.earlychildhoodireland.ie/work/operating-childcare-service/garda-vetting/

An tAcht um Stádas Comhionann (Leasú) 2012

www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/41/enacted/en/print.html

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Cáilíochtaí Luathbhlianta Aitheanta.

https://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_Full_Eng.pdf

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012

www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/47/enacted/en/html

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Cairt agus Treoracha ar Éagsúlacht, Comhionannais agus Ionchuimsiú do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

aim.gov.ie/wp-content/uploads/2016/06/Diversity-Equality-and-Inclusion-Charter-and-Guidelines-for-Early-Childhood-Care-Education.pdf

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015

www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf

Workplace Solutions: An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chearta Fostaíochta

workplacesolutions.ie/nera/

Caidreamh san Ionad Oibre

www.workplacerelations.ie

Aguisín 17: Polasaí Bainistíochta Riosca

Is polasaí é an Polasaí Bainistíocht Rioscaí do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ar an mbealach a ndéanann an [soláthraí cláraithe](#) measúnú ar aon rioscaí féideartha do shábháilteacht na leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís. Clúdaítear na céimeanna a ghlactar chun na rioscaí sin a dhíbirt nó a laghdú.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil, ar taispeáint agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach an chaoi a dtugann gach [measúnú riosca](#) sonraí orthu seo a leanas:

- » an [ghuais](#) nó an [riosca](#) féideartha a bhfuil measúnú á dhéanamh air;
- » na rialuithe atá i bhfeidhm chun déileáil le riosca;
- » an riosca a mheasúnú;
- » na rialuithe breise a theastaíonn le fáil réidh leis an riosca nó chun é a laghdú an riosca;
- » an duine nó na daoine atá freagrach as na rialuithe breise a chur i bhfeidhm, nuair is gá.

Déantar cur síos ar an gcaoi a gcuirtear measúnuithe riosca i gcrích le haon ghuaiseacha féideartha a aithint a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do:

- » an tseirbhís a bheith rialaithe go maith;
- » tacaíocht a thabhairt do shláinte, do leas agus d'fhorbairt gach linbh atá ag freastal ar an tseirbhís;
- » sábháilteacht na leanaí sa tseirbhís;
- » an [t-áitreabh](#) a bheith sábháilte, feiliúnach agus cuí do chúram agus d'oidreachas na leanaí.

Leagtar amach go bhforbrófar measúnú rioscaí do gach leanbh aonair, nuair is gá.

Leagtar amach cén chaoi a mbeidh páirt ag na páirtithe ábhartha i measúnuithe riosca a fhorbairt, lena n-áirítear leanaí agus a dtuismitheoirí agus caomhnóirí, más cuí.

Luaitear go bhfuil fianaise ar na measúnuithe riosca a rinne an tseirbhís.

Luaitear go mbeidh an straitéis bainistíochta riosca san áireamh i [ráiteas sábháilteachta](#) na seirbhíse.

Luaitear go gcaithfidh an taifead measúnuithe riosca a léiriú cé a bhí i gceist leis an bpróiseas measúnaithe riosca.

Leagtar amach cén fhad a gcoinneofar na [taifid](#) bainistíochta rioscaí.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta: An tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

www.hsa.ie/eng/Topics/Managing_Health_and_Safety/Safety,_Health_and_Welfare_at_Work_Act_2005/

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta: Treoir do Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta

www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Safety_and_Health_Management/Guide_to_Risk_Assessments_and_Safety_Statements.pdf

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 18: Polasaí maidir le Socrú Isteach

Is é an Polasaí maidir le Socrú Isteach do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ná na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le himeascadh na leanaí luathbhlianta sa tseirbhís nuair a thosaíonn siad den chéad uair, maidir lena ndul chun cinn agus iad sa tseirbhís agus a n-aistriú go dtí an bhunscoil a éascú.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Tá sé ar fáil, ar taispeáint agus curtha in iúl do gach [tuismitheoir agus caomhnóir](#).

Leagtar amach cén chaoi a dtugtar tacaíocht d'aistriú na leanaí:

- » isteach sa suíomh – mar shampla, ón mbaile;
- » laistigh den tseirbhís – mar shampla, le linn an ghnáthaimh laethúil;
- » ón suíomh – mar shampla, go dtí an bhunscoil.

Déantar cur síos ar an gcaoi a gcoinnítear leanúnachas cúraim – mar shampla, úsáid a bhaint as córas [príomhdhuine](#).

Sonraítear an bhaint a bhíonn ag tuismitheoirí agus caomhnóirí leis an aistriú, mar is cuí.

Leagtar amach an chaoi a dtugtar tacaíocht do [bhaill foirne](#) chun an t-aistriú éifeachtach a chumasú.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

aistearsiolta.ie/en/

Aguisín 19: Polasaí Oiliúna Foirne

Is polasaí é an Polasaí Oiliúna Foirne do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear an bealach a gcaithfidh an [soláthraí cláraithe](#) riachtanais oiliúna na [bhfostaithe](#) agus na [n-oibrithe gan phá](#) a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Leagtar amach an chaoi a n-aithnítear agus a dtugtar faoi riachtanais oiliúna na [mball foirne](#).

Sonraítear an oiliúint a theastaíonn ón [duine atá i gceannas](#), mar shampla – an bainisteoir.

Leagtar amach cé na hacmhainní a chuirtear ar fáil don oiliúint.

Déantar cur síos ar an oiliúint ionduchtúcháin.

Leagtar amach infhaighteacht na hoiliúna agus na forbartha gairmiúla leanúnaí.

Sonraítear na [taifid](#) oiliúna foirne a choinnítear sa tseirbhís.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Ag forbairt Ráitis Cosanta Leanaí: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2015/a3615.pdf

An Roinn Sláinte agus Leanaí: Ár nDualgas Cúraim - Prionsabail an Deachleachtais chun Cosaint a Thabhairt do Leanaí agus do Dhaoine Óga www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_Full_Eng.pdf

Aguisín 20: Polasaí ar Mhaoirseacht Foirne

Is polasaí é an Polasaí Maoirseachta Foirne do Sheirbhís Luathbhlianta Lae Iomláin nó Páirtaimseartha ina sonraítear an bealach a ndéantar maoirseacht ar agus a dtugtar tacaíocht [d'fhostaithe, d'oibrithe gan phá](#) agus do [chonraitheoirí](#) sa tseirbhís maidir lena gcleachtais oibre.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa pholasaí:

Luaitear go ndéantar maoirseacht ar agus go dtugtar tacaíocht d'fhostaithe, d'oibrithe gan phá agus do chonraitheoirí sa tseirbhís maidir lena gcleachtais oibre de réir an pholasaí sin.

Leagtar amach cad é maoirseacht [foirne](#) agus an aidhm atá leis, is é sin:

- » aon chumarsáid idir beirt nó níos mó den [fhoireann ábhartha](#), ar bainisteoir líne é duine acu;
- » tacú agus forbairt a dhéanamh ar eolas agus scileanna luachmhara duine aonair trí phróiseas measúnaithe le smaointeoireacht phroifisiúnta, gníomhaíochtaí agus cinntí a scrúdú.

Leagtar amach na cuspóirí agus struchtúr na maoirseachta.

Sonraítear an chaoi a ndéantar maoirseacht ar bhaill foirne agus an chaoi a dtacaítear leo maidir lena gcleachtais oibre.

Lena n-áirítear ionduchtú agus maoirseacht leanúnach.

Sonraítear an chaoi a n-aithnítear riachtanais maoirseachta.

Leagtar amach soláthar na n-acmhainní a theastaíonn don mhaoirseacht.

Luaitear cén chaoi agus cén áit a dtugtar faoi mhaoirseacht.

Luaitear cé chomh minic is a tharlaíonn maoirseacht.

Luaitear cén chaoi a dtabharfar breithiúnas ar an bhfoireann agus cén chaoi a n-úsáidfear an breithiúnas seo.

Leagtar amach cén [taifead](#) a choinneofar don mhaoirseacht, cén áit a stórálfar na taifid agus cén fhad a gcoinneofar iad.

Áirítear leis sin an mhaoirseacht ar bhaill foirne chuí, ar chonraitheoirí nó ar dhaoine faoi oiliúint más cuí.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

Ag forbairt Ráitis Cosanta Leanaí: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn

www.tusla.ie/uploads/content/Developing_a_Child_Safeguarding_Statement_-_A_Guide_for_Early_Years_Ser....pdf

Aguisín 21: Ráiteas ar Shábháilteacht

Tá Ráiteas Sábháilteachta scríofa ag an tseirbhís a chomhlíonann riachtanais Alt 20 den [Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005](#) le tagairt ar leith don [Údarás Sláinte agus Sábháilteachta: Treoir do Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta](#).

Ráiteas ar Shábháilteacht:

Is gealltanais scríofa é an ráiteas sábháilteachta le sábháilteacht agus sláinte a bhainistiú i do sheirbhís, agus cén chaoi a gcaithfear é a dhéanamh. Áirítear leis an ráiteas an méid seo a leanas:

- » Polasaí sláinte agus sábháilteachta na seirbhíse. Féach sampla den pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta ar leathanach 21 den [Treoir do Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta](#).
- » Torthaí measúnuithe riosca na seirbhíse.
- » Ainmneacha agus teidil phoist na ndaoine atá freagrach as cúrsaí sábháilteachta agus sláinte.
- » Dualgais an [tsoláthraí chláraithe](#) agus an [duine i gceannas](#), lena n-áirítear an comhoibriú a theastaíonn ó na [fostaithe](#) ar chúrsaí sábháilteachta agus sláinte.
- » Tiomantas do chomhairliúchán agus rannpháirtíocht an fhostaí, lena n-áirítear socruithe le hionadaí sábháilteachta a cheapadh.
- » Socruithe leasa na seirbhíse – mar shampla, soláthar áiseanna leithris, áiseanna scíthe agus ite, uisce óil.
- » Pleananna agus nósanna imeachta na seirbhíse le déileáil le [héigeandálaí](#) – mar shampla, [Plean Eachtra Criticiúla](#).
- » Socruithe na seirbhíse le sábháilteacht na leanaí, na bhfostaithe agus cuairteoirí ar fad ar an tseirbhís a chinntiú, nó aon duine eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí oibre na seirbhíse orthu.
- » An polasaí trealaimh cosanta pearsanta agus clárúchán an trealaimh.
- » Na nósanna imeachta [garchabhrach](#) agus [sábháilteachta dóiteáin](#) agus na sonraí faoi threalamh agus áiseanna atá ar fáil.
- » Na nósanna imeachta le timpiste a thuairisciú agus a imscrúdú.
- » Na [taifid](#) oiliúna.

Caithfidh an ráiteas sábháilteachta (lena n-áirítear na measúnuithe rioscaí) a bheith curtha in iúl do gach fostaí agus duine eile sa tseirbhís a d'fhéadfadh a bheith curtha i mbaol. Ba cheart é sin a dhéanamh uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus aon uair a dhéantar é a athrú nó a nuashonrú. Ba cheart go gcuirfí

fostaithe nua ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta seo, go háirithe na rannóga a bhféadfadh tionchar díreach a bheith aige orthu. Caithfidh an ráiteas a bheith i bhfoirm agus i dteanga atá sothuigthe. Glactar le rochtain réitigh ar [chóip leictreonach](#) freisin.

Féach: Polasaithe Forbartha, Nósanna Imeachta agus Ráitis i Seirbhísí Oideachais Luathbhlianta agus Cúraim: Treoir Phraiticiúil.

Féach: Samplaí agus Teimpléid do Bheartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis.

Naisc Gréasáin Úsáideacha:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta: Reachtaíocht

www.hsa.ie/eng/Legislation/

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leasa 2005 (Uimh. 10 de 2005)

www.hsa.ie/eng/Legislation/Acts/Safety_Health_and_Welfare_at_Work/

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta: Treoir do Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta

www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Safety_and_Health_Management/Guide_to_Risk_Assessments_and_Safety_Statements.pdf

Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí: Plean Eachtra Criticiúla – Uirlis do Sholáthraí Cúraim Leanaí

https://www.earlychildhoodireland.ie/wp-content/uploads/2015/06/Critical-Incident-Plan_English_Feb2012.pdf

Aguisín 22: Amscála le haghaidh Taifid Seirbhíse a Choinneáil

Rialachán	Doiciméad	Tréimhse Choinneála
Seirbhís Réamhscolaíochta a chlárú: Rialachán 6(6)	Ráiteas Sábháilteachta na Seirbhíse.	A fhad agus a bhíonn an tseirbhís cláraithe mar Seirbhís Luathbhlianta.
Bainistíocht agus Earcaíocht: Rialachán 9 (1)(c)	Taifead Bainistíochta Struchtúrtha.	A fhad agus a bhíonn an tseirbhís cláraithe mar Seirbhís Luathbhlianta.
Athbhreithniú ar Sheirbhís Réamhscolaíochta: Rialachán 14(b)	Athbhreithniú bliantúil ar pholasaithe / nósanna imeachta / ráitis agus cleachtais.	3 bliana ó tugadh faoin athbhreithniú.
Taifead ar Leanbh Réamhscoile: Rialachán 15(4)	Taifead ar leanaí luathbhlianta.	2 bhliain ón dáta ar stop an leanbh ag freastal ar an tseirbhís.
Cóip den Acht agus Rialúcháin 2016: Rialachán 18	Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013. Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016.	A fhad agus a bhíonn an tseirbhís cláraithe mar Seirbhís Luathbhlianta.
Taifead maidir le Seirbhís Réamhscoile: Rialachán 16(2)(a)	Teistiméireachtaí, Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, Grinnfhiosrúcháin Póilíní.	5 bliana tar éis don duine tosú ag obair sa tseirbhís. Áirítear leis seo na baill foirne reatha agus baill foirne nach bhfuil ag obair sa tseirbhís níos mó.
Taifead maidir le Seirbhís Réamhscoile: Rialachán 16(2)(b)	Taifead: » Freastal an linbh ar bhonn laethúil; » Aon chógas riарtha do leanbh luathbhlianta atá ag freastal le toil an tuismitheora;	2 bhliain ón dáta ar stop an leanbh ag freastal ar an tseirbhís.

Rialachán	Doiciméad	Tréimhse Choinneála
	» Aon timpiste, aon ghortú do leanbh luathbhlianta atá ag freastal.	
Seiceáil Isteach agus Seiceáil Amach agus Taifead Freastail: Rialachán 24(1)	Taifead ar sheiceáil isteach agus ar sheiceáil amach gach linbh.	2 bhliain ón dáta ar stop an leanbh i gceist ag freastal ar an tseirbhís.
Seiceáil Isteach agus Seiceáil Amach agus Taifead Freastail: Rialachán 24(3)(b)	Taifead scríofa ar sheiceáil isteach laethúil daoine seachas: » leanbh luathbhlianta; » duine a fhágann nó a bhailíonn leanbh; » fostaí; » oibrí neamhíoctha.	1 bhliain ón dáta lena mbaineann.
Cúrsaí Sábháilteachta Dóiteáin: Rialachán 26(3)	» Taifead ar chleachtaidh dhóiteáin; » Líon, cineál agus cothabháil trealaimh comhairc dóiteáin agus aláraim deataigh.	Coinnithe ar feadh 5 bliana tar éis dó a chruthú.
Bearta Sábháilteachta ó Dhóiteán: Rialachán 26(4)	Nós imeachta aslonnaithe dóiteáin.	A fhad agus a bhíonn an tseirbhís cláraithe mar Seirbhís Luathbhlianta.
Árachas: Rialachán 28	Deimhniú Árachais.	A fhad agus a bhíonn an tseirbhís cláraithe mar Seirbhís Luathbhlianta.
Taifead ar Ghearáin: Rialachán 32(4)	Taifead i scríbhinn de ghearán a dhéantar don soláthraí faoin tseirbhís.	2 bhliain ón dáta ar déileáladh leis an ngearán (críochnaithe).

Aguisín 23: Iniúchadh i gComhthéacs Reachtaíochta Eile

Rialacháin Tógála

Rialacháin Tógála agus na Cáipéisí Treorach Teicniúla lena mbaineann – mar shampla:

- » Riachtanais Teasa mar a leagtar amach i gCáipéis J de Threoir Theicniúil Fearais Toraidh Teasa (2014) na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- » Riachtanais Solais mar atá leagtha amach i Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: Cáipéis M den Treoir Theicniúil: Rochtain agus Úsáid: Rialacháin Tógála 2010.
- » Riachtanais Aerála mar a leagtar amach i gCáipéis F de Threoir Theicniúil ar Aeráil 2009 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- » Riachtanais sábháilteachta dóiteáin mar a leagtar amach i gCáipéis B de Threoir Theicniúil ar Shábháilteacht Dóiteáin 2006 na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Tuilleadh eolais ar fáil ag: www.housing.gov.ie/.

Cosaint Leanaí

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

Sábháilteacht ó Dhóiteán

Reachtaíocht Sábháilteachta Dóiteáin, teastais dóiteáin agus cáipéisí treorach teicniúla gaolmhara eisithe ag An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil 2006.

Sábháilteacht Bia agus Sláinteachas, lena n-áirítear Soláthar Uisce, mar shampla:

Rialacháin Sábháilteachta Bia 1950-89, na Coistí Eorpacha (Sláinteachas bia-ábhar) Rialacháin 2006 (SI Uimh 369) Rialachán, EC 178/2002 agus Rialachán (EC) Uimh 852/2004.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Sheirbhísí Sláinte Comhshaoil: <https://www.hse.ie/eng/services/list/1/envirom>

Rialú Tobac

An tAcht um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002.

Nóta: Is iad seo samplaí de na hatreorúcháin féideartha reatha ar féidir a dhéanamh nuair a mheasann an cigire go bhfuil riosca fíor agus féideartha do leanaí. Is féidir go gcuirfear leis más gá, ach cuirfear comhairle ort faoi seo roimh ré.

Mír 4

Nótaí Mínithe

Tá ciall áirithe ag cuid de na focail agus na téarmaí a úsáidtear sa cháipéis seo i gcomhthéacs na riachtanas reachtúil rialúcháin san earnáil Oideachais agus Cúraim Luath-Óige. Dá bharr sin, tá na nótaí mínithe seo curtha le chéile againn mar threoir. Sonraímid na téarmaí seo in ord aibítire, agus, i gcásanna áirithe, tá níos mó eolais tugtha againn faoin téarma chomh maith leis an sainmhíniú atá air.

Timpiste:

Imeacht guagach agus mar sin, dosheachanta. Tugtar gortú neamhbheartaithe air seo freisin.

An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM):

Samhail tacaíochta atá deartha lena chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí faoi mhíchumas ar an [gClár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige \(COLÓ\)](#). Is é seo an tsamhail tacaíochta leanbhlárnach a chuireann ar chumas soláthraithe seirbhíse eispéireas luathbhlianta ionchuimsitheach a chur ar fáil ar féidir le gach leanbh a bheith páirteach ann, leanaí faoi mhíchumas san áireamh.

Acht 2012:

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 (Uimh. 47 de 2012). Cuireadh tús leis an Acht ar 29 Aibreán 2016 agus soláthraíonn sé cosaint do leanaí agus do dhaoine soghonta. Soláthraíonn sé an foras agus cothabháil de chóras bunachair sonraí an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (leanaí agus daoine soghonta). Déanann sé sin foráil do nósanna imeachta a chur ar bun a bhaineann le daoine ar mian leo tabhairt faoi obair áirithe nó seirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí nó daoine soghonta.

Aistear:

An creat curaclaim luath-óige do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois in Éirinn.

Tús Níos Fearr, an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta:

Tionscnaimh náisiúnta a bhunaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) le cur chuige comhtháite náisiúnta a thabhairt isteach maidir le caighdeán Oideachais agus Cúraim Luath-Óige (COLÓ) a fhorbairt do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois in Éirinn.

Téada dallóige:

Fuinneoga a osclaítear nó a dhúntar le corda tarraingthe nó lúb slabhra leanúnach.

Is féidir le leanaí iad féin a ghortú, nó fiú iad féin a thachtadh le cordaí dallóige fuinneoige agus cordaí cuirtíní. Nuair atá leanbh ag fiosrú nó ag spraoi, is féidir leo dul i bhfolach i gcordaí crochta agus, má dhéanann an leanbh iarracht suí nó má sheasann siad suas, d'fhéadfaidís iad féin a chrochadh sa lúba. D'fhéadfadh an corda nó an lúb slabhra a úsáidtear le dallóga díreacha a oscailt agus a dhúnadh leanbh a thachtadh. Tá dallóga inmheánacha a rinneadh ó 2014 níos sábháilte ná seandallóga.

Ba cheart gach céim a thógáil lena chinntiú go bhfuil na dallóga sábháilte. Molann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI):

- » Nach bhfuil cordaí na ndallóg agus na gcuirtíní inrochtana.
- » Cordaí dallóige lúbtha a choinneáil amach ó leanaí.
- » Tá na cordaí a chríochnaíonn i lúb an-chontúirteach. Gearr an corda le fáil réidh leis an lúb agus cuir isteach bobailíní.
- » Ba cheart go gcríochnóidh cordaí agus bobailíní 1.6 méadar os cionn na talún le nach mbeidh leanaí in ann breith orthu. Bain úsáid as lúb chuirtín nó dallóg in áit cordaí.
- » I gcás nach féidir le seirbhís na cordaí a ghearradh, is féidir gléas ceangailte síos nó gléas teannais a úsáid chun an corda a tharraingt go daingean agus é a dhaingniú don urlár nó don bhalla.
- » Ná cuir cliabhán, leaba, ardchathaoir ná cruib shúgartha in aice le fuinneog nó doras paitió nuair is féidir le leanbh greim a fháil ar chorda cuirtín nó dallóige.
- » Coinnigh toilg, cathaoireacha, táblaí, seilfeanna nó leabhragáin amach ó fhuinneoga le cosc a chur ar leanaí dreapadh suas agus greim a fháil ar chordaí cuirtíní nó dallóg.

Caithfidh seirbhís gach beart a dhéanamh chun sábháilteacht na leanaí a chinntiú ó na rioscaí a bhaineann le cordaí dallóg.

Tá dallóga inmheánacha, a cuireadh isteach tar éis 2014 deimhnithe faoi EN13120: 2009 + A1: 2014.

Dallóga inmheánacha a cuireadh isteach tar éis 2014; tá gléas sábháilteachta leis an gcorda a choinneáil amach ó leanaí san áireamh, agus tagann siad le fianaise dhoiciméadach go gcloíonn an gléas sábháilteachta le caighdeáin sábháilteachta EN 16434:2014. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Monatóirí aonocsaíde carbóin (CO):

Monatóirí a úsáidtear nuair a bhíonn breoslaí iontaise orgánacha, mar shampla ola, gás, adhmaid, móin, brícíní nó guail, agus mar sin de in úsáid. Tá sé riachtanach cigireacht agus cothabháil rialta a dhéanamh ar fhearaí, ar aeróga, ar mhúcháin agus ar shimpléir chun áititheoirí na seirbhíse a chosaint ó chontúirt aonocsaíde carbóin. Ba chóir comhairle ó shaineolaí cáilithe a lorg sula gceannaítear agus sula gcuirtear isteach monatóirí CO.

Cóip dheimhnithe:

Cóip cheart de theastas nó de cháipéis. I gcás **cóip chrua** de theastas nó de cháipéis:

- » Tá an chóip chrua den deimhniú/doiciméad faighte ag an [soláthraí cláraithe](#) agus féadfaidh sé a fhíorú gur “cóip dhílis” nó “cóip fhíordheimhnithe” den chóip bhunaidh é. Tugann an soláthraí cláraithe nóta ar an gcóip gur cóip dhílis den bhunchóip é.
- » Mura féidir leis an soláthraí cláraithe bunchóip chrua den cháipéis a fheiceáil, fíoraíonn siad go bhfuil stampa na heagraíochta nó an choláiste ábhartha ar an gcóip de theastas an cháipéis.

I gcás **ríomh-fhiosraithe**, seolfaidh an eagraíocht ábhartha ar aghaidh an ríomhphost ón [mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin](#) chuig na soláthraithe cláraithe a deir gur cóip cheart den bhunchóip é an faisnéisiú grinnfhiosrúcháin a fuarthas ar ríomhphost. Sa ríomhphost a sheoltar ar aghaidh, is féidir leis an nochtadh a bheith cosanta ag pasfhocal.

Cuirtear cóipeanna deimhnithe chuig an soláthraí cláraithe le toil an duine atá faoi ghrinnfhiosrúchán.

Cosaint Leanaí

Cuireann [an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) agus na riachtanais nuashonraithe de chuid [Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta \(2017\) maidir le Cosaint agus Leas Leanaí](#) freagrachtaí nua ar [sholáthraithe cláraithe](#) lena chinntiú go gcosnaítear leanaí ina gcuid seirbhísí. Ráiteas ina leagtar amach tiomantas na Seirbhíse Luathbhlianta do na leanaí faoina gcúram a chosaint agus na próisis atá i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chinntiú, timpeallach inar féidir leo a bheith ag spraoi, ag foghlaim agus ag forbairt. [Ráiteas Cosanta Leanaí a Fhorbairt: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn](#). Is doiciméad é seo a chuireann tacaíocht agus treoir ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí agus na Polasaithe agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a ghabhann leis a fhorbairt. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: www.tusla.ie/children-first/.

Spás urláir ghlain:

Spás atá ar fáil sa tseirbhís do na leanaí le bheith ag obair, ag spraoi agus ag bogadh. **Níl** áiteanna cosúil le cistineacha, leithris, hallaí, áiteanna seirbhíse codlata agus eile san áireamh sa tomhais spáis agus **ní** mheastar gur spásanna urláir ghlain iad.

Nuair a bhíonn an riachtanas spáis á ríomh, is samplaí de throsacán **ar féidir** a chur san áireamh sa spás soiléir glan iad an troscán seo a leanas:

- » Troscán agus trealamh spraoi a úsáideann na leanaí - mar shampla, boird do na leanaí, cathaoireacha, spraoi gainimh agus uisce, seilfeanna íseal inrochtana do leanaí ina gcoinnítear agus a dtaispeántar bréagáin agus trealamh na leanaí, seastáin ealaíne, racaí gúna, áit chúinne baile agus leabharlanna.
- » Troscán a úsáidtear go díreach maidir le cúram agus oideachas leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís.

Seo a leanas samplaí d'eilimintí nach féidir a chur san áireamh sa spás urláir ghlain:

- » Daingneáin bhuana, mar shampla cófraí stórála a úsáideann an fhoireann ábhartha nó a úsáidtear le haghaidh cuspóirí eile - mar shampla, ábhair ghlantacháin nó troscáin nach dteastaíonn ó na leanaí.
- » Spás stórála.
- » An iomarca stórála de chairn cathaoireacha agus bord i gcuid den seomra.
- » Meastar gur barrachas ar riachtanais trealamh agus troscán aon trealamh agus troscán a stóráiltear sa seomra luathbhlianta agus nach n-úsáideann na leanaí luathbhlianta.

Cuirtear na híosriachtanais spáis i bhfeidhm mar atá leagtha amach i Rialachán 30 agus i sceideal 7 de na Rialacháin. Caithfidh an soláthraí cláraithe a chinntiú go gcomhlíonfar na híosriachtanais spáis atá riachtanach do **gach** leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís agus go dtabharfar iad san áireamh; aois an linbh, a fhad fanachta, an cineál seirbhíse atá á úsáid agus má tá siad rannpháirteach sa scéim COLÓ nó nach bhfuil.

Sampla 1: Áirítear leanaí ag baint leasa as scéim COLÓ ar feadh 3 huaire an chloig.

Seomra	Cineál Seirbhíse	Aois na Leanaí	Líon na Leanaí	Spás atá ag teastáil in aghaidh an linbh (méadar cearnach)	Spás iomlán glan atá ag teastáil (méadar cearnach)
Seomra Leanaí	Seisiúnach	0 – 1	2	3.5	7.0
	Lá Iomlán	1 – 2	1	2.8	2.8
Seomra Leanaí Réamhscoile	Seisiúnach	2 – 3*	3	1.818	3.636
	Lá Iomlán	1 – 2	3	2.8	8.4
		2 – 3	6	2.35	14.1
		3 – 4*	7	1.818	12.726
Seomra Montessori	Séasúrach	3 – 6	3	1.818	19.998
	Lá Iomlán	3 – 6*	8		
Spás iomlán urláir ghlain atá ag teastáil			33	Níl i gceist	68.66 méadar cearnach

* Tá gach leanbh ag baint leasa as scéim COLÓ ar feadh 3 huaire an chloig. Téann sé seo le riachtanais lánaimseartha de 2.3 méadar cearnach tar éis na 3.5 uaire an chloig. .

Sampla 2: Níl aon pháiste ag baint leasa as scéim ECCE.

Seomra	Cineál Seirbhíse	Aois na Leanaí	Líon na Leanaí	Spás atá ag teastáil in aghaidh an linbh (méadar cearnach)	Spás iomlán glan atá ag teastáil (méadar cearnach)
Seomra Leanaí	Seisiúnach	0 – 1	2	3.5	7.0
	Lá Iomlán	1 – 2	1	2.8	2.8
Seomra Leanaí Réamhscoile	Seisiúnach	2 – 3	3	1.818	3.636
	Lá Iomlán	1 – 2	3	2.8	8.4
		2 – 3	6	2.35	14.1
		3 – 4	7	2.3	16.1
Seomra Montessori	Seisiúnach	3 – 6	3	1.818	5.45
	Lá Iomlán	3 – 6	8	2.3	18.4
Spás urláir ghlain iomlán a theastaíonn			33	Níl i gceist	75.89 méadar cearnach

Inniúil:

An cumas, an t-eolas nó an scil atá riachtanach chun rud éigin a dhéanamh go rathúil.

Tugtar sainmhíniú air seo san [Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005](#) mar “dhuine a mheastar gur duine inniúil iad a bhfuil ... taithí agus eolas leordhóthanach ag an duine is feiliúnaí le tabhairt faoi nádúr na hoibre”.

Conraitheoir:

Maidir le Seirbhís Luathbhlianta, is conraitheoir é duine a dhéanann obair sa tseirbhís faoi chonradh - comhaontú foirmiúil. Ciallaíonn sé seo go mbíonn rochtain ag conraitheoirí ar leanaí, nó gur féidir leo teagmháil a dhéanamh le leanaí, atá ag freastal ar an tseirbhís - mar shampla, daoine a dhéanann ceardlann leis na leanaí, nó daoine a dhéanann obair sa tseirbhís nach mbaineann go díreach leis na leanaí (mar shampla, le haghaidh deisiúcháin). Ní mór maoirseacht a dhéanamh ar chonraitheoirí i gcónaí nuair a bhíonn leanaí timpeall orthu. Tá rochtain gan mhaoirsiú do-ghlactha.

Ionadaí:

Duine atá ceaptha chun dualgais eile (de ghnáth duine os cionn) a dhéanamh i gcás neamhláithreachta an duine eile. Ní mór don duine sin na riachtanais cháilíochta agus grinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh, agus a bheith ábalta an tseirbhís a rith mura bhfuil an t-oibreoir aonair as láthair. Ní duine éigeandála é an t-ionadaí.

Faisnéisiú:

An gníomh a bhaineann le heolas nua nó rúnda a nochtadh. De ghnáth, is eolas íogair agus eolas pearsanta a bhíonn i gceist. Teastaíonn nochtadh de réir an [Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin \(Leanaí agus Daoine Soghonta\) 2012](#).

Má fhaigheann an tseirbhís nochtadh próiseáilte ó eagraíocht iomchuí (mar shampla - Barnardos, Luath-Óige Éireann) a léiríonn ciontú taifeadta maidir le ‘hiarratasóir’, déanfaidh an fostaí machnamh ar an ábhar agus déanfaidh sé [measúnú riosca](#) cuimsitheach ar nochtadh grinnfhiosrúcháin próiseáilte an Gharda Síochána sula ndéanfar aon chinneadh maidir leis an duine sin a fhostú. Déantar an measúnú riosca a dhoiciméadú.

Tá nósanna imeachta nochtadha difriúla ag an Ríocht Aontaithe. Tá roinnt cineálacha nochtadha - nochtadh ‘bunúsach’ – nach dtugann dóthain mioneoilais.

Meastar anois gur cáipéis níos bailí é an [Teastas Idirnáisiúnta um Chosaint Leanaí](#) (ICPC) ná nochthead bunúsach sa Ríocht Aontaithe, toisc go bhfuil sé níos cuimsithí.

Is seiceáil taifid choiriúil é ICPC a dhéantar ar bhunachair sonraí póilíneachta agus faisnéise sa Ríocht Aontaithe a léiríonn aon chiontuithe nó cúiseanna maidir le cén fáth nár cheart do dhuine oibriú le leanaí. Seiceálfaidh [an Oifig Taifid Choiriúil ACRO](#) faisnéis phóilíneachta agus déanfaidh sé cinneadh an eiseofar ICPC bunaithe ar an bhfaisnéis sin. Moltar faisnéis ón Ríocht Aontaithe a dhéanamh cothrom le dáta trí ICPC a fháil, áit a bhfuarthas nochthead bunúsach roimhe seo.

Stiúrthóir:

Ball de bhoird na ndaoine a bhainistíonn nó a dhéanann maoirseacht ar ghnóthaí gnó.

Ciallaíonn stiúrthóir, maidir le soláthraí cláraithe ar cuideachta chorparáideach é, stiúrthóir mar atá sainmhínithe in [Acht na gCuideachtaí 2014 \(Uimh. 38 de 2014\)](#) agus, i gcás bord bainistíochta a bunaíodh faoi [Alt 14 den Acht Oideachais 1998 \(Uimh. 51 de 1998\)](#), gach ball den bhord.

Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ):

Sainmhíníonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RGLÓ) an clár COLÓ mar “chlár uilíoch atá ar fáil do gach leanbh taobh istigh den raon aoise incháilithe.” Cuireann sé an chéad eispéireas foirmiúil ar luathfhoghlaim ar fáil dóibh sula dtéann siad chuig an mbunscoil. Cuirtear an clár ar fáil trí huaire an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain thar 38 seachtain ó Mheán Fómhair go Meitheamh gach bliain. Tá trí phointe iontrála ann i rith chlár na bliana - Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán.

Caithfidh seirbhísí cúraim leanaí a ghlacann páirt sa scéim COLÓ clár oideachais réamhscoile cuí a sholáthar a chloíonn le prionsabail Síolta, an creat náisiúnta um chúram agus oideachas Luathbhlianta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag: www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?DocID=1143.

Bainistíocht éifeachtach:

Bealach chun seirbhís a reáchtáil ar na caighdeáin is airde agus is féidir maidir le cúram agus sábháilteacht, agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní. Cuireann bainistíocht éifeachtach i suíomh seirbhíse luathbhlianta seirbhís atá dírithe ar leanaí, atá éifeachtach agus atá sábháilte ar fáil trí:

- » pleanáil a dhéanamh ar bhonn leanúnach, obair leanúnach a dhéanamh, measúnú agus forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís;
- » bealaí oibre sa tseirbhís a bhfuil tionchar acu ar leasanna, roghanna agus riachtanais na leanaí a fhorbairt;

- » timpeallacht foghlama na seirbhíse a struchtúrú ionas go mbeidh rochtain ag an leanbh ar thimpeallacht mhaith agus ar ábhair forbartha agus foghlama;
- » an tseirbhís a eagrú ionas go bhfaighidh leanaí tacaíocht, cabhair agus dúshláin a theastaíonn uathu;
- » ag cur gach feidhm seirbhíse ar fáil de réir deachleachtas bainistíochta, reachtaíocht ábhartha, rialachán agus polasaí náisiúnta chun gach leanbh a chosaint agus a leas a chur chun cinn.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag bainistíocht éifeachtach na hiompraíochtaí foirne seo a leanas a bhaint amach:

- » Léireofar meas do gach duine a bhfuil baint acu leis an tseirbhís de gach cultúir, aicme nó creideamh agus gan idirdhealú a dhéanamh taobh istigh den tseirbhís.
- » Na caighdeáin eiticiúla agus na treoirlínte gairmiúla ábhartha a úsáid agus a leanúint.
- » Oibriú mar chuid den fhoireann laistigh den tseirbhís, agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht oscailte chomhoibríoch chun smaointe a ghiniúint agus fadhbanna a réiteach.
- » Go bhfuil siad gairmiúil ina gcuid oibre, mar shampla trí chaighdeáin a choinneáil i rúndacht, íogaireacht agus meas do pháistí, do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí agus do chomhghleacaithe.
- » Go bhfuil siad tiomanta d'fhás leanúnach agus d'fhoghlaim.
- » Scileanna ceannaireachta atá oiriúnach do na ról a thaispeáint.
- » Teorainneacha gairmiúla a choinneáil maidir le caidrimh le foireann ábhartha, le leanaí agus le thuismitheoirí agus le caomhnóirí.
- » Rialú éifeachtach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn an tseirbhís leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin ábhartha.

Éigeandáil:

Cás tromchúiseach nó contúirteach, gan choinne, a gcaithfear dul i ngleic leis láithreach.

Fostaí:

Maidir le Seirbhís Luathbhlianta, is fostaí é duine atá tar éis dul isteach i gconradh, nó a oibríonn faoi chonradh, fostaíochta leis an [soláthraí cláraithe](#).

Sábháilteacht ó dhóiteán:

Sraith cleachtas atá beartaithe le fáil réidh leis an riosca tine nó é a laghdú, agus chun sábháilteacht áititheoirí a chinntiú agus damáiste a theorannú má tharlaíonn tine. Leagtar amach i Sábháilteacht Dóiteáin sna Réamhscoileanna 1999 na riachtanais aláraim dóiteáin do na cineálacha éagsúla seirbhísí réamhscoile. Féach ar an gcáipéis le heolas iomlán a fháil.

Mar achoimre:

- » Ní mór go mbeadh córas aláraim dóiteáin ag gach [áitreabh](#) a úsáidtear le haghaidh Seirbhísí Luathbhlianta chun fógra a thabhairt in am maidir le tine ag briseadh amach, agus chun a chinntiú go bhféadfar na bealaí éalaithe a úsáid go sábháilte.

Tá na haonaid aláraim glanscartha faoi chumhacht ag na haláraim deataithe leis an mbrath deataigh agus sreabhadh aláraim araon in aon aonad amháin. **Ní** aonad glanscartha é aláraim deataigh atá faoi chumhacht cadhnraí (nach bhfuil sreangaithe) agus níl sé sásúil d'aon chatagóir de sheirbhís réamhscoile.

- » Beidh córas aláraim dóiteáin bunaithe ar aonaid glanscartha leordhóthanach d'áitribh aon stóir ina bhfuil freastal de níos lú ná 20 leanbh.
- » Ní mór do chóras aláraim dóiteáin freastal ar riachtanais áirithe ag brath ar mhéid agus ar chastacht an fhoirgnimh. Féach na riachtanais atá de dhíth i dTreoir Theicniúil B – Sábháilteacht ó Dhóiteán ag: www.housing.gov.ie/housing/building-standards/tgd-part-b-fire-safety/technical-guidance-document-b-fire-safety.
- » Caithfidh córas aláraim dóiteáin a bheith ag an tseirbhís, córas a chlúdaíonn pointí glaoigh láimhe chun an aláraim a bhaint, fuaimnitheoirí aláraim, brath uathoibríoch deataigh nó teasa trí bhrathadóirí chomh maith le trealamh agus cáblaí rialaithe agus léirithe atá lonnaithe go cuí. Tá siad seo ag teastáil le haghaidh na bhfoirgneamh seo a leanas:
 - foirgnimh aon stóir ina a ndéantar freastal ar níos mó ná 20 leanbh; agus
 - áitribh ilstórach.
- » Tugtar ard-tosaíocht do naíonáin agus leanaí atá ina gcodladh nuair a chaithfear foirgneamh a fhágáil mar gheall ar thine.
- » Ní mór d'áiteanna codlata agus scíthe na seirbhíse cloí le riachtanais sábháilteachta dóiteáin na n-údarás áitiúil.

Garchabhair:

Cuirtear garchabhair ar fáil i gcás inar gá cabhair a thabhairt chun:

- » an saol a chaomhnú nó torthaí tinnis nó gortú a íslíú go dtí go dtiocfaidh cúnamh leighis; agus
- » cóir leighis a chur ar ghortú beag nach dteastaíonn cúnamh leighis uaidh.

Níl toiliú i scríbhinn ó [thuismitheoirí nó caomhnóirí](#) ag teastáil le garchabhair a chur ar fáil sa tseirbhís.

Ní stóráiltear cógais, uachtair ná ungthaí sa bhosca garchabhrach mar d'fhéadfaidís bannaí, plástar a éilliú, chomh maith le baol ionfhabhtaithe a chruthú.

Freagairt Garchabhrach (FGC):

Freagairt Garchabhrach agus an Freagróir Garchabhrach.

Bhunaigh an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil (PHECC) an caighdeán um Fhreagairt Garchabhrach. Cuireann sé oiliúint ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a dteastaíonn sraith scileanna garchabhrach uathu, lena n-áirítear 'céad fhreagairt chairdiach' – is é sin, [garchabhair](#) a sholáthar do dhuine a dtagann taom croí air nó saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcroí. Tá an caighdeán PHECC deartha chun freastal ar riachtanais gharchabhrach agus buntacaíochta beatha agus d'fhéadfaí go dteastódh sé seo ó 'Fhreagróir Garchabhrach' i gcásanna éigeandála. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: www.phecit.ie/Images/PHECC/Career%20and%20Education/Education%20Standards/STN006%20First%20Aid%20Response%20V1.pdf.

Aithníonn Tusla an Caighdeán Oideachais agus Oiliúna Freagartha Garchabhrach PHECC **nuair** a chuireann soláthraí oiliúna atá ceadaithe ag PHECC ar fáil é. Breathnaítear air mar an caighdeán a theastaíonn leis an rialachán i seirbhísí Luathbhlianta cláraithe a chomhlíonadh. Bronntar an dá theastas PHECC/FAR Institiúid Aitheanta ar gach rannpháirtí cúrsa ar éirigh leo sa chúrsa. Téann an teastas in éag tar éis dhá bhliain. Féadfaidh iarrthóirí athdheimhniú a fháil ansin más mian leo.

Ón 1 Meitheamh 2020, chun freastal ar an riachtanas rialála maidir le Rialachán 25, ní mór go mbeadh duine amháin ar a laghad a bhfuil teastas FGC (Freagairt Garchabhrach) acu ar fáil do na leanaí i gcónaí. Tá líon na ndaoine atá oile i FGC agus atá ar fáil le haghaidh freagairt garchabhrach bunaithe ar [mheasúnuithe riosca](#) na seirbhíse, lena n-áirítear méid na seirbhíse agus na guaiseacha a aithníodh. Nuair a sholáthraíonn seirbhís fianaise go bhfuil duine a bhfuil teastas i FGC acu agus tá an duine sin ar fáil do na leanaí i gcónaí, measfar go bhfuil an riachtanas rialála comhlíonta.

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil (PHECC):

Is é PHECC an rialálaí le haghaidh seirbhísí éigeandála leighis (EMS) in Éirinn a bhfuil a ról acu an pobal a chosaint. Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách é PHECC le freagracht ar chaighdeán, oideachas agus ar oiliúint i gcúram éigeandála réamhospidéil. Coinníonn PHECC clár reachtúil de chleachtóirí seirbhísí éigeandála leighis (EMS) chomh maith. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: www.phecit.ie/

Bia agus deoch – bia sláintiúil:

Coinnítear sláinte mhaith agus fás trí éagsúlacht bianna cothaitheacha a ithe go rialta. Tá treoirínte maidir le bia sláintiúil le haghaidh leanaí idir 1 - 5 bliana d'aois á bhforbairt ag an Roinn Sláinte. Tá go leor bealaí ag seirbhísí chun soláthar bia agus amanna béile a eagrú. Glactar le bord ar a bhfuil sneaiceanna déanta as bia dea-chothaitheach, chomh fada agus a chomhlíontar riachtanais mholta chothaithe laethúla an linbh. Ní mór cloí le réamhchúraimí sábháilteachta bia freisin.

Málaí fáis:

Málaí codlata inchaite do naíonáin agus do leanaí óga. Tá málaí fáis feiliúnach do leanaí faoi 2 bhliain d'aois atá ina gcodladh i suíomh cúraim leanaí, ar an gcoinníoll go bhfuil na málaí:

- » an saghas ceart do na leanaí atá á gcaitheamh, agus
- » caite de réir a ndearaidh – is é sin, tá na lámha curtha trí na poill ascaillí agus tá an cloigeann ag teacht amach as na poill don chloigeann.

Tá málaí fáis ar fáil i dtiús éagsúla le haghaidh séasúir éagsúla. Má úsáidtear málaí fáis, caithfidh siad a bheith de mheáchan atá feiliúnach le leanbh a choinneáil te agus é ina chodladh agus nach mbeidís ag róthéamh. Ní mór treoracha an déantóra a leanúint. Má úsáidtear málaí codlata leanbh, ní féidir aon chochall a bheith air, ba cheart go mbeadh sé an-éadrom agus an méid ceart thimpeall ar an muineál le nach sleamhnóidh an leanbh isteach taobh istigh den mhála.

Guais:

Rud ar bith a d'fhéadfadh a bheith ina chúis gortaithe nó drochshláinte – mar shampla, substaintí ceimiceacha, innealraí contúirteacha atá ag bogadh nó bagairtí ar fhoréigean ó dhaoine eile.

Imdhíonacht Tréada/Imdhíonacht Daonra:

Cosnaíonn vacsaíní daoine ó ionfhabhtú, agus, dá bharr sin, is lú seans go mbeidh siad ina bhfoinse ionfhabhtaithe do dhaoine eile. Ar an mbealach seo, is féidir le daoine nach bhfuil imdhíonta, nó iad siúd nach féidir a bheith imdhíonta, leas éigin a bhaint as an gclár [imdhíonta](#).

Cathaoireacha arda:

Ní mór do chathaoireacha arda a chuirtear ar fáil:

- » úim sábháilteachta a bheith acu nuair a chuirtear an leanbh sa chathaoir ard, agus tá an crios cosanta ceangailte i gceart;
- » bonn leathan agus tráidire glasála slán a bheith acu, chomh maith le barra nó garda gabhála chun leanbh a chosc ó shleamhnú síos agus a bheith sáinnithe idir an tráidire agus an suíochán;

- » a bheith infhillte agus gléas glasála a bheith aige a chuireann cosc ar an gcathaoir ard ó thitim anuas;
- » a bheith curtha le chéile agus cothabháilte de réir threoracha an déantóra. (Áirítear leis sin meas a bheith ar na srianta a bhaineann le haois agus le meáchan leanaí);
- » a choinneáil i bhfad ón mbord, ón gcuntar, ón mballa nó ó dhromchla eile ionas nach féidir leis an leanbh iad a úsáid le cordaí nó ábhair a d'fhéadfadh a bheith contúirteach a bhrú anuas nó breith orthu; agus
- » a bheith glanta tar éis gach úsáide.

Imdhíonadh:

Duine a dhéanamh frithsheasmhach in aghaidh ionfhabhtaithe trí úsáid a bhaint as vacsaín. In Éirinn, níl sé riachtanach go mbeadh leanaí imdhíonta (vacsaínithe) de réir an [Sceidil Náisiúnta Imdhíonta](#). Is faoin tuismitheoir atá sé sin. Ach tá sé thar a bheith inmhianaithe go mbeadh leanaí vacsaínithe de réir an sceidil ach amháin má tá cúis leighis ann a chuireann cosc leis sin. Bíonn leanaí nach bhfuil faoi vacsaín ag brath ar [imdhíonacht tréada](#) le cosaint ar ghalar. Caithfidh an [soláthraí cláraithe](#) a bheith ar an eolas faoi na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís atá vacsaínithe agus na leanaí nach bhfuil. Tá sé seo tábhachtach ionas gur féidir na leanaí sin atá vacsaínithe a chosaint ar an mbealach is fearr má bhriseann galar tógalach amach taobh istigh den tseirbhís.

Teagmhas:

Imeacht neamhghnách neamhpheanáilte a bhféadfadh toradh gortaithe, breoiteachta nó damáiste a bheith air nó a d'fhéadfadh cur isteach ar oibríochtaí gnáthsheirbhíse.

Measúnú riosca aonair:

Measúnú ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le leanbh agus a riachtanais aonair. Cuirtear measúnú riosca aonair i gcrích má tá ceann de dhíth mar gheall ar riachtanais aonair an linbh - mar shampla, leanbh a bhfuil ailléirgí, riachtanais leighis, saincheisteanna bainistíochta iompair, agus mar sin de orthu. Tá measúnú riosca aonair mar chuid de Phlean Cúraim Aonair an linbh agus coinnítear é i dtaifead aonair an linbh.

Ábhair a bhfuil cosc orthu mar áiseanna codlata do leanaí (2 bhliain d'aois agus níos óige):

Leagtar amach san eolas seo a leanas na nithe nach bhfuil feiliúnach do leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois a bheith ina gcodladh iontu, agus míníonn siad cén fáth nach bhfuil siad feiliúnach.

Ní úsáidtear na hearraí seo a leanas mar shaoráid chodlata ag an tseirbhís:

Suíocháin gluaisteán, bugaithe nó naíchóistí agus iompróirí leanaí: Níl siad seo beartaithe ach do thréimhse ghearr ama amháin. Níl siad feiliúnach mar thimpeallacht chodlata rialta do naíonáin agus do leanaí de bharr:

- » go gcuireann siad teorainn le gluaiseacht nádúrtha an linbh;
- » gur féidir le codladh agus an leanbh ina shuí (nó ina leathshuí) cloigeann an linbh a chur chun tosaigh, agus, ar an mbealach sin, srian a chur ar a n-aerbhealaí agus é a dhéanamh deacair dóibh anáil a tharraingt;
- » go bhféadfadh leanbh sleamhnú síos agus dul i bhfostú sna strapaí.

Tochtanna agus leapacha inséidte nó leabaí uisce: Mar gheall ar an mbaol atá ann go bhféadfadh leanbh dul i bhfostú nó plúchadh, ní cheadaítear na hábhair seo i seirbhísí. Níl siad seasmhach, ní thugann siad aon tacaíocht don chorp agus ní cheadaíonn siad gluaiseacht éasca.

Piliúir, cúisíní agus málaí suí: á cosc ar na hábhair seo mar bhunús codlata. Tá [riosca](#) plúchta ag na hábhair seo. Ba chóir do leanbh codladh ar dhromchla crua, cothrom agus saor ó [ghuaiseacha](#).

Toilg agus cathaoireacha: Ní chinntítear sábháilteacht, compord agus tacaíocht fhisiciúil naíonán leis na hearraí sin – mar shampla, d'fhéadfadh leanbh sleamhnú ó philiúr isteach sa bhearna ar chúl an toilg, nó a bheith gafa idir tolga agus balla.

Cliabháin taistil agus cliabháin iniompartha: Tá riosca ag baint leis na hábhair seo do leanaí ó thaobh titim nó an leanbh dul i bhfostú. Tá siad seo deartha le húsáid ó am go chéile ach tá srian uasmheacháin orthu. Tá líontáin ar thaobh an chuid is mó de na cliabháin taistil atá deacair a ghlanadh agus a choinneáil, rud a chruthaíonn riosca féideartha frídíní. Is féidir leis na taobhanna líontáin síneadh amach taobh amuigh den chliabhán agus breith ar bhaill de choirp an linbh (cos nó lámh) i suíomh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Ní sholáthraíonn tochtanna do chliabháin taistil dromchla compordach do leanbh codladh air go rialta.

Níl cliabháin bunc nó cliabháin inchruachta: feiliúnach le húsáid mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

Saincheisteanna Sábháilteachta:

Níl aon chaighdeán sábháilteachta ar eolas do chliabháin bunc in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe. Ní heol caighdeán faoi chliabhán bunc, ní féidir le tomhaltóir a bheith cinnte go bhfuil sé sábháilte leanbh a chur ann le sos nó codladh ann. Níl aon fhianaise ann maidir le haon déantóir nó miondíoltóir de chliabhán bunc in Éirinn, agus is cosúil nach bhfuil ach déantóir cliabháin bunc amháin sa Ríocht Aontaithe. Deir an chuideachta sin i bhfiseán ar a láithreán gréasáin go gcloíonn an cliabhán leis an gCaighdeán Eorpach EN 716/1. Cé gurb é an caighdeán Eorpach do chliabháin ná EN 716-1:2008+A1:201 agus is é an caighdeán Eorpach do leapacha bunc ná EN747:2012, níl aon chaighdeán ann do chliabháin bunc.

Má thiteann leanbh ina chodladh in aon cheann de na gléasanna seo, caithfear iad a aistriú láithreach chuig cliabhán nó dromchla codlata ceadaithe eile.

Láimhsiú:

Faoin rialachán maidir le Láimhsiú Ualaí i SI 299 de 2007, ní mór d'fhostóirí bearta iomchuí a thógáil, nó na modhanna cuí a úsáid, chun láimhsiú sábháilte a sheachaint ina bhfuil riosca i gceist. Tá dualgais eile ann ina bhfuil sé riachtanach go dtugann an fostóir faoi [mheasúnú riosca](#) ar thascanna láimhsithe, agus na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun riosca a sheachaint nó a laghdú agus na tosca i Sceideal 3 den Rialachán a chur san áireamh. Is sampla de ghníomhaíocht a chaithfear measúnú a dhéanamh air é leanbh a chrochadh isteach agus amach as cliabhán. Is dóigh go bhfuil leibhéil ard riosca i gceist má tá ar an bhfostaí cromtha isteach sa chliabhán nach bhfuil socrú d'ardú inathraithe ag an gcliabhán chun greim maith a fháil air.

Baol ar Thitim agus Tiontú:

Tá baol ann go dtitfeadh leanbh atá sa bhunc ar bharr síos. Is féidir le naíonáin a thiteann ó airde de roinnt troithe rith fola ionchráiníacha a fháil - is é sin, fuiligh tromchúiseach taobh istigh den bhlaosc. D'fhéadfadh leanbh sa bhunc níos ísle a bheith gortaithe má bhuaileann siad a cheann ar bhonn an chliabháin atá os a cionn. Tá baol ann freisin go gcasfadh cliabhán bunc os a chionn má dhreapann leanbh air, nó má bhíonn siad ag spraoi air nó má tharraingíonn siad é.

Rialú Ionfhabhtuithe:

Ní féidir an spás molta de 50cm (leathmhéadar) idir cliabháin a bhaint amach nuair atá 2 chliabhán bunc ceangailte lena chéile, agus tá sé seo ag ardú an riosca traséillithe (scaipeadh na baictéir). Féach [Bainistiú Galar Tógálacha in Áiseanna Cúram Leanaí agus Socruithe Cúram Leanaí eile](#).

Ábhair sa Chliabhán:

Is féidir le hábhair neamhriachtanacha agus ábhair i gcliabháin a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leanbh an riosca timpiste a ardú. Ba chóir go mbeadh cliabháin glan ó gach ábhair, mar shampla bréagáin, socraitheoirí codlata, piliúir, bumpair agus éadaí leapa scaoilte. Is féidir leis an leanbh éadaí leapa scaoilte a tharraingt ó am go chéile thar a gcloigeann, nó iompú faoi bhun an philiúir nó ar bhréagán bhog agus plúchadh mar gheall air sin agus iad ina gcodladh. Is iad na pluideanna cadáis ceallacha is oiriúnaí. Féach 'Codladh Sábháilte do do Leanbh: An Riosca Báis Cliabháin a Laghdú' –

www.healthpromotion.ie/hpfiles/docs/HPM00078.pdf.

An Príomhdhuine:

Is é seo an duine a dtéitear chuige i ngach cás. I gcomhthéacs na seirbhísí Luathbhlianta, is ball foirne é an príomhdhuine ar féidir le leanbh aonair a aithint mar chara. Is cur chuige cúraim é seo ina dtugtar oideachasóir faoi leith do gach leanbh, oideachasóir a bheidh ina dhuine ar féidir leis an leanbh dul chuige in aon chás. Cothaíonn an duine seo caidreamh cairdiúil leis an leanbh ionas go mbraitheann an leanbh go bhfuil caidreamh aige leis an duine sin, tá an leanbh muiníneach as an duine sin agus tá aithne ag an leanbh ar an duine sin. Is é an príomhdhuine an príomhchumarsáidí leis an [tuismitheoir nó an caomhnóir](#).

Aoisghrúpaí Measctha

Tá na riachtanais maidir leis an gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí leagtha amach i Sceideal 6 de Rialacháin 2016. Is iad na cóimheasa ná an **t-íoslíon** daoine fásta a theastaíonn chun maoirseacht a dhéanamh, aire a thabhairt agus obair go díreach leis na leanaí sa tseirbhís. Tá an [soláthraí cláraithe](#) freagrach as a chinntiú go mbíonn daoine fásta leordhóthanach ag obair go díreach leis na leanaí sa tseirbhís i gcónaí.

D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine fásta ag teastáil le hobair go díreach leis na leanaí, ag brath ar aoiseanna na leanaí, a gcéim forbartha, a gcuid riachtanas faoi leith agus má thugtar faoi ghníomhaíochtaí áirithe - mar shampla, [turaí](#) taobh amuigh bunaithe ar [mheasúnú riosca](#). Ní chuirtear cóimheas singil i bhfeidhm go haonfhoirmeach nuair a dhéantar freastal ar raon measctha d'aoiseanna in aon seomra amháin; meastar riachtanais do gach raon aoiseanna ina áit sin.

Sampla:

Seomra	Cineál Seirbhíse	Aois na Leanaí (blianta)	Líon na Leanaí	Cóimheas idir daoine fásta agus leanaí	Daoine fásta atá ag teastáil
Seomra Leanaí	Seisiúnach	0 – 1	2	1:3	0.6
	Lá Iomlán	1 – 2	1	1:5	0.2
Iomlán do sheomra leanaí			3		0.8 = (duine fásta amháin)
Seomra Leanaí Réamhscoile	Seisiúnach	2 ½ – 3	3	1:11	0.27
	Lá Iomlán	1 – 2 ½	3	1:5	0.6
		2 ½ – 3	6	1:6	1.0
		3 – 4	4	1:8	0.5
Iomlán do Sheomra Réamhscoile			16		2.37 = (33 dhuine fásta)
Seomra Montessori	Seisiúnach	3 – 6	11	1:11	1.0
	Lá Iomlán*	3 – 6	8	1:8	1.0
Iomlán do Sheomra Montessori			11		2.0 = (2 dhuine fásta)
Líon Iomlán			30		5.17 = (6 6 dhuine fásta)

* Má bhíonn na 8 leanbh a fhreastalaíonn ar bhonn cúraim lae lánaimseartha ag baint úsáid as an gclár COLÓ/Seisiúnach (suas go dtí 3.5 uair an chloig), beidh an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí de 1:11 i bhfeidhm maidir le gach leanbh ar feadh tréimhse 3.5 uair an chloig an chláir, agus ina dhiaidh sin téann na cóimheasa ar ais chuig 1:8.

An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin:

Soláthraíonn an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúcháin (seiceáil agus scagadh) thar ceann eagraíochtaí a fhostaíonn daoine le bheith ag obair go lánaimseartha, go páirtaimseartha, ar bhonn deonach nó ar bhonn socrúcháin mic léinn le leanaí nó le daoine fásta soghonta. Ní mór don fhostaí féideartha, iarratas i scríbhinn a dhéanamh tríd an eagraíocht a bhfuil a réimse oibre comhcheangailte - mar shampla, Barnardos, Luath-Óige na hÉireann. Soláthraíonn an Biúró faisnéisiú grinnfhiosrúcháin do Thuaisceart Éireann agus do Phoblacht na hÉireann araon.

Ba cheart do Sheirbhísí Luathbhlianta atá ina gcomhaltaí de Chumann Luath-Óige Éireann (ECI) teagmháil a dhéanamh go díreach le hiarratais ghrinnfhiosrúcháin a phróiseáil. www.earlychildhoodireland.ie/work/operating-childcare-service/garda-vetting/.

Is féidir le Seirbhísí Luathbhlianta nach bhfuil ina mbaill d'eagraíocht teagmháil a dhéanamh le Barnardos. Míneoidh Barnardos an próiseas do na hiarratasóirí siúd a ndéantar an grinnfhiosrúchán dóibh trí Sheirbhís Grinnfhiosrúcháin Barnados: www.barnardos.ie/what-we-do/our-services/specialist-services/vetting-service.html.

Galar infhógartha:

Aon ghalair a chaithfear, de réir an dlí, a thuairisciú d'údaráis. Is galar infhógartha, ionfhabhtaíoch é galar atá ar liosta na ngalar (agus a gcúiseanna) agus atá sna Rialacháin um Ghalar Aicídeacha 1981 agus na leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin. Tá liosta de na [galair infhógartha](#) ar fáil ag: www.hpsc.ie/notifiablediseases/. Tabharfaidh an [soláthraí cláraithe](#) fógra den ghalair tógálacha do [Tusla](#) nuair a dhéanann an Roinn Sláinte Poiblí, FSS, teagmháil leis an tseirbhís, agus tá comhairle tugtha acu a deir go bhfuil cás dearbhaithe, de réir mar atá liostáilte, ag an tseirbhís. Cuirfidh an Roinn Leigheas Sláinte Poiblí in iúl duit faoi cad atá le déanamh maidir le réamhchúraimí atá le glacadh i d'áitreabh agus leanúint suas le teagmhálacha agus nósanna imeachta.

Fógraí ar Thimpistí agus Teagmhais:

[Timpiste](#) nó [eachtra](#) a thuairisciú do na húdaráis.

Ní mór do sholáthraithe cláraithe fógra a thabhairt do [Tusla](#) i scríbhinn maidir le haon timpiste nó eachtra a tharlaíonn mar trí úsáid a bhaint as an [bhFoirm um Theagmhas a Fhógairt](#), atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Tusla. Ní mór é seo a dhéanamh taobh **istigh de thrí lá oibre** tar éis don tseirbhís a bheith ar an eolas faoi aon cheann de na timpistí nó na heachtraí seo a leanas a tharla sa tseirbhís:

- » Bás linbh fad is a bhí siad ag freastal ar an tseirbhís, lena n-áirítear bás linbh san ospidéal tar éis dóibh aistriú chuig an ospidéal ón tseirbhís.
- » Timpiste nó eachtra a tharlaíonn sa tseirbhís a dhúnann an tseirbhís ar feadh aon tréimhse ama mar gheall air.
- » Dúnadh neamhphleanáilte sa chás ina gcaithfidh an tseirbhís dúnadh de bharr imeachtaí gan choinne. Is é sin, caithfidh an tseirbhís dúnadh gan choinne. D'fhéadfadh sé seo a bheith ar chúiseanna pearsanta (mar shampla - bás duine muinteartha), nó ar chúis ar bith eile - mar shampla, píopa pléasctha sa tseirbhís, tosca seachtracha, agus mar sin de).

- » Gortú tromchúiseach do leanbh agus iad ag freastal ar an tseirbhís a dteastaíonn cóireáil leighis láithreach uathu ó [lia-chleachtóir cláraithe](#) san ospidéal nó ar bhealach eile.
- » Teagmhas a ndeachaigh leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís ar iarraidh dá bharr.
- » Diagnóis go bhfuil galar tógálach ag leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís, [fostaí](#), oibrí gan phá, [conraitheoir](#) nó duine ar bith eile atá ag obair sa tseirbhís, galar atá liostaithe mar infhógartha sna Rialacháin um Ghalair Aicídeacha 1981 agus na leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin.
- » Cuirfidh an [soláthraí cláraithe](#) in iúl do Tusla faoin ngalar tógálach trí ríomhphost a chur ar ey.registration@tusla.ie nuair a dhéanann an Roinn Sláinte Poiblí, FSS, teagmháil leis an tseirbhís, agus tá comhairle tugtha acu a deir go bhfuil cás dearbhaithe, de réir mar atá liostáilte, ag an tseirbhís. Cuirfidh an Roinn Leigheas Sláinte Poiblí in iúl duit faoi cad atá le déanamh maidir le réamhchúraimí atá le glacadh i d'áitreabh agus leanúint suas le teagmhálacha agus nósanna imeachta.

Polasaí Iontrála Oscailte:

Polasaí 'ní theastaíonn coinne' chun deachumarsáid a spreagadh. Ciallaíonn polasaí iontrála oscailte, go ginearálta, nach gá coinne a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar an tseirbhís. Is féidir le [tuismitheoirí agus caomhnóirí](#) na leanaí glaoch isteach ag an tseirbhís ag am ar bith fad is atá an tseirbhís ag feidhmiú. Is faoin [soláthraí cláraithe](#) atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le polasaí iontrála oscailte.

Turais:

Imeachtaí nuair atá leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís faoi smacht na seirbhíse ach nach bhfuil siad san [áitreabh](#).

Turais - Measúnú Riosca:

An cóimheas idir daoine fásta agus leanaí do thurais. Tá an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí leagtha síos do gach turas bunaithe ar mheasúnú riosca. Caithfear cinneadh a dhéanamh faoi na ceisteanna seo a leanas:

- » [Rioscaí](#) agus [guaiseacha](#) féideartha a bhaineann leis an turas.
- » An líon daoine fásta a theastaíonn chun maoirseacht a dhéanamh agus sábháilteacht na leanaí luathbhlianta uile a chinntiú.
- » Riachtanais bhreise na leanaí.
- » Rochtain phoiblí, más gá.
- » Bainistiú ar na rioscaí go léir a aithníodh roimh an turas.
- » Na polasaithe agus na nósanna imeachta ábhartha ar fad sa tseirbhís.
- » Riachtanais árachais.

Tuismitheoir nó Caomhnóir:

Is tuismitheoir é máthair nó athair nádúrtha nó uchtála an linbh. Is duine eile é an caomhnóir - ní na tuismitheoirí nádúrtha nó uchtála - a bhfuil cearta dlí agus freagracht an linbh orthu. Is iad na tuismitheoirí pósta comhchaomhnóirí a gcuid leanaí - ní athraíonn idirscaradh nó colscartha é seo. Má thugtar cúram an linbh do dhuine (tuismitheoir, caomhnóir nó duine eile atá freagrach de réir an dlí), d'fhéadfadh sé go dteastódh cáipéisí dleathacha uathu mar fhianaise - mar shampla, ordú coimeádta nó caomhnóireachta. Tá ordú coimeádta nó caomhnóireachta eisithe de réir an Achta um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015 agus an Achta um Chaomhnóireacht Naíon 1964.

An duine i gceannas:

An duine atá i gceannas ar an tseirbhís ó lá go lá. D'fhéadfadh sé seo go mbeadh an [soláthraí cláraithe](#), nó an bainisteoir, nó duine ainmnithe eile mar an duine i gceannas. Má tá seirbhís mar cheann de go leor seirbhísí, caithfidh duine amháin a bheith i gceannas i ngach [áitreabh](#).

Áitreabh:

Foirgnimh, tailte, gairdíní agus mar sin de. Maidir le Seirbhís Luathbhlianta, cuimsíonn áitreabh foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh agus aon oifigí taobh amuigh, clóis, gairdíní nó talamh atá in aice leis na bhfoirgnimh agus atá faoi úinéireacht an áitribh (ach nach n-úsáidtear iad ar mhaithe le sochar).

DCCÉ (QQI): Is gníomhaireacht Stáit é

Is gníomhaireacht Stáit é [Dearbhú Caighdeán agus Cáilíochtaí Éireann](#), agus áirítear lena gcuid cuspóirí na cuspóirí a tugadh faoi roimhe seo ag:

- » Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC);
- » Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC);
- » Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB); agus
- » Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI).

Tá DCCÉ freagrach as an NFQ leibhéal 10 (Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) a choinneáil. Is foras cáiliúcháin é DCCÉ chomh maith agus leagann sé caighdeán síos maidir le gradaim a dhéanann DCCÉ sa NFQ.

Déanann DCCÉ cláir oideachais agus oiliúna a dhearbhu agus bronnann siad go leor bronntaí san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear sna Boird Oideachais agus Oiliúna. Déanann DCCÉ bronntaí in Ardoideachas chomh maith, go príomha d'fhoghlaimeoirí cláraithe ar chúrsaí a sholáthraíonn soláthraithe príobháideacha. Déanann na hollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta a

gcuid bronntaí féin den chuid is mó. Cuireann DCCÉ comhairle ar fáil maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí Éireannacha thar lear. Is cuid de chuspóirí DCCÉ freisin é eolaire soláthraithe bronntaí sa NFQ a fhoilsiú.

Taifead:

De ghnáth, is cuntas i scríbhinn nó leictreonach ar eolas agus imeachtaí é sin. Ciallaíonn ‘Taifead’ faoi Rialachán 2, aon taifead a choinnítear faoi Rialacháin, lena n-áirítear aon taifead leictreonach, leabhar, cárta, foirm, téip, scannán, nóta nó aon taifead i bhfoirm bhuan, lena n-áirítear taifead nach bhfuil i bhfoirm inléite, ach a mbeifear in ann a athchruthú i bhfoirm inléite (mar shampla, taifeadtaí gutha ar féidir iad a thras-scríobh i bhfoirm théacs). Chomh maith leis sin, sainmhínítear taifead de réir an [Achta um Shaoráil Faisnéise 2014](#). Caithfidh aon taifead a shealbhaítear go leictreonach a bheith ar fáil, inrochtana, in-aisghafa agus caithfear a bheith ábalta é a athchruthú arís i bhfoirm inléite. Déantar cur síos ar thaifead leictreonach i bhfoclóir Béarla Oxford mar thaifead a fhaightear nó a choinnítear trí mheán ríomhaire nó gléas leictreonach eile.

Clár:

An liosta de Sheirbhísí Luathbhlianta Cláraithe a bunaíodh agus a choinnítear de réir [Alt 58C den Acht um Chúram Leanaí, 1991](#).

Lia-chleachtóir cláraithe:

Dochtúir leighis nó speisialtóir atá cláraithe le Comhairle Leighis na hÉireann.

Tá an bhrí chéanna ag lia-chleachtóir cláraithe is atá aige in [Acht na Lia-Chleachtóirí 2007](#).

Soláthraí cláraithe:

An duine a bhfuil a ainm ainmnithe sa chlár ar aon dul le halt 58C de [Chuid 12 den Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh 2013](#) mar dhuine a sholáthraíonn Seirbhís Luathbhlianta. Is é an soláthraí cláraithe an duine a shínigh an fhoirm iarratais chlárúcháin agus tá sé/sí freagrach go dlíthiúil as an tseirbhís a fheidhmiú i gcomhréir leis an reachtaíocht faoi na Rialacháin 2016 agus faoin Acht.

Foireann Ábhartha:

[Foireann](#) íochta agus neamhíochta, [conraitheoirí](#) nó duine ar bith a dteastaíonn eolas faoin tseirbhís uathu ar aon dul lena ról agus freagrachtaí.

Riosca:

An seans nó an fhéidearthacht a bhaineann le contúirt, caillteanas nó gortú.

Measúnú riosca:

Cáipéis scríofa a dhéanann taifead ar phróiseas trí chéim:

1. Na [rioscaí](#) a aithint a seachnaíonn [guaiseacha](#).
2. Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a chuireann guaiseacha chun cinn.
3. Bearta rialaithe a chur i bhfeidhm chun an riosca go ndéanfadh na guaiseacha dochar a laghdú.

Seomra:

Cuid nó roinn d'fhoirgneamh atá faoi iamh ag ballaí, urláir agus síleáil.

Gortú tromchúiseach:

Gortú dona a tharla do leanbh agus iad ag freastal ar an tseirbhís a dteastaíonn cóireáil leighis láithreach uathu ó [lia-chleachtóir cláraithe](#) san ospidéal nó ar bhealach eile.

Seirbhís Luathbhlianta Sheisiúnach:

Seirbhís Luathbhlianta a chuireann clár pleanáilte ar fáil do leanaí ar feadh tréimhse nach mó na 3.5 uair in aghaidh an tseisiúin.

[Síolta:](#)

Is é Síolta an Creat um Cháilíocht Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige a d'fhorbair an tIonad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Titim bhog:

Dromchla maolaire turrainge a laghdaíonn tionchar an titim. Lean treoirlínte an déantóra maidir le láthair agus soláthar an dromchla talún cuí le haghaidh trealamh tí. Ba chóir go gcloífeadh dromchla talún le haghaidh trealamh tráchtála do shúgradh taobh amuigh leis na riachtanais mar atá sonraithe sna treoirlínte ábhartha atá ag an [Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann](#).

Foireann:

Grúpa daoine a oibríonn d'eagraíocht nó do ghnó.

Maoirseacht foirne:

Próiseas ina gcuirtear freagracht ar oibrí amháin, de ghnáth oibrí le níos mó taithí, oibriú le hoibrí eile (nó oibrithe) lena chinntiú go gcomhlíonann siad cuspóirí áirithe eagrúcháin, gairmiúla agus pearsanta. Is iad na cuspóirí seo ná inniúlacht, feidhmíocht fhreagrach, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíocht phearsanta.

Dalta:

I gcomhthéacs na Seirbhísí Luathbhlianta, baineann an téarma ‘mac léinn’ le haon duine atá ag glacadh páirt ar chúrsa a chuireann eagraíochtaí a sholáthraíonn cláir deimhnithe, a dtagann bronntaí DCCÉ Leibhéal 5 nó níos airde ar an NFQ as nó bronnadh comhionann den chineál céanna, ar fáil. D’fhéadfadh cláir a bheith san áireamh a chuireann na heagraíochtaí seo a leanas ar fáil:

- » soláthraithe príobháideacha agus poiblí; agus
- » an earnáil oideachais tríú leibhéal.

Breathnaítear ar dhaltaí Idirbhliana atá páirteach in Idirbhliain cheadaithe i meánscoil atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar mhic léinn chomh maith. **Féach freisin:** [oibrí gan phá](#).

Rochtain Ábhair (RA):

Is ceart an duine é faoi Shaoráil Faisnéise (An Ríocht Aontaithe) iarratas ar Rochtain Ábhair chun an t-eolas (más ann) atá coinnithe fúthu sa Ríomhaire Náisiúnta Póilíneachta (PNC) a iarraidh. Ní ghlactar le tuarascáil rochtana ábhair mar ghrinnfhiosrúcháin póilíní ón Ríocht Aontaithe. Tá Alt 56 den Acht um Chosaint Sonraí na Ríochta Aontaithe deartha chun daoine aonair a chosaint i gcoinne Rochtain Ábhair Forfheidhmithe. Déanann an chuid seo ina chion coiriúil é sa Ríocht Aontaithe iarraidh ar dhuine tuarascáil Rochtana Ábhair a fháil d’aon ní seachas a n-úsáid phearsanta féin. Dúnann sé seo bealaí éalaithe d’fhostóirí ionchasacha iarraidh ar bhaill foirne ábhartha rochtain ar ábhair a fháil seachas bealaí grinnfhiosrúcháin foirmeálta a d’fhéadfadh eolas a thabhairt dóibh nach raibh siad i dteideal a fheiceáil go dlíthiúil.

Áirítear le Rochtain Ábhair eolas pearsanta, sonraí neamh-chiontaithe, fíorais neamhchiontacha agus eolas eile a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ionchais na daoine sin.

Mar achoimre, tá Rochtain Ábhair ann le go mbeidh duine aonair in ann eolas a fháil fúthu féin agus ní hamháin ar mhaithe le húsáid tríú páirtí. Is é [ICPC](#) an doiciméadú a theastaíonn do ghrinnfhiosrúcháin póilíneachta na RA agus ní do rochtain ábhair.

Féach freisin: [faisnéisiú](#).

Tusla – An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh:

An ghníomhaireacht Stáit tiomanta atá freagrach as leasa agus torthaí a fheabhsú do leanaí. Bunaíodh Tusla faoin [Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh 2013](#).

Oibrithe neamhíoctha:

Maidir le Seirbhís Luathbhlianta, is iad na hoibrithe neamhíoctha ná daoine a oibríonn sa tseirbhís ach nach n-íocann an [soláthraí cláraithe](#) iad as a gcuid oibre – mar shampla, [mic léinn](#) agus oibrithe deonacha.

Bailíochtú:

Próiseas chun dlíthiúlacht nó cruinneas doiciméad a sheiceáil nó a léiriú. Is é an [soláthraí cláraithe](#) a shíníonn agus a chuireann dáta ar an gcáipéis atá á mbailíochtú. Is téarmaí iad na téarmaí bailíochtaithe, deimhnithe, dearbhaithe, seiceáilte agus grinnfhiosrúcháin a úsáidtear go hinmhalartaithe.

